

Biseach **2006**

40 Bliain

Cumann Forbartha Chois Fharraige

Ar an bhfód



CÉ THU FÉIN?
CE THU FÉIN?

Stáisiún leatsa, scéalta leatsa.

TG 4
Súil Eile



***Buaiteoirí Ghradaim Chumarsáide an
Oireachtais 2006:***

Adhmhaidin, Clár na Bliana

Gemma Ní Chionnaith, Pearsa Raidió na Bliana

Mártan Ó Ciardha, Colúnaí na Bliana

Liam Mac Con Iomaire, Buaic Ghradam

Cumarsáide an Oireachtais

www.rte.ie/rnag

92 - 94 FM & 102.7FM

Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo.

Ag soláthar seirbhísí airgeadais don phobal

Is fiú go mór duit a bheith i do bhall

- Seirbhís ATM ar fáil
- Seirbhís Malartú Airgid (FEXCO)
- Córas billí a íoc
- Ráta iomaíoch úis ar iasachtaí bíodh siad beag nó mór
- Gan costas ná táille á ghearradh ar na seirbhísí
- Rátaí tarraingteacha ar do choigilteas
- Clúdach árachais saoil saor in aisce ar d'iasachtaí
- Is leis na baill féin an Comhar Creidmheasa

Tar isteach agus labhair linn ag aon am, beidh fáilte romhat.

Bíonn muid ar oscailt ar na laethanta seo a leanas

	Oifig an Chnoic	An Cheathrú Rua	Tír an Fhia
Dé Luain	10.30 – 4.00		
Dé Máirt	10.30 – 4.00		
Déardaoin	10.30 – 5.00	10.30 - 5.00	
Dé hAoine	10.30 – 5.00	10.30 - 5.00	12.30 – 1.30
Dé Sathairn	9.30 – 2.30		

Bíonn an oifig dúnta i gcomhair lóin óna 2.00 i.n. - 2.30 i.n. ó Luan go hAoine.

Bíonn oifig Thír an Fhia oscailte ar an Aoine, óna 12.30 i.n. go dtí 1.30 i.n.

Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.



Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo., An Cnoc, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
Teil: (091) 593421. Faics: (091) 593089. Ríomhphost: ccccteo@eircom.net

Biseach

Cumann Forbartha Chois Fharraige

2006

Eagarfhocal

Cé gur cheap mé fhéin go raibh mé an-fhásta agus eolach ag an am, ag breathnú siar anois air ní raibh ionam ach seanghasúr agus mé ag obair le Cló Chois Fharraige i lár na seachtóidí. Ní raibh aon ríomhairí ná meaisíní galánta priontála san áit an uair sin, gan dabht, agus ní bheadh go ceann tamaill ina dhiaidh sin, ach fós féin bhí sprioc curtha os ár gcomhair go mbeadh leabhar nua Gaeilge á cur ar fáil do na scoileanna in aghaidh na míosa.

Níl mé cinnte ar éirigh linn an aidhm uasal sin a bhaint amach i gcónaí, ná riamh, ach aistríodh cuid mhaith téacsleabhar sna blianta sin a raibh Cló Chois Fharraige ag feidhmiú agus is iomaí sin scoil ar fud na tíre a bhain úsáid astu. Fiú nuair a chuaigh Cló i léig, bhain formhór na daoine a bhí ag obair san áit slí bheatha fhiúntach amach sa gceantar nó go háitiúil i gConamara ina dhiaidh sin.

Bhí cuid mhaith rannóga eile ag oibriú go fiúntach faoin am sin – portaigh, uisce, Clódóirí, FSO agus Coláistí Lurgan i rith an tsamhraidh – borradh aisteach fostaíochta in áit nach raibh mír meacain ar fáil tamall beag de bhlianta roimhe sin. Ach ní raibh muide ar fad ach ag baint leasa as an saothrú fadradharcach a bhí déanta ag an gCumann Forbartha agus ag muintir na háite ó 1966 ar

aghaidh agus iad ag gríosadh, ag spreagadh agus ag éileamh a leithéid de dhul chun cinn don cheantar.

Faraor, tá cuid de na daoine breátha a chur tús leis an réabhlóid sin imithe uainn ar Shlí na Fírinne anois ach ní ligfear a gcuid oibre i ndearmad go deo. Ar ndóigh tháinig daoine maithe ina n-áit le greim a choinneáil ar an rópa, tá siad ann go fóill agus iad ag saothrú leo chomh dian is a bhí riamh.

Ní hé stair Cumann Forbartha Chois Fharraige atá sa leagan seo de Bhiseach, ná tada mar é – beidh lá eile ann chuige sin. Comhartha aitheantais agus buíochais atá ann den dá scór bliain oibre atá déanta ag an gCumann agus ar bhain leis i bParóiste an Chnoic. Aitheantas freisin atá ann don chúnamh a fuair an ceantar ó dhaoine mórchroíocha in eagrais stáit agus eile ag tráthanna den tsaol nach raibh an comhoibriú agus an dea-thoil chomh fairsing i gcoitinne sna bólaí sin is atá le blianta beaga anuas.

Tá saothar déanta ach tá cuid mhaith eile fós le saothrú amach romhainn. Bíodh misneach agus díograis na mblianta atá caite ina ábhar misnigh agus spreagúlachta dúinn le tabhairt faoi na dúshláin sin ionas go bhféigfidh muide an oidhreacht chéanna ag óige na linne seo agus a d'fhág an dream a tháinig romhainn.

Clár

Ábhar	Lch.
Ráiteas an Chathaoirligh	3
Dhá Scór Bliain	4
Cumann Forbartha	9
Séamus Ó Conghaile	17
Agóid	19
Filí Óga	25
<i>Carnivale</i> na bPleotaí	27
Glór na nGael, 2001	34
Glór na nGael, Béal Feirste	36
Smaointe an Iarchathaoirligh	39
An Cumann Drámaíochta	40
Na Máistrí	43
Lá Oidhreacht	51
Tearmann Éanna	52
Comórtas Peile na Gaeltachta ...	57
Liathróid Láimhe	61
Seanscéal	67
Paidreacha agus Rannta	69
Suirbhéireacht	70
Malibu	71
Imithe Amú	72
Forbairt	73
Cogar an tSaibhris	81
Céard a tharla i 1966?	82
Páipéir Bhána	83
Ardchomhrá	102
An tEalaíontóir	103
Na Sféir Sheoda	105



*Ar chlé:
Forbairt na Seanscoile á phlé
ag Joe Steve Ó Neachtain;
Donncha Ó Gallchóir, T.D.
(nach maireann) a bhí ina
Aire Gaeltachta ag an am
agus an tAth. Micheál Ó
Flannabhra, S.P., mar aon
lena gComhairleoirí. As an
gcreatlach agus as an bhfís
sin a tháinig an t-áras
álainn atá anois againn.*

*Thíos:
Coláiste Lurgan agus an
Eastát Tionsclaíochta ar an
gCnoc tamall deas de
bhlianta ó shin.*



Ráiteas an Cathaoirligh

Seán Ó Ráighne

Fiche bliain a' teacht

Fiche bliain ar stad

Fiche bliain ar meath

Fiche bliain ar chuma dó ann nó as

Tá an dá scór bliain bainte amach ag Cumann Forbartha Cois Fharraige i mbliana agus níl na focla “stad” ná “meath” ar chlár na cruinnithe fós – thuas seal thíos seal b'fhéidir, ach ag treabhadh leis i gcónaí ar mhaithe le pobal Chois Fharraige.

Is iomaí cloch timpeall an cheantair a bhfuil iontú baint astu ó thosaigh an cumann agus a scéal fhéin acu uilig. Bhuel níl sé i gceist agamsa stair an chumainn a insint anseo cé go bhfuil stair aige a bhfuil fiúntas ag baint leis mar tá sé mar eiseamláir thábhachtach d'aon phobal a bheadh ag iarraidh a cheantar fhéin a chur chun cinn. Tá iarracht déanta san eagrán seo de Bhiseach blaiseadh beag den stair sin a thabhairt dhíbh, áfach.

D'imir an chumann tionchur nach beag ar imeachtaí áitiúla, Gaeltachta agus naisiúnta agus chuaigh an tionchur sin i bhfeidhm go fábharach ar phobal an cheantair seo, ar phobal na Ghaeltachta agus ar phobal na Gaeilge. Tá creistiúint mhór ag dul do na daoine uilig a thóg páirt sa gCumann Forbartha agus an iliomad cumann eile atá ag



Seán Ó Ráighne

treabhadh cúrsaí difriúla sa gceantar a cabhraigh ar bhealach ar bith leis na hiarrachtaí agus leis na beartais fhorbartha a chuir an Cumann rompu – nár laga Dia

sibh. Beidh an cruinniú cinn bhliana againn i mí na Samhna agus bheadh sé go deas cúpla éadan nua a fheiceáil ag teacht agus ag glacadh páirt “ar fhaitíos go dtosóidh an meath”.

Tá comóradh céid Mháirtín Uí Cadhain ar siúl i mbliana freisin agus mar pháirt de sin tá athfhoilsiú san eagrán de “Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca” agus cé go foilsíodh é ar dtús i 1969 tá a chuid smaointe fós tráthúil agus is fiú go mór iad a léamh arís. Tá súil agam go bainfidh sibh taitneamh as an eagrán speisialta seo de Bhiseach agus os rud é go bhfuil muid fhéin imithe ar an mbóthar céanna leis na siopaí móra agus Biseach amuigh níos luaithe arís i mbliana, níl le déanamh agamsa ach Nollaig mhór mhaith a ghuí oraibh go léir, agus go mbeire muid beo ar an am seo arís.

Forbairt Dhá Scór Bliain

Biseach agus Athfhás

Micheál Ó Flannabhra S.P.

Is iad na cuimhní atá agam ar Chois Fharraige ag teacht aniar ag tús na seascaidí. An droichead caol cúng idir Baile na hAbhann agus an Tulaigh ar Bhóthar an Rí, a chuirfeadh moill ar dhuine. Roinnt ban a fheiceáil ag siúl abhaile ar an mbóthar mór, iad cromtha ag iompar dhá bhuicéad uisce an duine ón tobar. An comhartha mór éadóchais ag éisteacht le daoine ag an am ag caint ar an mBád Bán agus Bánú na Gaeltachta i mbéal an phobail.



Duaiseanna Ghlór na nGael 2001

I measc an tslua bhí (ó chlé) Micheál D. Ó hUiginn, T.D.; An Feisire Eorpach, Seán Ó Neachtain; Na Comhairleoirí Seán Ó Tuairisg agus Connie Ní Fhatharta; Pádraig Ó Héalaí, Cathaoirleach an Chumainn ag an am; An Dr. Iognáid Ó Muircheartaigh, Uachtarán O.É.G.; An tAth. Tadhg Ó Móráin a chaith seal fada i bparóiste an Chnoic.



Ó chlé Timín Joe Tim Ó Curraidhin, Dónal Mac Giolla Bhríde, Máirín Mhic Ghiolla Bhríde, Breandán Ó Tuairisg.

Tá na trí cinn sin leigheasta anois, buíochas mór le Dia. Tá seolta an Bháid Bháin stríoctha, an droichead leathnaithe agus níl aon chall dul ag an tobar níos mó mar gheall ar chóras uisce reatha a bheith curtha i chuile theach sa bparóiste ag Comharchumann Shailearna Teo. B'fhiú, i mBiseach 2006, an dul chun chinn mór atá déanta sa gceantar seo le dhá scór bliain a liostáil, Teach Aniar, Biseach, Athfhás agus Gaisce atá le cur san áireamh. Ar ndóigh "Is fearr an gaisce a mhaítear ná an gaisce nach ndéantar".

I gceantar na Tulaí tá na foirgnimh mhóra nach raibh ann cheana le feiceáil anois, mar shampla TG4, agus ó thuaidh uaidh, An Halla, An Scoil Mhór, Páirc mhór imeartha, Cúirt Leadóige agus Cispheile. Tá Séipéal Cholmcille le feiceáil – an chéad shéipéal in Éirinn agus sa mBreatain a tógadh leis an altóir i dtreo an phobail. Ó thuaidh uaidh sin bhí Tí Wallace na dtaibhsí, ach le gairid leagadh é agus ar an suíomh céanna tá Ionad Lae, Ionad Sláinte, Aireagal Phóil ina bhfuil naoi n-arásán do dhaoine faoi míbhuntáiste le riachtanais speisialta agus scór teach beaga tógtha ag Coiste na nAosach dá bhfuil sean. Ó dheas uaidh tá Aerfort na Tulaí agus ó thuaidh uaidh sin tá Eastát an Údaráis ina bhfuil saothrú le fáil ag roinnt mhaith. Tá dlí na mBláca

curtha ar ceal agus páigh mhaith le fáil ar obair lae. Ar fhaitíos go mbuailfeadh an féar gortach duine, tá dhá thábhairne chaon taobh den fhorbairt mhór leis an ocras a leigheas agus an tart a mhúchadh. Sa gceantar céanna sa samhradh bíonn Coláiste Gaeilge faoi lán seoil agus suim mhór ag na mná tí a choinníonn Gaeilgeoirí ina leithéid.

Ar an taobh thoir den pharóiste tá dhá Choláiste Gaeilge agus an pobal thar a bheith mórálach as a bhfuil á dhéanamh do chaomhnú agus buanú na teanga sa tír. Tá Coláiste Cholmcille ag déileáil le hoideachas dara leibhéal, Scoil Sailearna mar bhunscoil agus idir an péire sna hAille tá Seanscoil Sailearna faoi chúram Chomharchumann

Shailearna Teo. i mbun oibre ag freastal ar Naíonra, Naíolann agus Cúrsa Oideachais tríú leibhéal faoi threoir Acadamh na hOllscoile, Gaillimh. Tá Amharclann Chois Fharraige tógtha ar an suíomh céanna agus neart fostaithe ag cúrsaí FÁS agus Sóisialta. I dtaobh fostaíochta, tá dhá eastát an Údaráis sa gCoill Rua agus sna hAille agus saothrú le fáil ag roinnt mhaith idir mhná agus fir iontu. Tá dhá theach dhéag déanta ar an gCnoc le freastal ar Aosach an cheantair agus ó dheas uaidh tá Coláiste Lurgan le seirbhís a chur ar fáil chuile bhliain do na mílte Gaeilgeoirí.

An Óige

Maidir le freastal ar riachtanais Óige an cheantair, tá Cumann Peile Mhicheál Breathnach thar a bheith gníomhach ag seirbhísiú Cúrsaí Peile, Iománaíochta, Camógaíochta agus Liathróid Láimhe. Tá Páirc Imeartha agus Cúirt Liathróid Láimhe ann cheana féin agus tá Spórtlann den scoth ar na bacáin faoi láthair. Tá foirgneamh mór eile tógtha ar aghaidh Shiopa an Phobail agus b'shin é an Comhar Chreidmheasa agus baint mhór ag an gcóras iasachta agus infheistíochta atá acu le forbairt mhór Chois Fharraige. Cinnte tá biseach tagtha agus Athfhás le feiceáil sa gceantar le dhá scór bliain.

Ag cuimhneamh siar ar an dul chun cinn, ní mór aitheantas a thabhairt go poiblí do na ceannródaithe uilig sa bpobal a throid lena aghaidh, do na coistí



Ó chlé Treasa Uí Chonaire, Mairéad Uí Fheineadha, Máire Ní Chonghaile, Máire Ní Fhlathartaigh agus Clár Uí Chonghaile



**Uachtarán na hÉireann, an Dr Pádraig Ó hIrghile,
ag bronnadh Craobh na hÉireann i gComórtas Ghlór na nGael 1987/88 ar Pharóiste an Chnoic**

Ina seasamh, ó chlé tá An tAth. Alfonsus Ó Cualáin, Breandán Ó Tuairisg, Gearóid Denvir, Paddy Mhatt Mac an Iomaire, Beirtí Ó Finneadh, Seán Mhicil Ó Conghaile, An tAth. Pádraig Audley, Tony Ó Loinsigh, Pádraig Willie Ó Fátharta, Seán Ó Mainnín, Máire Denvir, Colm Mharcais Ó Cualáin, Joe Steve Ó Neachtain, Mánas Ó Conghaile, Dolores Uí Scolaí, Séamas Ó Fátharta agus a iníon Caoilfhionn, Pádraig Tim Ó Conghaile, Beirtí Uí Bhaoill, Liam Puirseál, Jean Uí Fhátharta, Séamas Ó Scolaí. Ina suí, ó chlé: Peigín Dairbe Ní Chéidigh, An tAth. Micheál Mac Aodha, Peadar Mac an Iomaire, An Dr. Pádraig Ó hIrghile, Bernadette Uí Mhuirí agus Brian Ó Baoill.

Ceann de Choistí an Chumainn Fhorbartha

Thíos, ó chlé: Tony Ó Loingsigh, Pádraic Willie Ó Fatharta, Seán Mhicil Ó Conghaile, Máirtín Ó Cadhain (Údarás na Gaeltachta), Breandán Ó Tuairisg, Peadar Mac an Iomaire, Séamas Ó Fátharta agus Tomás Ó Scanláin.





Gradam

*An Dr. Iognáid Ó Muircheartaigh
Uachtarán Ollscoil
na hÉireann Gaillimh
ag bronnadh
príomhdhuais Ghlór
na nGael ar Phádraig
Ó Héalaí
Cathaoirleach
Chumann Forbartha
Chois Fharraige*

uilig, idir CST, Cumann Forbartha Chois Fharraige, Coiste na nAosach, Cumann Mhicheál Breathnach, Club Lurgan agus Comhar Chreidmheasa Cholmcille a bhí ag comhoibriú leis na Ranna Stáit thar na blianta lena leithéid a fhorbairt. Tá an t-aitheantas sin tugtha cheana féin ag Glór na nGael nuair a tugadh an chéad áit in Éirinn faoi dhó do Phobal an Chnoic sa gComórtas Náisiúnta. Ní fás aon oíche a bhí i gceist. Tá aitheantas tuillte ag súilín draíochta ár gceannródaithe lena leithéid sin d'fhís a fheiceáil roimh ré agus misneach a bheith acu le hallas agus am a chaitheamh ag cruinnithe oíche leis an bhfís sa tsúilín draíochta a bheith le feiceáil le súile cinn ar talamh. Níor lig siad a maidí le sruth riamh agus níor thug siad cead do bhéal an láí meirg a dhéanamh ach oiread. Cinnte tá Pobal an Chnoic faoi chomaoín mhór ag na gaiscígh sin.

Éacht

Tá éacht oibre déanta i gCois Fharraige thar na blianta. Tá saothrú le fáil sa mbaile anois ach tá athrú tagtha cheana féin ar éileamh do chineál saothrú eile seachas na monarchana. Saothrú trí sheirbhísiú atá pobal-lárnaithe agus teanga-bhunaithe. Tá an fócas nua seo tagtha aníos ó na coistí agus tá sé tógtha ar bord ag na Ranna Stáit. Tá sé thar a bheith spéisiúil go bhfuil

beirt iarbhainisteoirí comhar-chumainn, Éamon Ó Cuív agus Pádraic Ó hAoláin mar Phríomhstiúrthóirí ar Bhád na Gaeltachta faoi láthair. Ní hé an biseach amháin ar sheanghalar dhífhostaíochta na Gaeltachta atá i gceist sa bhfócas nua seo ach athfhás agus atógáil ar an saibhreas atá ann – An Pobal agus an Teanga. Seo thíos dhá shampla den athfhás nó den fhócas nua sin.

Tá an Ollscoil tagtha go dtí pobal na Gaeltachta in áit phobal na Gaeltachta a bheith ag freastal ar Ollscoil sa gcathair agus iad slogtha siar i mbéal na cathrach. Beidh Ionad Tacaíochta Teaghlaigh ó thuaidh de

Shéipéal an Chnoic an dara sampla. Tá an fócas curtha ar bhuanú agus ar chaomhnú na teanga sa mbaile ar dtús agus tar éis athfhás agus athmhúnlú na n-acmhainní nádúrtha, saothrú de chineál eile a chur ar fáil i bhfad ó bhaile.

Ghlac pobal Chois Fharraige úinéireacht ar a thodhchaí tá dá scór bliain ó shin ann. Tá géarghá faoi láthair d'fhoireann nua baton na freagrachta a ghlacadh chucu féin agus a shíneadh ar aghaidh go dtí glúin eile. Ba mhór an peaca dá mbeadh lúb ar lár i slabhra leanúnach na freagrachta céanna. Sin é dúshlán ár linne.



*Treasa Ní Churraoin (Uí Ghiobúin anois)
agus Pádraic Mac an Rí (nach maireann) in oifig an Chomharchumainn, 1979.*

GAILLIMH



AN CHEATHRÚ RUA



CARNA



GAOTH DO BHAIR



Tá réimse leathan cúrsaí fochéime agus iarchéime le fáil ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge.

“Déanfaidh muid gaisce le chéile”

Tá tuilleadh eolais le fáil ó

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

Ollscoil na hÉireann

Gaillimh

Tellfaón: 091 492428 / Facs: 091 526509

Ríomhphost: cal@ona.nicheobhlin@acgallimh.ie

Wébfón: www.acadamh.ie



Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
National University of Ireland, Galway

ACADAMH
na hOllscolaíochta Gaeilge

Cumann Forbartha Chois Fharraige

Ní raibh aon choiste pobail ná cumann forbartha ag feidhmiú i gCois Fharraige i dtús na seascaidí. Tháinig sagart darbh ainm an tAthair Seán de Bláca go dtí an Cnoc in áit an Athair Pádraig Ó Ruadháin S.P., a bhí tinn ag an am. Ba chapall oibre é agus chuir sé roimhe feabhas a chur ar shaol na ndaoine agus cur le háiseanna sa gceantar. D'fhógair sé ón altóir go raibh cuireadh á thabhairt aige do mhuintir an pharóiste le coiste pobail a bhunú. Bhí an chéad chruinniú poiblí faoin ábhar seo sa séipéal ar 6 Márta 1966. Sa séipéal a bhí sé mar nach raibh aon áit oiriúnach eile sa cheantar le haghaidh cruinnithe. Ar an gCéadaoin dar gcionn, an 9 Márta, bhí an chéad chruinniú ag Coiste Chumann Forbartha Chois Fharraige.

Ag an gcoiste sin ceapadh;
An tAthair Seán de Bláca féin mar Uachtarán,
Seán Ó Mainnín, Príomhoide na Gairmscoile mar Chathaoirleach,
Pádraig Mac Con Ríogh, siopadóir, mar Leaschathaoirleach,
Peadar Mac an Iomaire, mac léinn ollscoile, mar Rúnaí
agus Seán Tuohy, máistir poist agus siopadóir mar Chisteoir.
B'iad baill eile an choiste:
Seán Ó Tuairisg, Tomás Ó Maoileoin, Pádraicín Chóil Ó Fátharta, Pádraig Ó Coisdealbha, Maidhc Cheannabháin, Meáirt Churraidhín, Seán Ó Srutháin, Peadar Ó Loideáin, Colm Ó Céidigh agus Tadhg Ó Curraidhín.

Rinneadh liosta oibreacha amach a thabharfadh Cumann Forbartha Chois Fharraige fúthu ina dtréimhse oifige bliana.

Ar an liosta oibre sin bhí; forbairt na turasóireachta, céibh a thógáil sa gceantar, bóthar na reilige a dheisiú, scoil náisiúnta nua a fháil, an séipéal a dheisiú, obair gheimhridh a sholáthar do mhuintir na háite, uisce poiblí a fháil don cheantar, iascaireacht farraige agus locha a fhorbairt, monarcha a fháil don áit, páirc pheile agus pinniúr liathróid

láimhe a chur ar fáil, feabhsú talún agus cur chrainte a scrúdú, portaigh a fháil, soilse poiblí, teorainn luais don cheantar agus leabharlann.

Bhí idir dhaoine óga idéalacha agus daoine a raibh cleachtadh na mblianta acu ar an saol agus ar an gcruatan ar Choiste Chumann Forbartha Chois Fharraige. De réir a chéile, tháinig spiorad pobail chun cinn taobh istigh agus taobh amuigh den chumann..

Chinn an tAthair de Bláca an séipéal a dheisiú agus cúnaimh a fháil ó chuile bhaile sa bparóiste leis an obair seo a dhéanamh. Chruthaigh sin ann féin spiorad pobail. Tosaíodh ag dul tríd an gclár oibre agus is go mall a bhí freagraí ag teacht ar iarratais an chumainn. Bhíodhas ag súil go meilfeadh muilte an stáit níos sciobtha ná mar a bhíodar ag meilt. Bhí sé go láidir in intinn an chumainn go raibh caomhnú agus neartú na Gaeltachta lárnach d'fhorbairt an cheantair.

Bhí Coimisiún na Talún tar éis Baile na nAille a straidhpeáil de bharr go raibh roinnt daoine as an mbaile sin tar éis talamh a fháil i gContae Chill Dara agus roinneadh a ngabháltais amach ar na húinéirí talún a bhí fágtha. Thug Coimisiún na

Talún suíomh 3 acra don Chumann Forbartha trasna ó Choláiste Cholm Cille. Tugadh an suíomh seo le haghaidh páirc imeartha a fhorbairt, ach fuarthas amach tar éis tamaill nach raibh sé rófheiliúnach do pháirc pheile agus mar sin, socraíodh go dtabharfaí d'Údarás na Gaeltachta é le hiad a spreagadh le monarcha a thógáil san áit a chuirfeadh fostaíocht ar fáil sa gceantar. Ag an am céanna, chuaigh an Cumann Forbartha ar thoscaireacht go dtí Ardeaspag Thuama, An Dr. Seosamh Breathnach agus gheall seisean go dtabharfadh sé suíomh as an talamh a bhí in ainm na hArd-deoise i nGleann an Chnoic le haghaidh páirc pheile.

Coláiste Lurgan

Ba thart ar an am céanna a bhí Pól Ó Foighil tar éis scaradh le Coláiste Chonnacht sa Spidéal agus fonn air coláiste dá chuid féin a bhunú. Cuireadh tús le Coláiste Lurgan le seomraí réamhdhéanta i nGleann an Chnoic i mí Iúil 1966.

Tar éis tamaill, fachtas go raibh clár an Chumann Forbartha ag dul chun cinn níos moille ná mar a shamhlaigh an coiste gur cheart dó a bheith agus mar sin, nuair a thug RTÉ dúshlán na Gaeltachta mar ionad



faoin am seo. Tuigeadh go mbeadh toghchán ann roimh dheireadh an tsamhraidh 1969 agus chuathas i dteagmháil le daoine éagsúla ar mhaithe le hiarrthóir a roghnú don toghchán sin le go bhféadfaí clár Ghluaiseacht Chearta Sibhialta a chur os comhair an phobail agus vóta láidir agóide a fháil lena chinntiú nach bhféadfadh rialtas ar bith gan cluas a thabhairt d'éilíthe Gaeltachta uaidh seo amach. Bhí cairde na Gaeltachta de bhunadh na Gaeltachta agus cuairteoirí a thagadh go dtí an Ghaeltacht páirteach i dtacú le Gluaiseacht Chearta Sibhialta.

Gaeilge le linn na Féile Pádraig 1969, chuaigh roinnt daoine in aghaidh an bheartais sin agus cuireadh picéad ar Theach na bhForbacha ar 18 Márta 1969. An Domhnach dar gcionn, tugadh mórchruinniú le chéile i Seanscoil an Chnoic. Tháinig daoine ó Bhearna go Carna ag an gcruinniú sin. Ní raibh áit san ionad cruinnithe do leath na ndaoine a tháinig an lá sin. Chuir an slua mór iontas ar lucht

eagraithe an chruinnithe agus ba ag an gcruinniú sin a bunaíodh Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta. Rinne an cruinniú sin liosta amach de rudaí a bhí ag teastáil a dhéanamh i gConamara agus bhí tionchar mór ag an taithí a bhí faighte ag daoine ar Chumann Forbartha Chois Fharraige ar bhunú agus ar mhúnlú na Gluaiseachta i dtús a ré.

Bhí spiorad toghcháin san aer

Toghchán 1969

Ba é rúnaí an Chumann Forbartha, Peadar Mac an Iomaire, a toghadh mar iarrthóir le seasamh mar neamhspleách i dtoghchán na bliana 1969 agus as an naonúr a bhí sa rása tháinig sé sa cúigiú háit. Ba é an tAthair Seán de Bláca a d'ainmnigh Mac an Iomaire ar an bpáipéar ainmniúcháin. Bhí Mac an Iomaire agus a lucht tacaíochta cúramach gan Cumann Forbartha Chois Fharraige a

An Poitín Stíl

Tigh Phádraig Joe Joe Mac an Iomaire

An Lochán Beag, Indreabhán,
Co. na Gaillimhe

Tá Míle Fáilte Romhat!

Fón: 091-593114

cheangal rómhór le feachtas polaitíochta agus dá bharr sin, cinntíodh gur fheidhmigh an Cumann Forbartha gan mórán cur isteach air ó pholaitíocht. Go luath tar éis an toghcháin, bhí talamh na páirce peile agus an talamh a bhí timpeall air i gcontúirt a dhíolta le haghaidh óstán agus brú á thógáil ann. Cheap an Cumann Forbartha nárbh é leas mhná tí an cheantar go ndéanfaí an fhorbairt seo agus cuireadh go láidir ina choinne. Bhí de thoradh air sin

gur dhíol an deoise an talamh a bhí fágtha timpeall na páirce ar phraghas an réasúnach leis an bpobal agus gur tugadh suíomh na páirce peile saor in aisce don phobal.

I dtús na seachtóidí, i gcomhoibriú idir Pól Ó Foighil agus an Cumann Forbartha, cuireadh tús le comharchumann sa cheantar ar a tugadh Comharchumann Chois Fharraige. Bhí Coiste Uisce an Chnoic/Minna ag comhoibriú go dlúth leis an gCumann Forbartha

agus bhí an Cumann Forbartha ag úsáid a thionchair le daoine a mhealladh le páirt a ghlacadh sa ngrúpscéim uisce, Thug an Cumann Forbartha a lán tacaíochta do bhunú Chomharchumann Chois Fharraige. Ní mba thúisce feachtas amháin thart ag an gCumann Forbartha go dtí go raibh sé báite i bhfeachtas eile.

I dtús na seachtóidí bhí scoil an Chnoic go dona agus bhí an-ghá le scoil nua. Reáchtáil an Cumann Forbartha feachtas le scoil nua a fháil



Bunchloch Choláiste Lurgan á leagan, 8 Nollaig 1967.

agus chuaigh an feachtas sin chomh fada agus go ndeachaigh tuismitheoirí na scoile ar stailc trína gcuid páistí a choinneáil sa mbaile ón scoil go dtí go bhfuair siad geallúint ón Roinn Oideachais go gcuirfí tús le tógáil na scoile nua.

I measc éilithe Ghluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta agus Chumann Forbartha Chois Fharraige bhí, go mbunófaí Údarás Gaeltachta agus go mbunófaí raidió don Ghaeltacht. Bhí Cumann Díospóireachta Chois Fharraige ag feidhmiú sa Ghaeltacht seo sna tríochaidí agus sna ceathrachaidí. Bhíodh aeraíochtaí taobh amuigh de Scoil Náisiúnta an Chnoic chuile mhí Iúil agus thug sé sin spreagadh don óige a léirigh dóibh an saibhreas ceoil, amhránaíochta, agallaimh beirte agus filíochta a bhí sa cheantar. Chuidigh Comórtas Ghlór na nGael le pobal Chois Fharraige a chur i dteagmháil le pobail eile sa chomórtas. Thug sé fócas don chumann ar obair a chur i gcríoch trí chóras cinnte oibre a leanacht. Fuair an cumann freisin tacaíocht ó Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge le hÉigse Chonamara a reáchtáil i gCois Fharraige roinnt bhlianta i ndiaidh a chéile sna seachtóidí.

Bunaíodh Comhchoiste Ghaeltacht Chonamara ar iarratas ó Chumann Forbartha Chois Fharraige i 1970 ar mhaithe le coistí pobail sa Ghaeltacht a bheith eagraithe agus a bheith ina gcuid d'Údarás Gaeltachta. D'oibrigh an Comhchoiste i ngach paróiste i nGhaeltacht na Gaillimhe lena chinntiú go mbeadh coiste pobail tofa go daonlathach ag gach uile phobal. Thagadh an comhchoiste seo, a bhí comhdhéanta d'ionadaithe ó na coistí pobail éagsúla i nGhaeltacht na Gaillimhe, le chéile ar an gCeathrú Rua gach dhá mhí ó tús na seachtóidí go dtí gur bunaíodh Údarás na Gaeltachta. Chuaigh an comhchoiste i dteagmháil le pobail i nGhaeltachtaí eile le go ndéanfaí amhlaidh agus faoin am ar bunaíodh Údarás na Gaeltachta bhí an gréasán coistí seo ar fud na Gaeltachta.

Bhí a n-iris bhliantúil ag an gCumann Forbartha - 'Biseach'. Is léiriú an forás a tháinig ar an iris seo ón gcéad am ar foilsíodh í i 1967 go

dtí an lá atá inniu ann an éabhlóidiú atá tagtha ar an saol i gceantar feidhme an chumainn.

Comharchumann Shailearna

Nuair a d'éirigh Comharchumann Chois Fharraige as trádáil i 1983, bhí na coláistí Gaeilge, teach foilsitheoireachta, Clódóirí Lurgan, scéimeanna uisce, scéim forbartha portaigh agus áiseanna ionad díolta fearais oifige fágtha gan stiúir. Thug an Cumann Forbartha ceannrúdaíocht le go nglacfadh daoine éagsúla chucu féin atheagrú na n-oibreacha a bhí ag Comharchumann Chois Fharraige le nach mbeadh an fhoireann oibre ná an pobal thíos le héirí as trádáil an chomharchumainn.

Forbraíodh Clódóirí Lurgan le scaireanna ag an bhfoireann sa gcomhlacht. Bunaíodh coláistí Gaeilge éagsúla sna ceantair ina raibh Comharchumann Chois Fharraige ag feidhmiú iontu go dtí sin agus cuireadh comharchumann nua ar bun le freastal go speisialta ar na riachtanais a bhí ann na scéimeanna uisce agus na scéimeanna portaigh a reáchtáil. Réitigh an Cumann Forbartha an bealach do bhunú Chomharchumann Shailearna trí chuidiú i reáchtáil cruinnithe ar na bailte éagsúla sa bparóiste le tacaíocht a fháil le struchtúr a chruthú a chinnteodh go leanfadh cothabháil na scéimeanna uisce chun cinn. Bhí Comharchumann Shailearna bunaithe go láidir taobh istigh de 6 mhí ón am ar cuireadh tús leis i mí Feabhra 1984. Bhí comhairle agus tacaíocht an Chumann Forbartha do bhunú Chomharchumann Shailearna fíorthábhachtach. Thug an tArd-deoise suíomh agus foirgneamh Sheanscoil Sailearna ar láimh don Chumann Forbartha. Trí chomhoibriú idir an tÚdarás, an Comharchumann agus an Cumann Forbartha, tá Seanscoil Sailearna athchóirithe anois agus í mar áis thábhachtach don phobal agus d'fhorbairt ollscolaíochta trí Ghaeilge sa gceantar.

Thug an Cumann Forbartha £25,000 don Chomharchumann le cuidiú leis ionad pobail a dhéanamh sa tseanscoil. Chomh maith leis sin,

nuair a bhí straidhpeáil á dhéanamh ar thalamh sléibhe sna hAille, d'éirigh leis an gCumann Forbartha tacaíocht a fháil ó Choimisiún na Talún le roinnt acraí a fháil curtha le suíomh na scoile nua lena chinntiú go bhféadfaí páirc imeartha do na gasúir a bheith tógtha ansin chomh maith le háit a bheith ann d'fhorbairt nua ar an scoil de réir mar a theastódh sin.

Thug an Cumann Forbartha tacaíocht d'fhorbairtí éagsúla sa phobal de réir mar a bhí sin ag teastáil. Tugadh tacaíocht d'fhorbairtí mar Turasóireacht Chonamara agus Árann. Tugadh tacaíocht chomh maith d'fhorbairt imeachtaí don óige, d'fhlí agus do scríbhneoirí. Ba mhór é éileamh an Chumann Forbartha ar theilifís don Ghaeltacht a fháil agus freisin ba ón gCumann Forbartha a tháinig an t-éileamh i dtosach ar ollscolaíocht trí Ghaeilge sa Ghaeltacht sular thosaigh an feachtas i gceart i nGhaeltachtaí éagsúla na tíre.

Nuair a tháinig an tAthair Micheál Ó Flannabhra mar shagart pobail go Cois Fharraige, chuir sé roimhe cúnamh a chur ar fáil don aosach ina pharóiste mar a bhí déanta aige roimhe sin ar an bhFairche agus is de bharr a chuid oibre siúd agus an tacaíocht a d'eagraigh sé ó dhaoine agus ó eagraíochtaí eile a tháinig ann do Thearmann Éanna agus do Thearmann Ainnín.


Thug an Cumann Forbartha freisin tacaíocht do bhunú naíonra agus do bhunú na naíonlainne i gCois Fharraige. Thug sé tacaíocht do bhunú Mheitheal Forbartha na Gaeltachta agus Chumas agus freisin le blianta beaga anuas tá tacaíocht tugtha aige do phleanáil teanga ag leibhéal an phobail. Is eagraíocht é Cumann Forbartha Chois Fharraige a fhágann na gníomhaíochtaí éagsúla pobail faoi na sainghrúpaí atá ceaptha lena gcur chun cinn. Is í an áit ina mbíonn obair an Chumann Forbartha le feiceáil go soiléir le linn de mholtóireacht Ghlór na nGael a bheith ag tarlú. Is ansin a thugtar na coistí éagsúla le chéile faoi scáth an Chumann Forbartha ar mhaithe lena léiriú cén obair dheonach phobail atá ar siúl ó cheann ceann an cheantair seo ina bhfuil an Cumann ag feidhmiú ann.

Súil Siar

Ar dheis: Peige Dhiarmaid
Uí Chéidigh as Leithrinn
agus Attracta Ní Chadhain
as an gCnocán Glas – a
raibh baint éicint ag an Ath.
Ó Ceallaigh lena hainm, de
réir cosúlachta. Ba deirfiúr í
Attracta leis an údar Máirtín
Ó Cadhain.



Tuismitheoirí Pheige Dhiarmaid



Seantuismitheoirí Pheige Dhiarmaid

I rith na mblianta ...



*Taobh istigh de
chomhlacht
Maysteel.*

*Ócáid
cheiliúrtha ag
comhlacht
Rapire in
Indreabhán.*





Monarcha Hydromarine lá den tsaol. An aithníonn sibh aon duine?

B'shin é Pádraig Ó Céidigh thíos ar chlé?

Agus ar dheis tá Seán Ó Tuairisg ar an stiúir go paiteanta i gClódóirí Lurgan.





*Paddy Costello agus Mairéad Ní Chadhain
(Meaig a' Táilliúra), as an Lochán Beag, lá a bpósta.*

Séamus Ó Conghaile

Príomhoide Scoil na Tulaí 1980-2006

Bhailigh slua mór de phobal scoil na Tulaí le chéile ag Aifreann a bhí i Séipéal na Tulaí ar an 20ú lá de Mheitheamh chun saol fada múinteoireachta Shéamuis Uí Chonghaile a cheiliúradh agus chun chuile bheannacht a ghuí air agus é ag éirí as a phost.



Rang a 5 agus 6, 2005-2006

Chun tosaigh ó chlé: Karen Ní Dhonncha, Órlaith Ní Dhireáin, Aisling Ní Neachtain, Ann Marie Ní Fhátharta Áine Ní Dhubhghaill, Eimear Ní Mhaoileoin, Tríona Ní Dhiollúin, Niamh Ní Chonnacháin

Sa lár ó chlé: Evan Bleasdale, Sórcha Ní Fhátharta, Clíodhna Breathnach, Aoife Bolustrom, Mícheál Ó Conghaile, Mícheál Breathnach, Páraic Ó Curraoin, Diarmaid Ó Coisdealbha.

Ar chúil ó chlé: Síle Sórcha Ní Chonghaile, Máire Bríd Ní Chualáin, Seán Óg Ó Coisdealbha, Fiontán Ó Tuathail, Nathan Casburn-Trahan, Tomás Breathnach, Gearóid Ó Lorcáin, agus Séamus Ó Conghaile Príomhoide.

Bunscoile athraithe go mór ach thug sé faoi na hathruithe uilig go fonnmar. Ní hé an curaclam, áfach, an t-aon rud atá athraithe. Ba scoil 3 oide a bhí i Scoil na Tulaí i 1980 agus anuraidh bhí cúigear múinteoirí ranga ar an bhfoireann mar aon le múinteoir acmhainne agus múinteoir Tacaíochta Foghlama. I 1998 déanadh athchóiriú ar an scoil agus tógadh seomra uilfhiúntach agus seomra ranga breise. I mbliana fuair an scoil deontas chun 3 sheomra ranga nua a thógáil mar aon le hoifigí agus leithris agus tá súil an obair thógála a thosú go luath. Is mór an trua go raibh ar Shéamus éirí as a phost sula raibh an obair thógála seo críochnaithe. Le cúnamh Dé tá súil againn go dtabharfaidh sé cuairt orainn go minic. Guíonn muid chuile bheannacht air agus go dtuga Dia sláinte mhaith dó chun sonas agus aoibhneas a bhaint as na blianta atá amach roimhe.

Tá Séamus, arbh as Leitir Mealláin ó thúis dó, ina Phríomhoide ar Scoil na Tulaí ó mhí Márta 1980. Roimhe sin ba le muintir Shligigh a bhí sé ag plé. Thosaigh sé a shaol múinteoireachta i 1961 mar Phríomhoide i scoil bheag tuaithe i Sligeach ach ní raibh sé ann ach ar feadh bliana mar gur dúnadh an scoil. As sin chuaigh sé go dtí Scoil N. Iósaeif, Teampall Buí, Co. Shligigh, fós mar Phríomhoide agus ba ansin a d'fhan sé go dtí 1977 nuair a d'athraigh sé go dtí scoil 3 oide i Scoil Rath Laoi atá suite in Iascaigh, Co. Shligigh. Is as sin, trí bliana ina

dhiad sin, a tháinig sé go dtí an Tulaigh.

Fear mór peile agus iománaíochta é Séamus agus is iomaí leaid agus cailín óg a d'fhoghlaim scileanna na peile uaidh agus a lean orthu ag imirt tar éis dóibh an scoil a fhágáil. Ba múinteoir an-choinsiasach é agus theastaigh uaidh i gcónaí go mbeadh caighdeán ard léinn ag na gasúir agus iad ag fágáil na scoile.

Tá go leor athraithe feicthe ag Séamus ó thosaigh sé sa scoil i 1980. Dar ndóigh tá Curaclam na



**Filimíne Uí Dhubhghaill,
Príomhoide nua Scoil na Tulaí**



Fan go nglaofar ort!

AGÓID i gCOIS FHARRAIGE 1985

Le Brian Ó Baoill

Fíorbheagán Gaeilge a bhí le cloisteáil ar an teilifís sa mbliain 1985, tar éis do Theilifís RTÉ, an 'Craoltóir Náisiúnta', a bheith 20 bliain ar an bhfód. Cé mhéad Gaeilge a bhí á craoladh in aghaidh na seachtaine sa mbliain sin? Freagra simplí, 2 uair a' chloig as gach 100 uair; 2%. Suarach agus scannalach. 20 bliain ag meath! Go praiticiúil chiallaigh sé sin nár chraoladh ach nuacht i nGaeilge uair amháin sa lá agus, b'fhéidir, clár nó dhó eile le linn na seachtaine.

tFeachtas Chonradh na Gaeilge

Bhí Gaeilgeoirí na tíre go hiomlán míshásta leis seo. Nach raibh lucht na Gaeilge ag íoc táillí teilifíse chomh maith le lucht an Bhéarla? Thosaigh Conradh na Gaeilge Feachtas Náisiúnta le brú a chur ar RTÉ agus ar an Rialtas. Stáisiún Teilifíse LánGhaeilge an t-éileamh a bhí ag Conradh na Gaeilge. Dhiúltaigh daoine an táille teilifíse a íoc, tugadh cuid acu os comhair na cúirte agus cuireadh i bpríosún iad. Bhí ar a laghad 150 duine ag diúltú táillí teilifíse a íoc ag an am, mé féin ina measc.

Os Comhair Cúirte

Tugadh os comhair na cúirte sa Spidéal mé sa mbliain 1985 agus gearradh fíneáil de £50 orm. Bhí baill Chlub Óige Lurgan ag léirsiú taobh amuigh lena dtacaíocht a thaispeáint. Ba mhór liom an tacaíocht sin. Liam Mac Oireachtaigh an dlíodóir a bhí agam agus Séamus Ó Tuathail an t-abhcóide. D'íoc Conradh na Gaeilge na costais. Reáchtáladh an chúirt trí Ghaeilge.

Dhiúltaigh mé an fhíneáil a íoc. Dúirt an Breitheamh Ó Garbháin gur thuig sé mo chás agus go raibh bá aige liom ach go raibh air an dlí a chur i bhfeidhm agus ghearr sé príosúnacht dhá mhí orm. Duine eile ó Chois Fharráige a chuireadh i bpríosún tamall ina dhiaidh sin ab ea Niall Ó Murchú, Príomhoide Scoile.

An Rialtas agus RTÉ a Náiriú

Iallach a chur ar an mbreitheamh téarma príosúnachta a ghearradh orainn an pointe a bhí le gan an fhíneáil a íoc, ar ndóigh, rud a thabharfadh deis dúinn náire a chur ar



An Teach Mór Thoir, 26 Meitheamh 1985; an Garda Pat Ó Conchubhair agus Brian Ó Baoill ag tabhairt 'síbe' chuig an bpríosún do Bhrian Ó Baoill.



an Rialtas agus ar RTÉ - ach é sin a bheith indéanta! Luigh muid isteach ar an obair bholscaireachta láithreach. D'ullmhaigh muid litreacha le cur go dtí daoine ar fud an domhain agus bheartaigh muid feachtas poiblíochta. Bhí Beti, mo bhean chéile, ina bhun sin le cúnamh ó Pheadar Mac Fhlannchadha, Oifigeach Chonradh na Gaeilge.

Go Muinseo

Tháinig an Garda Pat Ó Conchubhair go dtí an teach ar an 26 Meitheamh 1985 le mé a thionlacan go Muinseo. Bhí Pat ar saoire ag an am, ach bhris sé a shaoire le nach gcuirfí faoi chúram Garda strainséartha mé. Ba mhór liom an cineáltas sin. Tháinig slua mór de mhuintir na háite go dtí an teach lena dtacaíocht a thaispeáint. In ainneoin gur chuid den phlean a bhí ar siúl agus gur muid féin a bheartaigh é, bíonn inní ar dhuine nuair a thagann an t-am.

I Muinseo

Nuair a fhágann an Garda an príosúnach ag na geataí, tugann bairdér é go dí pasáiste dorchá, áit ina bhfuil poll beag sa mballa. Seo é seo 'Seomra Fáilte' Mhuinseo. Bíonn ar chuile dhuine chuile rud a bhíonn acu a thabhairt uathu ansin, i mo chás-sa, piollaí a bhí riachtanach do mo shláinte san áireamh in ainneoin mo chasaoide. Tugtar na príosúnaithe ar aghaidh trí phasáistí eile ansin agus cuirtear isteach i seomra feithimh gan fhuinneog iad. Bíonn scata ag fanacht ansin, iad ina suí ina sraitheanna. Fir óga a mbíonn cuma garbh orthu, iad ag caint, sean-aithne acu ar a chéile is cosúil, fir níos sine ina dtost. Bíonn an t-aer plúchta. Glaoitear ainm anois is arís agus téann duine amach trí dhoras ag ceann an tseomra.

Nocht

Nuair a ghlaoitear ar dhuine téann sé isteach go dtí seomra beag. Tá cuntar íseal ann. Beirt bhairdér. 'Strip,' a deireann duine acu. 'Take off your clothes!' 'All?' 'All'. Bíonn ar an duine a chuid éadaigh a bhaint de.



Scrúdaíonn siad an corp. 'Turn around.' Córas náireach. Ní duine a bhíonn sa bpríosúnach níos mó. Ainmí i ngaiste. Ainmí gan aon smacht aige ar a chorp, ar a shaol. Is deacair a shamhlú go dtarlódh a leithéid. Ansin tugann siad tuáille beag don phríosúnach agus tógar é go dtí áit eile ina bhfuil cith. Cuirtear isteach sa chith é. Tugann bairdér gallúnach dó. Cuirtear an t-uisce ar siúl. Ansin tugann siad éadaigh an phríosúin dó. Gorm, garbh.

Cillín 28 B.1.

Siúlann an príosúnach roimh an mbairdér i gcónaí. Bíonn geataí faoi ghlas gach áit. Tógann bairdér trí phasáistí dorchá torannacha é agus fágtagar é in áit oscailte. 'Wait there!' Bhí príosúnach eile ann. Thaispeáin sé áit a raibh barraí thar pasáiste agus dúirt go mb'fhéidir go

dtabharfaí bia dom ansin. Sádh dhá ubh, arán agus muga tae amach tríd na barraí. 'Bring it to your cell, you can't eat here,' arsa an té a thug dom é, 'Níl cillín agam!' Ní raibh aon áit le suí. D'ith mé ar aon nós, faoi dheacrachtaí. Tar éis tamaill fhada, tháinig bairdér agus chuir sé ag siúl mé roimhe gan tada a rá. Bhí fir le feiceáil ar bhuncanna trí dhoras. Bhí an áit plódaithe. Osclaíodh Muinseo



Peadar Mac an Iomaire ag glacadh Gradamh Ghlór na nGael ó Bhrian Ó Baoill, 1991.



Ite Ní Chionnaith, Bean Uí Chorraí agus Seán Mac Mathúna.

sa mbliain 1850 le haghaidh 808 bpríosúnach. Bhí 1200 ann anois. D'oscail sé geataí lena eochracha móra. Gleo crua na cruaihe. Tháinig muid go dtí doras. Cillín 28 B.1.. Bhí uimhir air, 2046. Ní bhíonn ainm ag príosúnach. Is uimhir é.

Cillín Singil

D'oscail an bairdéir an doras trom le ceann dá eochracha. Sheoil sé isteach mé. 'Do you want to see the chaplain?' 'No.' Gheir sé. 'You don't?' 'No, I don't'. Stán sé orm. Amach as an gcellín leis, an doras á dhúnadh ina dhiaidh. Bhain mé triail as. Faoi ghlas. Sáinnithe. 7' x 14' toisí an chillín. Ballaí salacha, dath caca orthu, graifítí. Leaba shalach. Pota le claibín air i gcúinne. Ar eagla na práinne san oíche, mheas mé. Ach bhí mé mícheart. Dob é sin mo *en-suite*. Bhí bord an-bheag, báisín, muga, scian agus forc ann. Fuinneog in airde agus barraí uirthi. Bíonn ciúnas ann seachas an corr scread nó mallacht ó áit éigin. Ní mé cé caitheadh amach as an gcellín seo le mise a scaoileadh isteach? Luigh mé siar ar an leaba chrua. Osclaíodh an poll faire sa doras. Bhí bairdéir ag breathnú orm.

Dríodar na maidine

Cloiseann an príosúnach eochracha á

gcasadh i ndoirse. Castar ceann ina dhoras féin. Brúitear isteach orlach nó dhó é. Breathnaíonn tú amach. Príosúnaithe ag siúl i líne, potaí i ngreim acu. Fir óga. B'fhearr iad a leanacht. Beireann tú greim ar do phota teolaí féin. Bhí na potaí á bhfolmhú ag bun an halla in dhá bhábha leithris a bhí ag sceitheadh thar béal. Leithreas oscailte i lár loch múin agus caca. B'éigean siúl tríd an leacht buí leis an bpota a fholmhú. Bairdéir ag faire.

Comhairle

Tháinig bairdéir isteach. 'We don't

know what to do with you. Can you read and write?' D'admhaigh mé go bhféadfainn. 'We'll put you in the library. Léim pictiúr den leabharlann i gColáiste na Tríonóide os comhair m'aigne. 'Listen,' ar sé, 'fights happen here, usually when they're queuing for food. It's dangerous. They have knives and forks. If you notice anything, run for your cell and slam the door. You'll be safe then.' Bhí an leabharlann i gcellín mór. Dúirt an bairdéir go mba é Cillín an Bháis é tráth. Mar sin, seo an áit a chaith Caoimhín De Barra a oíche dheireanach. Ní raibh cloiste ag an mbairdéir faoi Chaoimhín. Cúpla slat ar dheis taobh amuigh den doras, bhí doras eile, an doras amach go dtí an chroch. D'oscail sé an doras sin agus bhí laftán beag miotail ansin ar a seasadh an príosúnach faoin gcroch sula gcuirfí an rópa timpeall ar a mhuineál.

Stór na Leabhar

Thug an bairdéir amach mé go dtí stór. Rinne sé cupán caife don bheirt againn. Bhreathnaigh mé féin tríd na leabhair fad a bhí mé ag ól. Baineadh geit asam. Bhí leabhar de mo chuid féin ann! Tharraing mé amach é agus thaispeáin don bhairdéir é. Níor chreid sé mo scéal. Ach bhreathnaigh sé ar a leabhar, ar m'ainm a bhí priontáilte air. Go tobann: 'Will you write your name on it?' Rinne mé sin.



Roibeárd Mac Góráin, Maolsheachlainn Ó Caollaí agus Beití Uí Bhaoill ag Cruinniú Poiblí in Óstán Buswell i mBaile Átha Cliath, 1985.

Chuir sé an t-ainm ar an leabhar i gcomparáid leis an ainm a bhí scríofa agam. Chuir sé an leabhar isteach ina phóca.

An tráthnóna sin bualadh buillí ar dhoras mo chillín. Bhí fir ag béicíl. 'What are you doing here. You dangerous criminal. Get out of that cell. We'll get you.' An duine a díbríodh le mise a ligint isteach gan amhras. Bhuel, bhí an doras faoi ghlas. Bhí mé slán faoi láthair.

An Feachtas

Bhí feachtas láidir poiblíochta ar siúl ar an taobh amuigh. Ní raibh aon eolas cruinn agam ach dúirt príosúnaigh liom go raibh mo phictiúr i nuachtáin, chuir siad an-spéis ann, agus dúirt mo bhairdéir go raibh daoine bailithe ag na geataí. Bhí, buíon mhór. Ina measc bhí Íte Ní Chionnaith, Sean Mac Mathúna Rúnaí Chonradh na Gaeilge, Bean Uí Chóraf. Thiar i nGaillimh bhí seastán ag Beti, Ruairí, Niamh agus Dara ar Shráid na Siopaí. Bhí fógraí acu i dteangacha éagsúla. Bhailigh siad síniúcháin tacaíochta agus chuaigh siad ar throscaidh lae, duine i ndiaidh a chéile. Eagraíodh máirseálacha trí Ghaillimh agus i gCois Fharraige, bratacha agus fógraí in airde,



Diarmaid Johnson, Darach Ó Scolaí, Uinsean Mac Dubhghaill, Peadar Mac Fhlannchadha, agus eile Gaillimh 1985.

cuireadh picéad ar oifig RTÉ i nGaillimh. I measc na ndaoine ar na máirseálacha sin bhí slua daoine óga as Cois Fharraige, Muintir Uí Scolaí, Tomaí Standúin, Uinsean Ó Dubhghaill, Diarmaid Johnson, Peadar Mac Fhlannchadha agus go leor eile. Ghlac Cumann Forbartha Chois Fharraige agus Club Óige Lurgan le rúin thacaíochta, chuir Raidió na Gaeltachta clúdach leanúnach ar fáil, eagraíodh

cruinnithe poiblí i mBaile Átha Cliath. Scríobhadh litreacha go dtí polaiteoirí in Éirinn agus i dtíortha eile. Foilsíodh tuairiscí agus grianghrafanna sna nuachtáin ar fud na tíre seo agus i dtíortha eile, scríobhadh altanna i nuachtáin agus in irisí. In alt san Irish Medical Times scríobh an Dochtúir Cyril Daly **'Governments and large bodies only respond when they are actually being hurt or made look silly.** And Mr. Ó Baoill's prison term certainly makes RTE look silly...and I want to thank him for being that most valuable witness in any society – the lonely voice that speaks its awkward truth and gets heard.'

Seoladh litreacha ó Éirinn agus ó thíortha thar lear go dtí na nuachtáin agus go dtí polaiteoirí. Bhí sé seo go léir á eagrú ag Beti ó Chois Fharraige. Eagraíodh cruinniú mór in Óstán Buswell. Ar na cainteoirí ansin bhí An tOllamh Tomás de Bhaldraithe, Beti Uí Bhaoill, Íte Ní Chionnaith, Uachtarán Chonradh na Gaeilge, Seán Ó Donnagáin ón Chomhdháil, Micheál Grae, Príomh Fheidhmeannach Bhord na Gaeilge agus Riobárd Mac Góráin, Gael-Linn. Maolsheachlainn Ó Caollaí a bhí ina Chathaoirleach.

Nuair a bhí bairdéir do mo thionlacan tríd an bpríosún tráth a



Meitheamh 1985, Sráid na Siopaí i nGaillimh: Ruairí, Beití agus Dara Ó Baoill i mbun agóide ar son a n-athar, Brian a bhí i bpríosún faoin am sin.



shocraigh siad mé a aistriú go dtí príosún eile, chuala mé scread, i nGaeilge, ó phríosúnach a bhí á thionlacan treo eile, 'Tá an ceart agat!' Rinne an scread sin maitheas dom. Níl a fhios agam cé a bhí ann. Guth uaigneach eile.

Tionchar an Fheachtais

Bhí tionchar mór ag an bhfeachtas. Tá a fhios againn go raibh Ranna Stáit agus Ard Oifig na nGardaí ag faire go géar agus go himníoch ar na nithe a bhí ar siúl. Thug Máire Geoghegan-Quinn cuairt orm sa bpríosún agus tharraing sí an cheist anuas sa Dáil. Ba léir dom gur imir

cualt Mháire tionchar ar na bairdeirí. Lean an feachtas ar aghaidh, cuireadh Niall Ó Murchú agus daoine eile i bpríosún, ach chuir an Rialtas stop leis na cásanna cúirte go luath mar, ar ndóigh, thuig siad gur ag tacú lenár gcás a bhí siad. Thug Máire Geoghegan-Quinn agus Micheál D. Ó hUigín tacaíocht láidir d'éileamh an Chonartha, na nEagras Gaeilge agus Gaeltachta agus bunaíodh Teilifís na Gaeilge sa mbliain 1996.

Feachtas Naisiúnta ab ea é a raibh eagrais agus daoine aonair ar fud na tíre páirteach ann agus tá mise buíoch go raibh an deis agam

mo pháirt bheag féin a imirt, agus go bhfuair mé tacaíocht mhór ó mhuintir Pharóiste an Chnoic. Ní feachtas teilifíse amháin a bhí ar siúl againn, ach feachtas ar son na Gaeilge agus na Gaeltachta.

D'eagraigh Conradh na Gaeilge fáiltiú i mBaile Átha Cliath agus craoladh clár ar Raidió na Gaeltachta. Bhí slua mór de lucht tacaíochta an Fheachtais i láthair. Cuireadh fáiltiú eile romham i nGaillimh agus bhí tinte cnámh ar lasadh ar an mbóthar siar. Tháinig Raidió na Gaeltachta agus ceamara de chuid RTÉ agus cuireadh agallaimh orainn.

Le gach rath ó Mhuintir Standúin



Filí Óga an Cheantair

Buaiteoirí Chomórtas Scríbhneoireachta An Chumainn

Imeacht

Tá an mála réidh,
Pacáilte suas go barr,
An seomra folamh,
Agus ciúin chomh maith.

Caithfidh mé slán a rá,
Le mo chlann agus mo chairde,
Beidh mé liom fhéin,
Mar tá mé fásta.

Imithe chuig coláiste thar sáile,
Tá sé deacair cairde fháil;
Tá mé liom fhéin,
Tá mé fásta.

Báidín Pháidín

Nach deas an báidín,
A rinne Páidín,
Chuaigh sé trasna na farraige,
Agus síos go Port Láirge
Rug sé ar scadán,
Mangach agus bradán,
D'éirigh an ghaoth,
Agus chuaigh sé faoi.
B'shin deireadh le Páidín
Agus lena bháidín.



'Imeacht' – Sara Kaufmann
Coláiste Cholm Cille, Indreabhán

'Báidín Pháidín' – Caoimhe Esslemont
SN Leitir Mucú, Cinn Mhara

'An Saol' – Niamh Seoige
Coláiste Cholm Cille, Indreabhán

'Adhmadóireacht' – Séamus Ó Fatharta
Coláiste Cholm Cille, Indreabhán

An Saol

Tá an t-am gearr
Is tá an t-uaireadóir faoi stáin
Is tá an líne mall
Tá an ghráin ainn ar na scuainí.

Ciseán ar an talamh is
Cupán tae inár lámh
Tá sé ag cur báistí
Is tá na héadaí amuigh.

Tá ocras an domhain orainn
Ach tá sé deireanach sa lá
Tá an líne mór fada de charranna
Is muid greamaithe sa trácht.

Tá tuirse an domhain orainn
Is tá na páistí ina luí
Tá an teach ina phraiseach
Is tagann na cuairteoirí

Scríobhann tú dán
Ceartaíonn an múinteoir ansin é.
"Á scríobh amach faoi dhó arís é"
Ritheann tú amach as dúch.

Adhmadóireacht

Is maith liom adhmadóireacht
chuile lá,
Coinníonn sé m'intinn
ag imeacht go breá.
Dúisím ar maidin
nuair a éiríonn an ghrian
Ag smaoineamh go bhfuil
adhmadóireacht agam ag a haon!

Bíonn an máistir ag féachaint
ag barr an ranga
Ag breathnú an bhfuil muid
ag déanamh tada
Beirim ar an siséal
le mo lámh chlé
Bíonn an máistir ag féachaint
nach ngearrfaidh mé mo mhéir!

Is maith liom Gaeilge
agus is maith liom léamh
Ach buaileann an adhmadóireacht
iad sin go léir!

Torthaí Chomórtas Scríbhneoireachta 2006 – Prós

Aois: 16-18

1	Diarmuid De Búrca	An Sféir Seoda	Scoil Chuimsitheach Chiarán
2	Gearóidín De Bhailís	Brón	Scoil Chuimsitheach Chiarán
3	Lorraine Ní Loideáin	Brón	Scoil Chuimsitheach Chiarán
3	Maud Trahan	Míthuiscint	Coláiste Cholm Cille

Aois: 13-15

1	Diarmaid ó Finneadhá	Imithe Amú	Coláiste Cholm Cille
2	Seamus Ó Scanláin	Turas go Meiriceá	Coláiste Cholm Cille
3	Conchúir Mac an Iomaire	Victor & na Frídíní	Coláiste Cholm Cille

Aois: Faoi 13

1	Aonghus Ó Domhnaill	Mailibu	Scoil Chuimsitheach Chiarán
2	Christina Ní Dhonncha	Eachtra ar Oileán	Scoil Chuimsitheach Chiarán
3	Gráinne Ní Lochlainn	Mise Kino	Scoil Chuimsitheach Chiarán

Torthaí Chomórtas Scríbhneoireachta 2006 – Filíocht

Aois: 16-18

1	Sara Kaufmann	Imeacht	Coláiste Cholm Cille
2	Daithí Ó Loideáin	Mo Sheanchara	Coláiste Cholm Cille
3	Carmel Ní Fhátharta	Mo Rós	Coláiste Cholm Cille

Aois: 13-15

1	Niamh Seoige	An Saol	Coláiste Cholm Cille
2	Caoimhe Ní Chualáin	Foghlair Mara	Coláiste Cholm Cille
3			

Aois: Faoi 13

1	Caoimhe Esslemont	Báidín Pháidín	S.N. Leitir Mucú
2	Sorcha Ní Cheallaigh	An Aimsir	S.N. Leitir Mucú
3	Sharon Ó Domhnaill	An Aimsir	S.N. Leitir Mucú

Coláiste Chamuis

Indeabhán, Co. na Gaillimhe Fón: 091 583162 Fais: 091 583448



Comhghairdeachas leis an gCumann Forbartha ó Choláiste Chamuis

Forbairt Phobail i dTeanga an Phobail



Nioclás Ó Conchubhair Teo.



Rogha agus Seirbhís den Scoth
Quality Choice Service

Leitirmóir, Co. na Gaillimhe,
Tel: 091-551114 Fax: 091 551258

**Ábhar Tithíochta • Pluiméireacht • Leictreach
Meaisín Níochan • Soirn • Crua Earraí • Péint agus rl.**

Carnivale na bPleotaí

Cuireadh léiriú ‘fíorghreannmhar, fíor-shamhlaíoch, álainn, le stáitsíocht saibhir físe’ (*The Irish Times*) ar an ardán le gairid in Amharclann Chois Fharraige i Seanscoil Sailearna. Léiriú fuinniúil, ildánach a rinne ceiliúradh ar spiorad, éagsúlacht agus féiniúlacht mhuintir na Gaeltachta sa lá atá inniu ann agus ar phobal na Gaeilge i gcoitinne a bhí anseo. Saothair ealaíonta ar ardchaighdeán a luífidh go deas i gclár Féile Ealaíne na Gaillimhe (*The Examiner*) a bhí anseo. Léiriú a bhain rachtanna gáire as an lucht féachana, a mhúscail bród iontu, a d’oscail doras an tsonais i gcroíthe daoine, a spreag daoine, a mheall daoine agus a chruthaigh spiorad na féile ina gléibh.

Tá mé ag tagairt don dráma *Aislingí Grádha & Rámhaillí Fiabhrasacha Oídhche Lughnasa* le *Carnivale na bPleotaí* a léiríodh mar chuid de Togra ‘06. Leagan nua comhaimsearthach Gaelach den dráma *A Midsummer Night’s Dream* suite i gConamara a bhí anseo a léiríodh ar feadh seachtaine móide oíche bhreise, de bharr éilimh. Ba léiriú é a chuaigh go mór i gcion ar dhaoine agus bronnadh an gradam don Compántas nua is fearr in Togra ‘06 ar *Carnivale na bPleotaí* dá bharr. Ba iontach an éacht é i gcomhthéacs an méid imeachtaí a bhí ar siúil ag Togra ‘06 agus ag Féile Ealaíne na Gaillimhe.

Aidhmeanna

Bhí aidhmeanna agus spriocanna leagtha síos againn don dráma seo. Theastaigh uainn dráma pobail a chur ar stáitse, ach dráma pobail ar chaighdeán proifisiúnta. Theastaigh uainn ardán a thabhairt don talann agus don fhuinneamh cumhachtach cumasach atá i

Bhí sé mar sprioc againn glúin nua aisteoirí a spreagadh. Tugadh ardán do thalann nua sa léiriú seo agus chruthaigh siad iad féin tharr barr. Níor chreid go leor gurb é seo an chéad uair ag aisteoirí ar stáitse ag an leibhéal seo. Ina theannta sin, bhí aisteoirí gairmiúla sa dráma seo, réalta Ros na Rún; Fionnuala Ní Fhlatharta ‘Berni’, Eoin Mac Diarmada ‘Donncha’, Éimear Ní Fhátharta ‘Deirdre’, agus Marie Breathnach ‘Mo’. Ba iontach an sampla a thug siad, iad sásta oibriú go deonach agus a gcuid scileanna agus a dtaithí a roinnt leis na haisteoirí amaitéaracha a bhí leo.

Foireann Léirithe

Ar an taobh eile den stáitse chuir an fhoireann léirithe snas cruthaitheach, físiúil agus praiticiúil ar an léiriú. Is iad a chruthaigh an suíomh agus an t-atmaisféar álainn draíochtúil don dráma seo i dteannta leis an gcúnamh agus an tacaíocht ón meitheal breá daoine a thug lámh dhúinn le chuile rud a chur i gcrích. Nár laga Dia iad.

Caithfear a lua arís nach bhfuair daoine oiread is pingin amháin airgid as seo. Gabhann muid



buíochas as cuimse le chuile dhuine a d'oibrigh agus a thug cúnamh dúinn leis an léiriú seo, idir aisteoirí agus criú. Is ábhar dóchais é go bhfuil daoine ann atá lánsásta bheith páirteach i dtogra pobail, agus atá sásta oibriú ar mhaithe an phobail.

Ba chóir aitheantas faoi leith a thabhairt don fhoireann i gComharchumann Shailearna a bhí fial flaithiúil linn maidir le úsáid na háite. Is mar gheall ar a dtacaíocht agus an áis amharclainne atá cruthaithe sa Seanscoil gur éirigh linn an fhís ealaíne a bhí againn a chur chun cinn. Is cinnte go bhfuil athbheochan ag tarlú i saol na drámaíochta agus na hamharclainne sa taobh seo tíre. Léiríonn Amharclann Chois Fharraige pointe tábhachtach, is é sin go bhfuil infrastruchtúr ealaíne riachtanach i bhforbairt agus i bhfás na n-ealaíon, go bhfuil ardán den scoth ag teastáil sa cheantar agus chuige sin ba chóir tuilleadh forbartha a déanamh ar an áis seo.


Maoiniú

Ní éireodh go brách linn an léiriú seo a chur ar an bhfód murach an cúnamh maoinithe agus an tacaíocht a fuair muid don togra seo. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil lenár bpríomh-urraitheoirí Ealaín na Gaeltachta & An Chomhairle Ealaíon, TG4, Togra '06, Foras na Gaeilge agus Comhairle

Chontae na Gaillimhe. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil freisin lenár n-urraitheoirí: Muintearas na nOileán, An Taibhdhearc, Cumann Forbartha Chois Fharraige, Comharchumann Shailearna, RTÉ Raidió na Gaeltachta, An Coimisinéir Teanga, Acadamh na hOllscolaíochta, An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta, EO Teilifís, Máirtín Ó Flatharta Teo., Abú Media, Óstán na Páirce agus Breda Hughes. Ar ndóigh buíochas ó chroí do Chairde na bPleotaí a thug síntiús pearsanta dúinn agus do chuile dhuine a thug tacaíocht dúinn. Go bhfága Dia an tsláinte agaibh.

Beartla M. Ó Flatharta & Mick Óg McGee – Stiúrthóirí Ealaíne, *Carnivale na bPleotaí.*





Cóineartú



Scoil na Tulaí

Chun tosaigh, ó chlé: An tAth. Mícheál Ó Flannabhra, Eimear Ní Mhaoileoin, Clíodhna Breathnach, Triona Ní Dhiollúin, Áine Ní Dhubhghaill, Seán Óg Ó Coisdealbha, Fiontán Ó Tuathail, Mícheál Ó Conghaile, An tArd-Easpag Mícheál Ó Néaraigh, Karen Ní Dhonncha, Aisling Ní Neachtain, Órlaith Ní Dhireáin, Ann Marie Ní Fhátharta, Máire Bríd Ní Chualáin, Diarmaid Ó Coisdealbha.

Ar chúl, ó chlé: Séamus Ó Conghaile (Príomhoide), Evan Bleasdale, Tomás Breathnach, Nathan Casburn-Trahan, Gearóid Ó Lorcáin, Páraic Ó Curraoin, Mícheál Breathnach, Aoife Bolustrom, Síle Sorchá Ní Chonghaile, Sorchá Ní Fhátharta, Niamh Ní Chonnacháin agus An Canónach Colm Ó Ceannabháin

2006



Scoil Sailearna

Ar chúl, ó chlé: Cian Ó Srutháin, Kevin Jordan, Enda Ó Cualáin, Kevin Ó Neachtain, Seosamh Ó Fátharta, Andrea Ní Chionnaith, Aoife Ní Thuathail, Sarah Ní Bhrádaigh, Diarmaid Ó Fátharta, Síofra Ní Chonluain, Yvonne Ní Chumaoín, Aisling Ní Fhátharta, Bríd Óg Nic Aodha Bhuí, Fiona Ní Churraoin.

Sa lár, ó chlé: An tAth. Micheál Ó Flannbhra, Niamh Ní Choisdealbha, Gearóid Ó Finneadha, Kaelan Breathnach, Sinéad Ní Ainlí, Michelle Ní Choisdealbha, Bríd Elinor Ní Chonaill, Laura Nic Craith, Saoirse Howlin, Róisín Ní Chuinn, Neasa Ní Mhaoileáin, Aedín Ní Loideáin, Cliodhna Ní hEidhin, Máirtín Ó Tuathail, Mac Dara Ó Béarra, An Canónach Colm Ó Ceannabháin, Lorraine Nic Giolla Claoín, Traolach Ó Conghaile.

Sa tosach, ó chlé: Eoin Ó Cualáin, Gráinne Ní Bheoláin, Caitríona Ní Chualáin, Rónán Ó Fátharta, Cathal Ó Maoileáin, Pádraig Ó hAinlí, Ciarán Ó Finneadha, An Dr. Micheál Ó Néaraí (Ardeaspag Thuama), Donncha Ó hAinmhíre, Eoin Ó Muirí-Ó Conghaile, Tomás Bergin, Stiofán Ó Béarra, Criostóir Ó Biadh, Fearghas Mac Lochlainn (Príomhoide).

9 Bealtaine 2006

Leathanach thall ar barr:

Céad Chomaoineach i Séipéal Naomh Ainnín, An Cnoc

Ar chúil ó chlé: Fearghas Mac Lochlainn (Príomhoide), Nóra Ní Ghríofa, An tAth. Micheál Ó Flannabhra, an tAth. Máirtín Ó Conaire, Máire Ní Mháille.

Sa lár ó chlé: Dónal Ó Brádaigh, Seán Ó Nualáin Ó Tuathail, Ruaidhrí Óg Ó Béarra, Sinéad Mhaoileán, Mairéad Ní Chonghaile, Rebecca Ní Fhátharta, Caoimhe Ní Chonghaile, Emma Ní Chonghaile, Caoimhe Ní Choisdealbha, Fionghuala Ní Chualáin, Sharon Ní Bheoláin.

Chun tosaigh ó chlé: Ryan Ó Máille, Aodán Ó Beoláin, Daragh Ó Fátharta, Tadhg Ó Conaire, Seán Ó Cadhain, Conall Bergin, Cóil Ó Coisdealbha, Ciarán Ó Finneadha, Dinny Ó hÉallaithe.

Leathanach thall ag bun:

An Chéad Chomaoineach i Séipéal Cholmcille, An Tulach

Chun tosaigh ó chlé: Aonghus Ó Fátharta, Máirtín Ó Cualáin, Cúán Mac Dubhghaill, Rónán Bolustrom, Dara Mac Dubhghaill, Liam Ó Conghaile

Sa lár ó chlé: Siobhán Ní Chonghaile, Máirín Ní Churraoin, Collete Ní Chualáin, Aoife Nic Ghiolla Choinnigh, Martina Ní Chonghaile, Jenny Ní Choinceanainn, Sinéad Ní Dhonncha, Sarah Ní Chualáin agus Aoife Ní Lorcáin.

Ar chúil: An Canónach Colm Ó Ceannabháin agus an múinteoir ranga Niamh Ní Loinsigh.





Bealtaine 2006




Bronnadh Phríomhdhuais Ghlór na nGael ar Pharóiste an Chnoic, 2001 ...



*Ar chlé:
Sinéad Ní Fhatharta,
Katie Breathnach
agus Áine Ní Héalaí
ag baint suilt as an
ócáid.*

*Thíos:
Cóilín Ó Tuathail,
Cóil Uilic Ó
Coisdealbha agus
Seán Bán Breathnach
ar thóir an bhairille!*





Thuas, ó chlé:

*Brian Ó Baoill, Máire Uí Ráinne,
Máire Nic an Rí, An tAth.
Micheál Ó Flannabhra, Mairéad
Ní Mhocháin, Máirín Ní
Chonghaile (iompaithe siar),
Pádraig Ó Héalaí, Breandán Ó
Tuairisg, An tAire Máire Ní
Chochláin, Cóilín Ó Tuathail,
Bertie Ó hAinmhire, Pádraig
Willie Ó Fatharta, Beití Uí
Bhaoill (chun tosaigh), Caitlín
Nic an Ultaigh, Séamas Ó
Fátharta, Treasa Uí Chonaire,
Gearóid de Faoite, Cóil Uilic Ó
Coisdealbha (iompaithe siar),
Peadar Mac an Iomaire agus Áine
Ní Héalaí.*



Pádraig Ó Héalaí agus An tAire Máire Ní Chochláin.

Glór na nGael i mBéal Feirste

B'iad an Droichead, Bóthar Ormeau, Béal Feirste – scoil agus pobal lánGhaelach – a thug leo an príomhdhuais i gcomórtas náisiúnta Ghlór na nGael 2005. Bhain Coiste Ghlór na nGael Pharóiste an Chnoic amach an dara háit agus duais €20,000, chomh maith le Duais na Comhairle Oidhreachta de €1,500.

I bhFoirgnimh Rialtais Stormont i mBéal Feirste a bronnadh na duaiseanna, an áit is airde sa gceantar sin ar go leor bealaí. Ba lá stairiúil é, ní dóigh gur cloiseadh an oiread Gaeilge istigh ann ariamh roimhe sin agus ní go minic a bheas an oiread sin Gaeilgeoirí ó cheann ceann na tíre agus ó áiteanna thar lear bailithe le chéile ann.

Maith dhom é má ghoidim ceann de ráitis phobal na bpoblachtach, “Tiocfidh ár Lá”. Bhuel tháinig lá acu sin chugainn agus tá súil agam go dtiocfaidh tuilleadh.

Thar cheann an chumainn fhorbartha, ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh le muintir an Droichid as ucht an duais seo a bhaint amach. D'oibrigh

an pobal beag bríomhar seo go dúthrachtach leis an duais seo a fháil agus é tuillte go maith acu. Freisin ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leo as an bhféile agus as an bhfáilte a chuireadh romhainn fhéin agus na buaiteoirí eile. Ar an leathanach thall tá roinnt de na pictiúir a tógadh ag an ócáid sin.

*Seán Ó Raighne (Cathaoirleach
Chumann Forbartha Chois Fharraige)*





Ní raibh muid ag dul amú




Béal Feirste 2005



Pub ar bhóthar na bhFál



Ionad an Droichead



Ní raibh fear an cheamara sách fit!



Teach Stormont



Maidin Lá Nollag 2004



Child Rescue Centre Nairobi Kenya

Rith / Slúil Míle ar mhalthe **GOAL**

Beidh an GOAL Míle á reachtáil maidin lá Nollag ó 10:00 r.n. go dtí 12:30 i.n. ag traic rásaíochta na hOllscoile, Daingean (Bóthar Mhaigh Eilinn) i nGaillimh.

Fógra urraithe ag Coláiste Lurgan

Is féidir cártaí urraíochta a fháil ó oifig Choláiste Lurgan (593182) nó ó oifig GOAL i nGaillimh (587901).

Beidh teastas ar fáil do na daoine uilig a ghlacann páirt.

Rachadh an t-airgead cluin tacaí le obair GOAL sna tíortha atá fós ag forbairt.

Tá GOAL ar an bláfód anois le breis 's fiche cúig bliain agus é dírithe i gcónaí ar an sprioc céanna, mar atá, fuisearnh a thabhairt ón gcruatan a luíonn ar na boclitáin is deaóile i dtíortha atá fós ag forbairt. Féachann GOAL le deis a thabhairt do na daoine is leochaillí agus is ró atá tliós le hionpar rídlaoine, teacht ar bhunriachtanais agus ar bhunchearta an duine i bia, nisce, fásadhl, cóir leighis agus bunoidéachas. Is eagraíocht í GOAL nach bhfuil ceangailte le haon clióras creidirhl, polaitíochta ná rialtais. Le do chluinarnha, tá breis agus céad oibrí deonach de chuid na heagraíochta ag saothlíní i measc na mboclitáin is deaóile i bfríoché tír ar fíid an domhain.



An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

Mórán pobal – fòcas coiteann

Tá sé d'aidhm ag an Roinn tacú le buanú agus láidriú na Gaeilge sa Ghaeltacht

Tionscadail sa Ghaeltacht:

- Bóithre, Céanna, Áiseanna Caeamh Aimsire, Athnuachan Baile, Trealamh & Troscán
- Campaí Samhraidh, Coláistí Gaeilge, Cúntóirí Teanga, Pleanáil Teanga, Cuairteoirí Baile, Scéim Oiliúna Peile agus Iománaíochta, Scéim Labhairt na Gaeilge, Tithíocht
- An Gaclacadamh, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge (OÉG), Gael Uladh, Oidhreacht Chorca Dhuibhne, Feasacht Teanga



An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs

Na Forbacha
Gaillimh

Fón: 091-503700

Facs: 091-503750/592395

Glaoh Áitiúil: 1890-201-431

E-phost: gaelachtmaforbacha@pobail.ie
www.pobail.ie

Smaointe larchathaoirligh

Tar éis cúig bhliana mar Rúnaí ar an gCumann Forbartha thug mé an tréimhse 2000-2005 mar Chathaoirleach ar an eagraíocht chéanna. Le linn na tréimhse sin lean an Cumann leis an ngnáthchlár oibre ar a bhfuil sé dírithe — ag cur moltaí chun cinn agus ag tabhairt tacaíochta maidir le forbairtí fisiciúla agus imeachtaí cultúrtha a rachadh chun tairbhe don cheantar agus a chuirfeadh le saol an phobail.

Ní féidir anseo ach cúpla sampla a thabhairt den chineál seo gníomhaíochta a léiríonn éagsúlacht na hoibre a bhí i gceist ag an gCumann:

- * plean oibre a leagan amach agus a chur i gcrích do chomórtas Ghlór na nGael
- * brú a choinneáil ar na húdaráis chuí glacadh le gnéithe de phlean forbartha bóthair agus taobh tíre, ó dhroichead an Spidéil go droichead Chromghlinne. Plean é seo a réitigh comhlacht suirbhéireachta, innealtóireachta agus comhairleoireachta ar iarratas ón gCumann agus a dhíríonn ar shábháilteacht bóthair, slachtmhaire sconsaí, áiteanna páirceála fan an bhóthair agus stadanna bus faoi dhíon
- * aighneachtaí a sheoladh chuig Coimisiún na Gaeltachta, Comhairle Contae na Gaillimhe, An Bord Pleanála
- * ócáidí sóisialta a eagrú i Seanscoil Shailearna, m.sh., do bhuaiteoirí i gcomórtais Oireachtais agus oícheanta seanchais a eagrú i gcomhar le Cumann Béaloidis Chonamara
- * urraíocht a sholáthar do thograí áirithe, m.sh., d'imeachtaí Chlub Óige Lurgan, d'Aisteoirí Chois Fharraige, d'fhoilsiú na hirise, *Biseach*, d'fhoireann peile faoi 16 Chumann Mícheál Breathnach, d'fhorbairt Pháirc imeartha Ros an Mhíl agus do sheomraí feistis Choláiste Cholm Cille
- * páirt a ghlacadh sa phlé ar thodhchaí Choláiste Lurgan agus Theach an Spidéil.

Bhí siad seo a leanas ar choiste an

Chumainn sna blianta 2000-5: Caitlín Ní Chualáin, Brian Ó Baoill, Sarah Uí Scanláin, (Rúnaithe); Séamas Ó Fátharta (Cisteoir); Paula Ní Chionnaith, Gormlaith Ní Thuairisg, Barry Ó Coisdeala, Máirtín Davy Ó Coisdealbha, Stiofán Ó Cualáin, Páraic Willie Ó Fátharta, An tAth. Mícheál Ó Flannabhra; Pól Ó Foighil, Bertie Ó hAinmhire, Seán Ó Ráighne, Seán Ó Tuairisc, Breandán Ó Tuairisg.

Seasamh Láidir

Ghlac an Cumann seasamh láidir sa díospóireacht faoin aird ba cheart a thabhairt ar an nGaeilge sa chóras pleanála maidir le tithíocht sa Ghaeltacht. Thug an Cumann tacaíocht leanúnach freisin d'fheachtais náisiúnta dírithe ar ionad na Gaeilge sa saol poiblí a bhuanú agus a fhairsingiú, agus ar aitheantas cuí a bhaint amach don teanga i gcaidreamh na tíre leis an Aontas Eorpach. B'údar áthais dúinn an dul chun cinn atá tarlaithe le déanaí sna réimsí seo — feidhmiú Acht na dTeangacha Oifigiúla, ceapachán Sheáin Uí Churraoin mar Choimisinéir Teanga, an stádas atá bainte amach ag an nGaeilge mar theanga lánoifigiúil oibre san Aontas Eorpach, agus an t-aitheantas atá tugtha don Ghaeilge sa chóras pleanála i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe.

B'ócáid cheiliúrtha ag an gCumann é bronnadh príomhdhuais Ghlór na nGael ar phobal an Chnoic sa tSeanscoil ar 16 Meán Fómhair 2001. Ba é An tOllamh Iognáid Ó Muirheartaigh, Uachtarán Ollscoil na hÉireann,



Pádraig Ó Héalaí

Gaillimh, a rinne an bronnadh mar nár cheadaigh bagairt an ghalair crúb is béal dá Soilse Máire Mhic Ghiolla Íosa, Uachtarán na hÉireann, an turas siar a dhéanamh.

Is mór an tógaint croí é d'aon cheantar Gaeltachta an gradam seo a bhaint amach i gcomórtas Ghlór na nGael mar go dtugann sé aitheantas dóibh siúd go léir sa phobal a choinnigh an teanga san am atá thart, agus tugann sé aitheantas go háirithe dóibh siúd sa phobal a sheasann léi sa lá atá inniu ann. Is iad an daoine seo, gnáthchainteoirí na Gaeilge ó lá go lá, a sholáthraíonn an dúshraith ar a dtógann na coistí agus na heagraíochtaí agus na cumainn a mbíonn a n-iarrachtaí i leith na teanga á meas i gcomórtas Ghlór na nGael. Féachann an comórtas le pobail a spreagadh chun cinneadh comhfhiúchais a dhéanamh an Ghaeilge a bheith in uachtar i saol an teaghlaigh agus sa ghréasán sóisialta.

Tá an t-ádh orainn gur líonmhar agus gur éagsúil iad na dreamanna a chuireann áiseanna agus seirbhísí ar fáil i bParóiste an Chnoic — cuid acu bainteach le cúrsaí spóirt agus caitheamh aimsire, tuilleadh acu bainteach le cúrsaí oideachais agus eaglasta, tuilleadh acu le cúrsaí gnó agus airgeadais, agus tuilleadh fós díobh ag déanamh cúraim don óg agus don aosach. Is léiriú maith na gníomhaíochtaí seo ar fad ar an deathoradh a leanann comhlíonadh mhana an chomórtais — 'Tógáil Pobail le Nasc na Gaeilge'.

Pádraig Ó Héalaí

Cumann Drámaíochta Chois Fharraige

Ar Stáitse i mBoston

Thug an Cumann Drámaíochta cuairt ar Bhoston an Deireadh Fómhair seo caite, áit a ndearnadh trí léiriú den dráma “*Go nDéantar do Thoil*” le Michael Carey aistrithe go Gaeilge ag Bridie Ní Churraoin i Halla Naomh Breandáin, Dorchester, Boston.



Bronnadh ar Stáitse i mBoston

Dé Céadaoin, 26 Deireadh Fómhair '05 : D'fhág an grúpa de 27 Aerfort na Sionainne. Nuair a shroich muid Aerfort Bhoston, bhí Pádraig agus Máirín Uí Chéide romhainn. Thug siad cúnamh dúinn chuile rud a thabhairt ón Aerfort chomh fada leis an óstán Marriott Inn, ina raibh muid

ag fanacht ar feadh na seachtaine, nár laga Dia iad.

Dé hAoine, 28 Deireadh Fómhair '05 : Lá an chéad léiriúchán den dráma i St. Brendan's Hall, Dorchester, bhí muid ar fad ina suí leis an scairt mar bhí lá mór amach romhainn. Bhí an

seit tógtha cheana féin ag Eilín Uí Bhraonáin, Danny Wallace, Cabrini Ó Tuairisg agus Brighid Breathnach. D'oibrigh an criú teicniúil go crua chun an soilsiú agus an fhuaim a réiteach don seó agus don chleachtadh a bhí ar siúl an chuid is mó den lá. Chuaigh muid ar an stáitse

ag a 8.00 i.n. agus thaitnigh an dráma thar cionn leis an lucht féachana.

Dé Satharn, 29 Deireadh Fómhair '05 : Bhí muid in ann sos a thógáil an mhaidin seo. Bhí muid le bheith ar an stáitse ag a 8.00 i.n. i St. Brendan's Hall, Dorchester arís agus d'éirigh thar cionn leis an dráma ar an oíche. Bhí díocas ar an lucht féachana ag faire ar chuile fhocal a bhí le rá againn. Bhí beirt bhan san lucht féachana ag athrá ár bhfocal, sin é chomh báite agus a bhí siad sa dráma. Tar éis an dráma,

ag faire ar imeachtaí a bhaineann lena ndúchas agus a gcultúr. Bhí an oiread mórtais, bróid agus cumha ar an dream thall gur thóg go leor acu an t-am le fáilte gnaíúil a chur romhainn. Bhí sé soiléir gur imeacht speisialta a bhí sa dráma dóibh. Ag deireadh na hoíche bhronn an Cumann Drámaíochta gradam ar Mháirín agus ar Pháraic Ó Céide as ucht cuireadh a thabhairt dúinn go Boston lenár ndrámá a léiriú. Dúirt Máirín go mba cheart drámaí agus imeachtaí trí mheán na Gaeilge a thabhairt thar lear



Cá ndeacha an francach!

tháinig go leor den lucht féachana go dtí muid ag déanamh comhghairdis linn agus ag rá gur bhain siad an-taitneamh as an oíche, go háirithe mar gheall ar chaighdeán agus ar nádúr na Gaeilge.

Dé Domhnaigh, 30ú Deireadh Fómhair '05 : Thosaigh an dráma ag a 8.00 i.n. agus d'éirigh thar cionn leis an léiriúchán seo freisin. Thug muid uilig faoi deara go bhfuil pobal mór millteach de mhuintir Chonamara agus na Gaeltachta thar lear ar bís

níos minicí. Tar éis an dráma bhí ceol agus amhráin Ghaelacha againn go maidin.

Dé Luain, 31 Deireadh Fómhair '05 : An lá tar éis an dráma bhí orainn an seit a thógáil anuas. Bhí go leor oibre ag baint leis seo, is é sin an stuif ar fad a chuir i mboscaí agus an áit a fhágáil mar a fuair muid é. Tar éis na hoibre seo ar fad a bheith déanta againn, fuair muid cuireadh ó Mháirín agus ó Pháraic Ó Céide dinnéar a bheith againn leo. Bhain muid an-



Cáide go dtosóidh siad ...

taitneamh as seo mar gur bhuail muid le cuid de na daoine a bhí ag an dráma an oíche roimhe.

Dé Máirt, 1 Samhain '05 : Chroch muid ár seolta le fillleadh abhaile.

Tá muid tosaithe ar dhráma nua, "*A Wake in the West*" / "*Tóramh san Iarthar*" le Michael Joe Ginnelly aistrithe go Gaeilge ag Bridie Ní Churraoin agus Seán Ó Ráighne. Tá i gceist againn a bheith ar an stáitse roimh an Nollaig.



Bridie Ní Churraoin



A mhaighdean, tá sé lofa!

Ceol agus Filíocht



*Thuas (ó chlé): Neansaí Ní Choisdealbha, Cor na Rón ó dhúchas
agus Neasa Ní Choisdealbha, Baile Nua (Cor na Rón Thiar)
Thíos (ó chlé): Luisne agus Aisling Ní Neachtain, Cré Dhubh*



An Máistir Ó Coisdealbha

AN CHÉAD DRÁMA

Chum Dia dráma 'Gleann na nDeor',
Agus thug sé páirt ann do go leor,
Dráma fada ar stáitse mór,
An domhan.

Sé Dia a chum an tragóid staire,
Agus rinne sé leideoir den bhuachaill báire,
Táim cinnte glan go mbíonn sé ag gáire,
Faoin aisteoireacht.

Chum sé dráma le milliúin radharc,
Agus rinne sé leideoir d'fhear na n-adharc,
Ar chúl an chuirín as ar radharc,
Na héisteoirí.

Léiríonn sé fhéin a dhráma,
Agus tugann sé na torthaí ag deireadh an ama,
Faigheann an leideoir na daoine cama,
Ach coinníonn sé fhéin na daoine mánla,
Nach aisteach.

Tá mo pháirt sa ailt a bheith thart,
Ach ní raibh na focla a'm i gceart,
Thar fóir sa ngluaiseacht is ó smacht,
Ach tá na torthaí fós le theacht,
Chaill mé marcannaí.

Níl fanta anois ach mír bheag eile,
Nó go dtitfidh an t-úirtín síos ag deireadh,
Tiocfaidh an dráma ar aghaidh le foireann eile,
Agus fágfar mise ag an seoladh deireadh,
An reilig.

Más uaigh an mhír atá le theacht,
Ná an radharc deire a d'imigh thart,
Imeoidh mo chiall 's mo mheabhair ó smacht,
Agus scoiltefidh an croí in mo lár faoi sheacht,
Le hualúneas.

Tiúrfaidh an dochar suas a chas,
Is fágfar mise ag an mbás,
Ansin tá mise ag deireadh an ráis,
Tabhair duais dom.

Beidh mo chnámha gconra dharaigh,
Is mé sínte siar le admhais na n-araí,
Díbir a leideoir agus feara,
A léiritheoir.

Biseach 2006

AONGUS

Tá leaidín beag agamsa, leaidín beag bídeach
Agus cothrom an lae seo sea rugadh é.
Ag a sé a chlog anocht beidh sé bliain ar an saol
Agus anocht sé an rí ar an teallach é.

I ndiaidh a chinn roimhe a tháinig Aongus sa saol
Ní raibh sé ag iarraidh a theacht, ach tháinig sé;
Bíonn meangadh ar a bhéal ó mhaidín go faoithin
Rud a insíonn gur cosúil gur maith leis é.

Tá an teach lán anseo inniu lena chairde is a ghaoil
Agus gan fhios aige fhéin cén t-údar é;
Iadsan ag síorá 'gus ag síosca eadrab fhéin
Agus ag fiafraí cé leis a ndeachaigh sé.

Tháinig an cheist sin chomh fada liom fhéin
Agus is beag nár sáinneadh cheal freagra mé
Ach má bhíonn sé in ann a dhul inniu chuile áit a raibh sé inné
Sílim gur cuma liom eatarthu é.

Tá mise san aois le nach bhfeicfidh mé an lá
Go mbeidh Aongus sa mbeár agus deoch aige.
Ach má chaitheann sé dhó a sheaicéad, ag fiafraí cé is fearr
Fiafróidh fear éigin cé leis a ndeachaigh sé.

Dá mairfeadh an leaid sin céad bliain ins an saol
Ag breathnú roimhe air is fad' an t-achar é
Ach ag breathnú ina dhiaidh air 's é i ndeireadh a ré
Fiafróidh sé: 'meastú cá ndeachaigh sé?'

Dá dtagadh an lá inné ar ais rud nach dtarlóidh go héag
Mar léas ar an saol ní thagheann ceachtar againn
Ní iarrfainn malairt an mhic a raibh a lá breithe aige inné
Ná malairt na mhá a bhí ina Mhama aige.

Johnny Chóil Mhaidhc

Bhí ócáid stairiúil i Seanscoil an Chnoic mí na Samhna 2005, nuair a bronnadh Céim Máistreachta ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ar Johnny Chóil Mhaidhc Ó Coisdealbha as an Tulaigh agus Joe Steve Ó Neachtain as an gCré Dhubh in aitheantas dá saothar scríbhneoireachta, cumadóireachta agus aisteoireachta. Tá pictiúir den ócáid ar na leathanaigh seo romhainn.

Bronnadh

Lá dá saol – Johnny Chóil Mhaidhc agus Joe Steve ag baint sásaimh as ócáid bronnta a gCéimeanna Máistreacht i Seanscoil Sailearna ar an 4 Samhain 2005. Orthu sin atá sna pictiúir seo, tá Máirtín Jaimsie agus Danny de Bailís, Timín Joe Tim, Peadar Mac an Iomaire, Gearóid Denvir, An tAth. de Bláca, An tAth. Ó Flannabhra, Máire Uí Dhroighneáin agus Iognáid Ó Muircheartaigh (OÉG).





An Máistir Ó Neachtain

Joe Stee Ó Neachtain

Bíodh rud agat dhuit fhéin nó déan do ghoradh leis an ngréin a deireadh an seandream ag tráth den tsaol a raibh an paróiste seo chomh bocht is gurbh é a gclochneart grein beatha a choinneáil faoin bhfiacail. Tá athrú dochreidte tagtha ar an gceantar ón am ar caitheadh mise ar an sop i 1942. Ba as talamh a bhí formhór na ndaoine ag baint slí beatha ag an tráth sin. Is leor súil a chaitheamh fós fhéin ar na breaclachaí talún atá ag síneadh ó phortach go cladach siar le bóthar Chois Fharraige chun a thuiscint gur le cruatan agus le hanró a mhair na daoine agus gan acu ach ón láimh go dtí an béal ar éigin.

Bhí a shliocht orthu. Soir ar bhóthar na míre a fuadaíodh a gclann mhac is iníon i mbláth na nóige ar thír an oideachais; gan focal Béarla in bpoit agus iad ag tabhairt a n-aghaidh go dúshlánach ar an sclábhacht a bhí i ndán dóibh i Sasana agus i Mairiceá. Ní raibh duine in aon rang liom sa Scoil Náisiúnaí mar shliog an míre ar thír an oideachais. Chlaic muid leis gur seandream an chomhchineál a bhí i ndán dúinn agus bhí leis orainn ná réir ag muid leis arís a mbeadh muid se bliana déan chun ar n-aghaidh a thabhairt ar Londain.

Ní raibh saoirse de chineál ar bith ar fáil don aos óg i bparóiste an Chnoic ag an am sin. Bhí an míre mar a bheadh dúchan ag scrios na dúiche agus má bhí sé ag déanamh inni don Rialtas ná don Chomhairle Contae, níor thug mise faoi deara é. Gaoltaireacht in aimsir toghacháin ag cur cluain ar dhaoine ach gan aon chur leis gur bhí tracht air cé is moite de chorrghéabh oibre ar na bóithre.

Dar ndóigh níor imigh chuile dhuine. Coinníodh duine i bhfeighil an ghabhátais ar chuile theallach agus bhí sé de mheabhair i gcuid de na daoine a gclann a ghriósadh i

dtrean an oideachais. Bás m-athar go bog a d'fhág mise i bhfeighil an ghabhátais chomh maith le comhairle mhaith ó Pháraic John Mac Fhlannach.

"Sé mo bharúil go ndearna an dream a d'imigh fobairt mhór a n-ard na puint agus na 'dollars' a sheoladh ar ais a choinnigh snáth faoin bhfiacail sa mbaile agus beidh an t-ómós sin agam dóibh nó go dté mé dtalamh. Rinne an dream a d'fhan fobairt freisin. Ní raibh raidió ná teilifís, cumhacht aibhléise ná tisce reatha, fón ná ríomhaire ná tiostail de chineál ar bith sa bparóiste. Ba é Bóthar an Rí a bhíodh mar phríomhártha againn, chuile Dhomhnach nuair a thosaíodh an smíchadhlais na cáinní droighin. Cead ag ceo charr a bhíodh ag dul ar bóthar tarraingt suas nó go maoladh coimhlint ná hiomána nuair a thosaigh an liathróid thar claí. Ní raibh muid ag fáil bháis leis an ocras ná baol orainn, mar go raibh muid in ann dalladh fataí, glasraí agus iasc a sholáthar dúinn fhéin ach ba léir gur ceantar bánaithe a bheadh ann mura gcuirtí séideog na beatha faoin gcaighdeán maireachtála.

Ba é bunú Chumann Forbartha Chois Fharraige an chéim chun cinn

ba thábhachtaí dár tharla sa bparóiste le mo linn. Ba suarach é mo chionn, i gcomórtas leis na cinnirí pobail a raibh fíis agus dóchas dá maíomh chun cinn, ach beidh mé bródúil go brách go raibh sé de ádh orm a bheith páirteach leo sna mór-iarrachtaí a bhí an paróiste ó bhás go beatha.

Ba é mana againnsir, "Bíodh rud agat dhuit féin nó déan do ghoradh leis an ngréin," a bhí ann a bhlaith againn agus tacaíodh dá ról againn go raibh istigh a n-ach a dhéanadh fobairt ar an bparóiste. In ionad láimh a bheith sínte amach go síoraí ag iarraidh déirce.

Forbairt

Tá cuid de chach le buaidh faoi forbartha pobail; brú leanúnach ar iarrachtaí an Stáit le tacaíocht is tacaíocht móruid cois, ach ba buaidh faoi le fáil lenár dhá láimh féin a bhí ann a chéad reghaí againn a n-aghaidh ar bith orainn ar nglór a aon agus dúshlán éagraíochtaí an Stáit a thabhairt go teann tríd an nuair a tháinig sin.

Ba oideachas a bhí ann do chuid againn sa méid is go bhféadfaí a bheith go hascair i bpoil puirt ag forbairt na páirc peile lá againn agus glan sciúrtha áras sa Dail ar

thoscaireacht an lá dár gcionn. Nuair a roghnaíonn coiste an obair a eagrú iad fhéin, bíonn a mbeartas níos follasaí don phobal agus bhí a shliocht orainn; bhí bá an phobail linn agus iad sásta láimh a chur ina bpóca nó a theacht i gcabhair orainn ar bhealach ar bith dar fhéad siad. Ní thuigeann pobail cé chomh cumhachtach is atá siad nó go dtosaíonn siad ag obair as láimh a chéile. Cothaíonn se féinmheas agus bród as cuimse.

Ba é an chéad mhaith ar rinne Cumann Forbartha Chois Fharraige ná suíomh a bhí ag Coimisiún na Talún, amach ar aghaidh na Ceardscoile, a cheannacht ar luach réasúnach. Soir linn chomh fada le hoifigí Ghaeltarra Éireann ansin nó gur thairg muid an talamh dhóibh saor in aisce is gur mheabhraigh muid dhóibh gurbh é a ndualgas tionscail a lonnú ann. Ní leo ab fháilí. Lena gceart a thabhairt dhóibh is iomaí punt, scilling agus pingin a saothraíodh ann ó shin.

Ba é bunú Choláiste Lurgan i 1967 a chruthaigh an chéad theacht isteach do mhórchuid daoine sa bparóiste. Ní hé amháin gur chuir sé punt i bpóca bhean an tí ach chuir sé dlús le tionscail na tógála sa méid is gur thosaigh daoine ag tógáil seomraí folctha agus ag ligean fairsinge ar a gcuid tithe. Bhí sin de chompoird acu fhéin an chuid eile den bhliain nuair a chríochnaíodh séasúr na scoláirí. Solas na bhFlaitheas do Phól Ó Foighil mar b'ait é, leis an gceart a rá.

An rud nár chleacht duine ní mhothaíonn sé easpach dá uireasa agus b'amhlaidh le cúrsaí uisce é. Bhí tobar nó dhó ar chuile bhaile agus ba leor sin don seandream ach nuair a bhíodh an paróiste plódaithe le scoláirí Gaeilge ba ghearr nach raibh deoir fanta ar thóin na dtoibreacha agus daoine ar anchaoi cheal uisce. Ba éachtach an beartas bualadh faoi ghrúpscéim uisce ag an am. An grúpscéim ba mhó dár eagraigh coiste deonach sa tír ariamh roimhe. Ba léir dúinn nach mbeadh uisce reatha ar fáil go ceann scór bliain eile dá mbeadh muid ag braith ar an

gComhairle Contae. Socraíodh go ndéanadh muid fhéin é.

Roinneadh an paróiste idir bhaill an Choiste agus muid ag dul ó theach go teach ag iarraidh síntiús áitiúil de trí scór punt an teach a bhailiú. Slám mór airgid ag an am. Bunaíodh Comharchumann chun stádas oifigiúil a thabhairt don togra. Ba é Pól Ó Foighil a bhí mar bhainisteoir agus ba é Timín Joe Tim Ó Curraoin agus a fhoireann oibre a thosaigh ag leagan na bpíopaí. B'fhurasta é a rá ná é dhéanamh. Ní raibh an *rock breaker* tagtha de mhaith ar an saol ag an am agus ó tharla go raibh ochtú faoin gcéad den trinse le n-oscailt thrí lom cruacha, tuigfidh sibh fhéin nach ndéanadh é ach daoine a raibh a gcroí is a n-anam sa bparóiste. Bhí an píosa cainte a rinne Timín Joe Tim ag oscailt oifigiúil na scéime ina thógáil croí chomh mór domsa le léamh na bunreachta i Sráid Uí Chonaill i 1916.

Misneach

Ní raibh dúshlán ar bith rómhór dhúinn ag an tráth seo. Socraíodh bualadh faoi pháirc imeartha agus faoi p h i n n i ú r liathróid láimhe chun go mbeadh c a i t h e a m h aimsire breá folláin ag óige an cheantair. As láimh láidir arís dár ndóigh, muid fhéin ag bailiú airgid ar chuile bhealach dár fhéad muid. Bhíodh an díolachán earraí a d'eagraíodh na mná ag tabhairt isteach os cionn sé mhíle punt sa m b l i a i n . Mórchuid airgid ag an am. Ní mórán de dheontas an Stáit a fuair Páirc Peile

Mhichíl Bhreathnaigh. Faisean éagórach a bhí ag na heagraíochtaí Stáit ag an am coistí a raibh déantús maitheasa iontu a mharcáil go cruach, in ionad a bheith dá gcúiteamh as forbairt iontach a bpobail. Casadh corr Státseirbhíseach linn a bhí sásta na rialacha a lúbadh agus ba mhór ár meas orthu dá réir.

I dteannta a chéile ab fhearr muid. Cuimhním ar bhliain amháin ar chaith an coiste saoire na Nollag ag tolladh na carraige a bhí suas le taobh thiar na páirce. Muid chomh geal le 'Santa Claus' ag deannach ón gcloch eibhir ach oiread spleodair sa gcomhlúadar is go raibh sí chomh taitneamhach le haon Nollaig dár chaith mé ariamh. Ní náireach don pharóiste na háiseanna a cuireadh ar fáil is atá dá riaradh go slachtmhar ag an gcoiste atá i mbun na háite faoi láthair.

Ní raibh na meáin chumarsáide ag freastal go cóir ná go ceart ar phobal na Gaeltachta agus d'iarr an Cumann Forbartha raidió a dhéanadh freastal ceart ar na



Pól Ó Foighil (1929 - 2005)



Tommy Ó Scanláin ag tochailt (thart ar 1979)

ceantair Ghaeltachta. Bhí an toradh chéadfach ar an iarratas. Bunaíodh stáisiún raidió den scoth le foireann oibre ó na Gaeltachtaí a thuig a gnó. Mothaím claonadh beag le scaitheamh a bheith ag freastal ar na *Tam Ratings* ach sílimse dá mhéid aird dá dtugtar ar na *Tams* gur lú a bhéas an raidió ag freastal ar an aidhm a bhí lena bhunú.

Rinne an Cumann Forbartha éileamh ar Údarás Gaeltachta freisin. Ba é an feall gur ghlac na páirtithe polaitíochta seilbh ar na toghcháin, mar gurb é mo thuairim gur chuir sin bearach i mbéal scoth na gcinnirí pobail. Ní raibh an díocas céanna faoin iarracht dheonach dá bharr ach ní hionann sin is a rá nach chun tairbhe a chuaigh an tÚdarás don Ghaeltacht.

Cultúr

Níor lig an Cumann Forbartha láimh mharbh i gcúrsaí cultúir ach oiread; nuair a smaoiním siar ar na comórtais idir bhailte agus ar na hoícheanta áirneáin a bhíodh againn sa nGairmscoil, cuirim beannacht Dé le hanam na marbh. Bhí sé de onóir againn Oireachtas na Gaeilge a athrú amach as Bleá Cliath den chéad uair

agus é reáchtáil i gCois Fharraige d o n chosmhuintir nach raibh in acmhainn a dhul chomh fada leis sa ngealchathair.

Is liosta le háireamh na tograí ar fad a raibh láimh ag an g C u m a n n Forbartha iontu. Ní leor alt fánach mar seo chun leath na hoibre a lua. Sílim gurbh fhiú an stair a scríobh sula ligfear an iarracht i ndearmad. Tá fuíoll na bhfuíoll sa gceantar anois

agus é ina áit maireachtála chomh hálainn is atá le fáil ar dhroim an domhain. Ba é an peaca go gcaillfeadh an paróiste a íomhá breá Gaelach ach ba shin é an deireadh a bhí na comharthaí sóirt a thuar. Gaeilge chraicneach ina hábhair fonóide agus gradam dá thabhairt don Ghaeilge a chodail amuigh. Shíl mé go raibh na haiséadaí dá bhfáil faoi réir do mo theanga dhúchais go dtí i mbliana. Níl fhios agam an r á m h a i l l í seanaoise atá ag spochadh liom ach feictear dom nár chuala mé oiread lánúin óga ariamh cheana a bhfuil cinneadh

déanta acu a gclann a thógáil le dea-Ghaeilge. Níor theastaigh a athrú ach an mheoin agus sílim go bhfuil an lá tagtha go mothaíonn tuismitheoirí gur fiú dhóibh sin a dhéanamh. Má chuirtear an síol Gaelach ar a' teallach beidh sé de dhualgas ar an Roinn Oideachais é a leasú le teagascóirí atá foirfe inár gcanúint is inár gcultúr.

Ba é an Gorta Mór a ruaig formhór ar sinsear i dtreo an chladaigh ach chuir siad rútaí i dtalamh agus mhair siad de bhuíochas dár bhain an saol is an namhaid astu. Níl cúilín talúna ar fud an pharóiste nár leasaigh siad lena gcuid allais chun go mbeadh só agus compoird ag glúin an lae inniu. Nach suarach an teist ar chuimhne ár sinsir é mura dtabharfadh muidne an oidhreacht slán sábhailte don ghlúin atá le theacht. Níor chaill fear a' mhisní ariamh é. Má mheasann muid go bhfuil aon easpa ar áiseanna na huaire, ná bíodh leisce ar bith ar ghlúin óg bualadh faoi iad fhéin.



Pádraic Ó Biadha agus Seán Mhicil Ó Conghaile ag píopáil

**Gach rath ar
Chumann Forbartha
Chois Fharraige
ó fhoireann
AIB An Spidéal.**



Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Fón: 091-593301 Facs: 091-593303

Trosacán & Soláirtí Oifige



Tigh Chualáin

Coill Rua


TEACH ÓSTA

agus

B & B




091-553609



Cló Iar-Chonnachta

Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Teil: 091 593307 Facs: 091 593362
cic@iol.ie www.cic.ie



LEAGAN DRÁMATÚIL

JOHNNY CHÓIL MHAIDHC Ó COISDEALBHA

a craoladh ar RTÉ Raidió na Gaeltachta.

Ocht nDlúthdhiosca €40

Arna fhoilsiú i gcomhar le RTÉ Raidió na Gaeltachta.

Tá rogha dlúthdhioscaí agus leabhar ar díol i siopa
Chló Iar-Chonnachta inár n-oifigí i
bPáirc Ghnó Shailearna, Indreabhán.
(trasna an bhóthair ó Choláiste Cholmcille)



pobal



forbairt



teanga

cultúr



ag obair ar son phobal
na Gaeltachta agus
na Gaeilge



Údarás na Gaeltachta

Údarás na Gaeltachta

Na Forbacha, Gaillimh

Teil: (091) 503100 Facs: (091) 503101

Ríomhphost: eolas@udaras.ie

<http://www.udaras.ie>

Lá Oidhreachta

Le dhá bhliain anois tá lá oidhreachta eagraithe ag an gCumann sa seanscoil agus cé nach raibh na sluaite ag briseadh síos doirse le theacht isteach ag an taispeántas, aon duine a tháinig isteach bhaineadar sásamh as na nithe a bhí os a gcomhair. Dóibh siúd nach raibh in ann a theacht tá blaiseadh beag anseo den saghas ábhair a bhíodh sa gceantar san am a caitheadh.

Thíos (ar chlé):

Cuinneog den déanamh nua – bhíodh ort seasamh suas leis an sean cheann.

In uachtar (ar dheis):

Ardnós – sular tháinig an t-uisce reatha chugainn i bpíopaí.

Thíos (ar dheis):

Níl aon tinteán ...



Lá Oscailte i dTearmann Éanna

Baineadh an-sásamh agus an-sult as an Lá Oscailte a bhí i dTearmann Éanna ar an Tulaigh ar an 14ú lá de Mheitheamh na bliana seo agus i measc an tslua mhóir a bhí i láthair bhí An tAire, Éamon Ó Cuív agus oifigigh ón Roinn, Príomhfheidhmeannach an Údaráis, Pádraig Ó hAoláin agus roinnt den fhoireann, Oifigigh ón FSS, ón gComhairle Contae, Teachtaí Dála, Comhairleoirí Contae agus baill tofa an Údaráis, dochtúirí, banaltraí agus cúramóirí áitiúla agus na sagairt áitiúla a bhíonn ag freastal ar riachtanais na ndaoine atá sean agus tinn.

Ag labhairt dó ag an bhFáiltiú, ghlac an tAth. Micheál Ó Flannabhra, SP, buíochas le hAosaigh an cheantair agus léirigh sé meas an phobail orthu as an gcreideamh, dearcadh saoil, cultúr, oidhreacht agus teanga a shín siad chugainn ar fad. Dúirt sé go bhfuil meas againn ar an saibhreas sin agus go dteastaíonn ón bpobal a bhfuil de shaibhreas bronnta acu orainn a chúiteamh leo.

Dúirt an tAth. Ó Flannabhra freisin nach mbeadh sé ceart ar ócáid den tsórt seo gan aitheantas a thabhairt do Phól Ó Foighil nach maireann a rinne ceannródaíocht ag aimsiú na n-áiseanna don Aosach agus bhí an Coiste gníomhach le roinnt de bhlianta faoi cheannródaíocht Phóil ag comhoibriú leis an Údarás, le Chomhairle Contae na Gaillimhe, le Roinn na Gaeltachta, leis an FSS agus leis an Roinn Comhshaoil

ag iarraidh freastal ar an éileamh atá ar sheirbhísí agus t-easpa sin a leigheas. Dúirt sé gur theastaigh uaidh aitheantas a thabhairt freisin don taighde “Sláinte agus Fad Saoil ár Muintire” a chur Ann Irwin le chéile go proifisiúnta ar iarratas ó Chomharchumann Shailearna Teo. agus maoinithe ag Údarás na Gaeltachta agus ag Cumas Teo.

Coiste ionadaíoch sa bpobal seo é Coiste na nAosach a bhfuil ionadaithe



Coiste Chumann Forbartha Chois Fharraige agus aoíanna

Ó chlé: Katie Uí Chualáin; Aodán Mac Donnchadha; Pádraig Ó hAoláin, Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta; An tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Éamon Ó Cuív, T.D.; Sórcha Nic Dhonnchadha; Pádraic Willie Ó Fatharta; Niall Ó Céirín, Ailtire; An tAthair Micheál Ó Flannabhra, S.P.; An Comhairleoir Seán Ó Tuairisg agus Seán Cuddy, Tógálaí ag Lá Oscailte Éanna.

air ó Chumann Forbartha Chois Fharraige, ó Chomharchumann Shailearna Teo. ó Forbairt Pobail Teo agus ó Údarás na Gaeltachta. Tá breis agus €3 mhilliún caite ag an gCoiste cheana féin le 32 theach bheaga a chur ar fáil mar aon le 9 n-árasán de scáth-tíochta le freastal ar dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu, Ionad Lae agus Minibus atá ansin mar sheirbhís don Aosach. Tá tús curtha cheana féin le ionad nua sláinte den scoth a thógáil ar an suíomh céanna agus níl curtha san áireamh anseo ach an luach a bhaineann le seirbhís freastalachta.

Ar fhaitíos go mbeadh aon mí-thuiscint faoin mbealach a roghnaítear tionóntaí do na tithe, mhínigh an tAth. Ó Flannabhra an córas don slua. Ní bhíonn fabhar ar bith i gceist. Caithfidh an tionónta a bheith ar liosta an Chomhairle Condae do dhaoine atá i dteideal tí. Fostaíonn Coiste na nAosach duine cáilithe sa gceird sin, le chuile dhuine a chur faoi agallamh agus liosta de na daoine is mó agus is géire a dteastaíonn teach uathu in ord príorachtaí a réiteach don Choiste agus oibríonn an Coiste de réir na dteoracha sin. Is é Aodán Mac

Donnchadha atá ceaptha ag an Údarás le feidhmiú mar bhainisteoir don choiste sin.



Ag barr (ar dheis): An tAth. Ó Flannabhra faoi lánseol agus faoi sin tá Máire (an Ghabha) Uí Chualáin agus Rita Uí Dhonnchadha ag baint an-taitneamh as a bhfuil á rá aige, seans.

Ansin ar chlé, tá Colm Ó Curraoin agus ar dheis tá na 'Cailíní Órga', Mairéad Uí Mhaoileoin, Colette O'Neill-Anderson (ina seasamh), Máire Uí Mhainnín agus Winnie Uí Mháille.

Ag bun, tá Tomás Ó Riada, Diarmaid Ó Finneadha, Pádraig Ó hAoláin (Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta), Triona Ní Fhinneadha, Éamon Ó Cuív (An tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta) agus Edel Ní Churraoin.

Is é Tim Thaidhg Ó Curraoin a bhí ag coinneáil an cheol leo (ag bun ar dheis).





Siopa an Phobail

Coill Rua
Indreabhán
Co. na Gaillimhe

Fón 091 593020
Facs 091 593338

SuperValu Indreabhán

Super Valu
Slopadóireacht mar is cóir

BOLUISCE

BIALANN • BIA NA MARA



(091) 553286
An Spidéal, Conamara



Clódóirí Lurgan Teo.
Indreabhán, Co. na Gaillimhe

Gach cineál clódóireacht
Bróisiúir, Nuachtlitreacha,
Leabhair, Póstaeir srl.

Dubh & Bán nó Lándaithe

Teil: 091 593251
Facs: 091 593159
R.Phost: clodoiri@eircom.net

Ní ón nGaoth



Caitlín Ní Chualáin as an Teach Mór, Indreabhán, buaiteoir Chomórtas na mBan ag Oireachtas na bliana seo caite.

Foireann agus Painéal Mhicheál Breathnach a bhuaigh an Chraobh Shóisir i gComórtas Peile na Gaeltachta 2006



Ar chúil, ó chlé: Declan Ó Tuairsg, Pádraig Ó Márta, Máirtín Ó Maoileoin, Damien Mac Diarmada, Dáithí Ó Fátharta, Jimí Ó Conghaile, Éanna Ó Conghaile, Caoimhín Mac an tSaoir, Séamas Ó Maoileoin, Ciarán Ó Ráighne, Mártan Ó Donnchú, Seán Denvir, Pádraig Óg Ó Conaire, Josie Ó Gríofa, Tadhg Ó Curraoin agus Páid Ó Sé.

Chun tosaigh, ó chlé: Ciarán Seoighe, Antaine Ó Loinsigh, Dónall Ó Héalaí, Tomás Ó Ráighne, Micheál Ó Neachtain (Captaen), Gearóid Ó Fátharta, Pádraig Ó Gríofa, Frainc Denvir, Tomás Ó Neachtain, Cóilín Ó Flatharta, Cathal Ó Conaire, Cárthach Bán Breathnach agus Rónán Ó Coisdealbha.

Comórtas Peile na Gaeltachta 2006

Comhghairdeas le foireann Sóisir A - Mhicheál Breathnach a bhuaigh an Comórtas Peile i mbliana. Ar An Spidéal a bhí Comórtas na bliana seo ar siúl agus thosaigh Na Breathnaigh amach le bua sármháith ar foireann An Spidéil. Ba iad Béal Átha an Ghaorthaidh a d'imir Na Breathnaigh sa gcluiche Ceathrú Ceannais – cluiche crua deacair ach choinnigh na leaids an cloigeann agus rinne siad an beart.

Thug siad a n-aghaidh ar foireann na Rinne sa chluiche Leathcheannais agus arís bhí cluiche thar a bheith crua acu ach d'éirigh leo ina dhiaidh sin fhéin. Ar an dó a chlog Dé Luan a bhí an cluiche ceannais ar siúl. Bhí an lá an-mheirbh go deo agus bhí Na



Pádraig bocht i ngéibheann!

Breathnaailigh ag tabhairt a n-aghaidh ar foireann an-láidir ó Dún na nGall, Gaeil Fhánada.

Ba iad Na Breathnaigh a fuair

an chéad scór sa chluiche – liathróid iontach ó Dháithí Ó Fátharta isteach i dtreo na cearnóige bige, áit a raibh Tomás Ó Ráighne ag fanacht chun cúl den scoth a aimsiú. Ina dhiaidh sin, bhí na Gaeil ag fáil an cheann is fearr i lár na páirce ach ansin rinne Na Breathnaigh an t-athrú a chas an chluiche. Cuireadh Pádraig Ó Márta isteach ar an líne lán tosach agus amach le Tadhg Mór Ó Curraoin. Chuir Ó Curraoin smacht ar imreoirí Gaeil Fhánada i lár na páirce agus bhí Na Breathnaigh in ann an liathróid a úsáid i bhfad níba éifeachtaí.

Tar éis na coimhlinte ar fad ba é Máirtín Ó Maoileoin a fuair laoch na himeartha d'fhoireann Mhicheál Breathnach agus ba é Éanna Ó Conghaile a fuair an gradam Imreoir na Deireadh Seachtaine do na Breathnaigh. D'imir an fhoireann thar cionn agus chuir gach éinne a bhí páirteach an-iarracht isteach an deireadh seachtaine ar fad. Agus seo thíos anois liosta de na laochra imeartha agus den phainéal a bhí páirteach sa deireadh seachtaine stairiúil sin.




Micheál Ó Neachtain, captaen fhoireann bhuacach Sóisear 'A' Chumann Mhicheál Breathnach 2006

Foireann agus Painéal Mhicheál Breathnach a d'imir i gCluiche Ceannais Sinsir Chomórtas Peile na Gaeltachta 2006




Ar chúil, ó chlé: Gearóid Ó Fátharta, Rónán Ó Fatharta, Caoimhín Ó Coisdealbha, Stiofán Ó Coisdealbha, Pádraig Óg Ó Conaire, Dónall Ó Curraoin, Eoin Ó Coisdealbha, Séamas Ó Conghaile, Cian Ó Gríofa, Éanna Ó Conghaile, Ciarán Ó Cadhain, Máirtín Ó Maoileoin, Seosamh Ó Conaire.

Chun tosaigh: Seán Ó Finneadha, Barraí Ó Conghaile, Liam Willie Ó Fátharta, Aodán Ó Fionnagáin, Philip Ó Coisdealbha, Shane Ó Conghaile, Feargal Mac Diarmada, Antaine Ó Finneadha, Donncha Ó Conghaile, Pádraig Ó Conghaile.



An Gaiscíoch Snámha



Éanna Ó Conghaile as an gCnoc, Indreabhán ar a bhealach abhaile tar éis éacht a bheith déanta aige sna Cluichí Oilimpeacha Speisialta Náisiúnta a bhí ar siúl i mBéal Feirste 21-25 Meitheamh 2006.

De thoradh a chuairte ar an taobh ó thuaidh bhuaigh Éanna Bonn Óir sa Rás Cúlbuille 25m; Bonn Óir eile sa Rás Sealaíochta Saorbhuille 25m, chomh maith le rás iontach a bheith aige i gComórtas Saorbhuille eile.

Táimid ar fad fíorbhródúil asat, a Éanna, agus go neartaí Dia do láimh le tuilleadh gaisce a dhéanamh amach anseo.

Cumann Liathróid Láimhe Mhichíl Bhreathnaigh

Séamas Ó Fátharta

Mol an óige agus tiocfaidh sí! Sea, is iad an dream óg, idir bhuachaillí agus cailíní, is mó a rinne gaisce ar na phioniúir liathróid láimhe i mbliana. Go deimhin rinne siad éachtaí mar gur bhain an Cumann amach 20 craobh faoi aois ar fad i gcomórtais Chontae na Gaillimhe ó thús 2006. Mar is iondúil, bhí go leor imeachtaí ar siúl do na haoisghrúpaí éagsúla i rith an tséasúir agus seo cuntas ar na príomh thorthaí a bhí ar na himeachtaí sin.

Comórtas "A" do Chailíní:-

Faoi-12 bhliain: Neasa Ní Mhaoláin.
Faoi-13 bhuaigh Sinéad Ní Ainlí agus bhain sí amach Craobh Chonnacht chomh maith.
Comórtas Dúbailte Faoi-12: Michelle Ní Choistealbha agus Clóna Ní Eidhin as Coill Rua.

Comórtas "B" do Chailíní:-

Faoi-12: Ciana Ní Churraoin.
Faoi-13: Róisín Ní Chuinn.
Faoi-15: Siobhán Ní Chonghaile.
Comórtas Dúbailte Faoi-12: Róisín Ní Chonghaile agus Sinéad Ní Longáin.

Comórtas "A" do Bhuachaillí:-

Comórtas Aonair:
Faoi-14: Fiontán Ó Curraoin a bhain amach Craobh Chonnacht agus a chuaigh go Cluiche Ceannais na hÉireann áit ar bhuaigh Pádraig Ó Cearbhaill as Luimneach air, ar éigean. Tá Craobh an Domhain buaite ag an bPádraig céanna sin ó shin.
Faoi-15: Diarmaid Ó Finneadha.
Faoi-16: Seán Ó Finneadha.
Faoi-17: Seán Denvir.
Comórtas Dúbailte:
Faoi-13: Mac Dara Ó Béarra agus Caoimhín Ó Conghaile.
Faoi-14: Peadar Óg Ó Gríofa agus Stiofán Ó Béarra.
Faoi-16: Iaos Howlin agus Séamas Ó Fátharta.

Comórtas "B" do Bhuachaillí:-

Comórtas Aonair:
Faoi-12: Cathal Ó Maoláin.
Faoi-13: Breandán Ó Conghaile.
Faoi-14: Fiach Ó Béarra a chuaigh ar aghaidh agus a bhain amach Craobh an Chúige.

Comórtas Dúbailte:

Faoi-12: Joe Ó Fátharta agus Naoise Ó Gibne.
Faoi-13: Gearóid Ó Finneadha agus Pádraig Ó hAinlí a chuaigh ar aghaidh agus a bhain amach Craobh an Chúige. Chuaigh Fiontán Ó Curraoin agus Fiach Ó Béarra go dtí Comórtas Oscailte na Mumhan, áit a ndeacha Fiach chomh fada leis an gCluiche
(ar lean ar lth 65)



Feistithe do Cheanada



Comhghairdeas

Ba iad Cumann Liathróid Láimhe Mhicheál Breathnach a bhuaigh comórtas “Féile na nGael 2006” i gCorcaigh i mbliana. Ar an bhfoireann sin bhí Fiach Ó Béarra, Stiofán Ó Béarra, Fiontán Ó Curraoin, agus Peadar Óg Ó Gríofa. (Ba é Mac Dara Ó Béarra an fear ionaid a bhí ar an bhfoireann.) In éineacht leo sa bpictiúr thuas tá Séamas Ó Fátharta (ar chlé) agus an tAth. Micheál Ó Flannabhra, S.P. (ar dheis).



Taisteal na Cruinne

Mairéad Ó Foighil

Aonad 4, An Spidéal, Co. na Gaillimhe

Suíomh Idirlín: www.tnc.ie

E-Phost: travel@tnc.ie

Fón: +353(0)91 - 553149

+353(0)91 - 504997

Facs: +353(0)91 - 553289





Ar barr: Éinne Ó Conghaile ag bronnadh léine Chumann Mhicheál Breathnach ar Thadhg Ó Curraoin ar a bhealach go Ceanada.



Thuas, ar dheis: Naoise Ó Gibne, Ciana Ní Churraoin, Sinéad Ní Ainlí Neasa Ní Mhaoláin, Breandán Ó Conghaile agus Mac Dara Ó Béarra



Fiontán agus Edel Ní Churraoin



Feile na nGael 2006: Buaiteoirí Feile na nGael Fiontán Ó Curraoin, Fiach ó Béarra, Stiofán Ó Béarra, Peadar Óg Ó Gríofa, MacDara Ó Béarra agus lucht tacaíocht tar éis a mbua i gCorcaigh.



Tony Hayes ag bronnadh na nduaiseanna ar Fhiontán Ó Curraoin agus Pádraig Ó Carroll tar éis Chraobh na hÉireann i Luimneach.



Lucht Féachana ag Craobh na hÉireann faoi 14 i gCeapach i gCo Luimnigh i mbliana.



1



2



3



4



5



6



7



8

Ceathrú Ceannais agus chuaigh Fiontán go dtí an Cluiche Ceannais, áit a bhfuair Seaimpín an Domhain an ceann is fearr air. Tá muid ag scríobadh leis an gcuid is fearr acu anois.

Chuaigh Mac Dara Ó Béarra agus Sinéad Ní Ainlí go Páirc an Chrócaigh don chomórtas dúbailte measctha agus bhain siad an-sult as a n-aistear cé nár bhain siad aon ghradam amach.

Foirne

Bhí na leids óga páirteach i bhfoirne Contae i mbliana chomh maith. San aoisghrúpa 12/13 bhí Ruadhan agus Mac Dara Ó Béarra ar an bhfoireann a chuaigh chomh fada le Cluiche Ceannais na hÉireann. San aoisghrúpa 14/15 bhí Peadar Ó Gríofa, Stiofán Ó Béarra, Diarmaid Ó Finneadha Iaos Howlin agus Fiach Ó Béarra ar an bhfoireann a chuaigh chomh fada leis an gCluiche Leathcheannais. Bhain Stiofán Ó Curraoin agus Fiontán Ó Béarra an-sult as an gcomórtas i Sligeach. Chuaigh Fiontán chomh fada leis an gCluiche Ceannais Náisiúnta agus chuaigh Stiofán chomh fada le Cluiche Leathcheannais an Phláta.

Ní raibh fágtha anois ach “Féile na nGael” agus bhí bís cheart chríochnaithe ar na leids Faoi-14 dul céim níos faide i mbliana. Síos go Corcaigh i mí an Mheithimh chuaigh Fiontán agus Fiach, Peadar Óg agus Stiofán, agus Mac Dara ina fhear ionaid. Bhuaigh siad a ngrúpa féin go héasca ar fhoirne as Corcaigh, Ciarraí agus An Dún, agus bhuail siad Léim an Bhradáin as Cill Dara sa gCluiche

Leathcheannais. Ba iad Maigh Cuilinn a chas orthu sa gCluiche Ceannais agus tá an-aithne acu seo ar a chéile le cúpla bliain anuas. Chuir Maigh Cuilinn an-taispeántas suas agus chuir siad scéin i mbuachaillí Chois Fharraige ar feadh scaithimh ach bhí Micheál Breathnach beagán níos láidre agus níos sine ná leids Mhaigh Cuilinn agus thug siad leo Corn Harry Haddock i ndeireadh báire. Bhí na tinte cnámh lasta an mhaidin fhliuch Domhnaigh, an 14ú de Mheitheamh ó Bhoth Chuanna go Ros an Mhíl nuair a d’fhill na laochra óga abhaile.

Daoine Fásta

Ar an gcóras oscailte a himríodh craobhacha Chonnachta aríst i mbliana do na daoine fásta. Ghlac Fearghas Mac Lochlainn, Domhnall Ó Céidigh, Gearóid Ó Fátharta, Pádhraic Ó Fátharta, Noel Ó Droighneáin, Tadhg Ó Curraoin, Colm Ó Cualáin, Pádhraic T. Ó Conghaile sna comórtais, agus cé gur chuir siad sias an-taispeántas níor éirigh leo an Chraobh a bhaint amach. Bhuaigh Noel Ó Droighneáin agus Peter Mulryan as Béal Átha na Sluaighe na Gaillimhe sna “Máistrí Domhanda” a himríodh i ndiaidh Chraobh Chonnachta. Fuair Séamas Ó Fátharta agus Pádhraic T. Ó Conghaile greadadh ó bheirt as Dún na nGall i mBabhta Leathcheannais na hÉireann sna “Máistrí Domhanda” i mbliana.

Rinne Gearóid Ó Fátharta éacht aisteach i gComórtas F.B.D. Náisiúnta Chríostal Phort Láirge nuair a chuaigh sé chomh fada leis an gCluiche Ceannais sna “Máistrí Órga” agus ba é féin an t-aon Chonnachtach a thug píosa criostail ar ais abhaile leis agus é

buaite aige. Imríodh Comórtas an Chiseáin Torthaí maidin Lá Nollag seo caite, mar is gnách, agus bhí an lá le Gearóid agus Liam Ó Fátharta an iarraidh sin.

Ar Chomórtas Náisiúnta na Gaeltachta is mó a bhí an chraic agus an spórt i mbliana. Fuair Micheál Breathnach an ceann is fearr ar Árainn, Maigh Cuilinn agus Lios Póil Chiarraí sna babhtaí leathcheannais. Bhí Pinniúr Mhicheál Breathnach go drad nuair a chas Gearóid Ó Fátharta agus Fearghas Mac Lochlainn ar Mhurchadha Ó Dorchú agus Máirtín Ó Conghaile as Maigh Cuilinn. Bhuaigh Gearóid agus Fearghas an chéad chluiche go héasca agus bhí siad chun cinn go maith sa dara cluiche ar feadh tamaill nó gur tháinig beirt Mhaigh Cuilinn aniar aduaidh orthu agus bhuaigh siad sin an tríú cluiche chomh maith.

Choinnigh Timín Ó Curraoin agus Colm Ó Cualáin an brat ag luascadh i gComórtas an Domhain i gCeanada i mbliana. Chuaigh Timín chomh fada leis an gCluiche Ceannais i gComórtas Aonair an Phláta. Rinne sé an beart céanna sa gComórtas Náisiúnta “Balla Amháin” i Sligeach i mBliana. Nár laga Dia é.

Reáchtáil an Cumann dhá Champa Samhraidh i mbliana, an chéad cheann d’fhoghlaimeoirí agus an dara ceann dóibh siúd a bhí ag cur barr slachta ar a gcuid scileanna. Bhí comórtas iontach ann le linn na gCampaí sin agus murar baineadh sult agus spórt astu ní lá go maidin é.

Na Pictiúir ar chlé

- 1 Timín Joe Tim ag breathnú ar thaispeántas a bhí ar siúl i Fort Edmonton ar an gcaoi a ndéantaí próiseáil ar fheoil an Bhuabhail (Buffalo). Seo an áit ar thosaigh baile Edmonton féin.
- 2 In éineacht le Paul Williams, Uachtarán Chomhairle Liathróid Láimhe an Domhain.
- 3 Timín agus Aldo Burga as Ceanada a ghlac páirt i

- gComórtas Dúbailte os cionn 70 bliain d’aois.
- 4 Timín Joe Tim, Morgan Darcy as Maigh Cuilinn, Colm Mharcais Ó Cualáin agus Frank Peters as Maigh Cuilinn ó dhúchas ach atá anois ag teagasc in Ollscoil Alberta in Edmonton Ceanada.
- 5 Leis an imreoir cáiliúil, Danny Bell, as Quebec Ceanada, fear a mbíonn an-tóir air freisin mar réiteoir.

- 6 Colm, Timín agus Peter Mulryan as Béal Átha na Sluaighe ag baint sásaimh as Fleadh deiridh an Chomórtais.
- 7 Colm, Michael Walsh an t-imreoir cáiliúil as Cill Chainnigh, Timín agus Aldo Burga as Ceanada.
- 8 Peter Mulryan, Colm, Merv Deckert an t-imreoir cáiliúil as Ceanada, agus Timín ag an bhFleadh.



Comhghairdeas le **TG4** as an éacht
atá déanta acu le deich mbliana anuas, ó
tháinig siad ar an aer den chéad uair i
1996. Tá siad in ádh na Gaeil agus na hÉireann.

Campaí Liathróid Láimhe 2006



Campa 2

Ar chúil ó chlé: Gearóid Ó Fátharta, Timín Ó Curraoin, Colm Ó Fátharta, M. Ó Conghaile, Gearóid Ó Finneadha, Máirtín Nualáin Ó Tuathail, Ruadhán Ó Béarra, Caoimhín Ó Conghaile, Pádraig Ó hAinlighe, Mac Dara Ó Béarra agus Séamas Ó Fátharta.

Sa lár: Clíona Ní Eidhin, Cathal Ó Maoláin, Joe Ó Fátharta, Colm Ó Cualáin, Breandán Ó Conghaile, Kealan Breathnach.

Chun tosaigh: Neasa Ní Mhaoláin, Róisín Ní Chonghaile, Sinéad Ní Ainlí, Ciana Ní Churraoin, Naoise Ó Gibne, Donncha Ó hAinmhire agus Cian Breathnach.



Campa 1

Ar chúil ó chlé: Séamas Ó Fátharta, Páraic Ó Fátharta, Pádraig Ó Tuathail, Caomhán Ó hIarnáin, Damien Ó Coistealbha, David Ó Fátharta, Ronán Ó Beoláin, Cian Breathnach, Cian Ó Fatharta, Tomás Ó Maoláin, Darina Ní Challanáin, Rachel Ní Niadh, Loretta Ní Challanáin, Róisín Ní Chonghaile, Tadhg Ó Curraidhin.

Sa lár: Hazel Ní Choistealbha, Johnny Ó Tuathail, Sinéad Ní Mhaoláin, Niamh Ní Chuinn, Tomás Ó Tuathail, Cian Ó Conghaile, Aodán Ó Beoláin, Ruairí Óg Ó Béarra, Dara Ó Fátharta.

Ina suí: Tiffany Ní Choistealbha, Antaine Mac Donncha, Tadhg Ó Conghaile Ó Muirí, Rónán Ó Maoláin.

Peil i gCois FARRAIGE

Mícheál Breatnaic 1—7

An Spriocál 0—5

Péada sin! Níl lá dá fad naé otagann a éirídhóna. Cé gur síl na comarsannaí béal dorais naé otiocpaó uair na comhlinte go deo. An Spriocál agus an Cnoc? So o'ite. "Oerbi Conamara" eite a bí te beir i gCarna ar an gcéad úomnaic de Meiréamh o'neir tuamisceoir "Amáireac." Peil? Sea, peil sóisireac agus an dara bábta de comórtais na Craoibhe (Doro na Gaillimhe Tiar) a bí ann. Síl tú gur don dream amháin iad muintir an Cnoic agus muintir an Spriocáil agus gur don foireann amháin peile a bhíonn acab? Huil, ná síl níos mó é ac sul a nócáig mé níos faoi te cá sé cóim-maíe dom an scéal sin a déanamh níos soiléire agus beagán de stair peile éanntam Cois Farráige a inseaic.

Taca an ama seo anuraic a éosaig laois óga an Cnoic a' cumhneamh ar foireann peile a éur te éite. Bí cúpla rui a spreag iad le é seo a déanamh. Céap roim naime de muintir a' paráiste go raib bailia laois óga ann le go bpeapaisís féin foireann mionúim agus foireann sóisireac a éur amac. Cuiu de na naime céanna éireveapar go n-éireic a' bpa níos fearr leo dá bpeapaisís foireann de luic a' paráiste s' acub féin a éur amac ná mar a n-éireic leob-dá bpa níos leis a' Spriocál go bráic. Cabraig an mat nua go mór leob: go scaipead dume mirt le foireann as a paráiste féin, dá mbead a leicéio ann, sin nó gan mirt le foireann ar bié eite. Tús na Saína a cumead ocús leis a' bfoireann nua go h-oipigiuil. Cé'n t-ann a éabar-faisis oréab féin? Mícheál Breatnaic, ar nócáig. Sea, ní raib ann ac ac-beotéan an tsean-míicil Breatnaic—foireann a raib sé de gnamh acab gur báin siad amac craob an comdae, uair amháin.

U'pata te cumann a' dá paráiste go bpaigean a gcuir foirne siolta ar a éite. Ac ní aonéob na Breatnaic te cluicé oúcláin. Luac nó mat éaspaí an Spriocál dóib agus b'féidir nár beag dóib a éúisce. Iuir a' dá linn rinne na Breatnaic a míle oíceall le naé mbé-arpai ma gcuilad oréa. Níl 'fios cé'n cleacac a rinne siad agus cé gur éamais an cluicé únan i bpa níos éúisce ná 'bí comie acab leis péad féin gur móire a socar an cleacac céanna. Sea! Bí an "oerbi" socraic le h-aíar an céacrú lá de mí Mheán an tSamraic ac bí sé beagáinín ró-fada ó baite le go bpeapad don dream cacaic de naé gáibín in émoic le ceacac den dá foireann. D'é an dara bábta de na craob éúicé é agus ó éan-la gur buailead 'éaon foireann oíob sa gcéad bábta is i "roim na gcaill-teoiri" a bí siad. Péibí cé'n foireann a éallpead bead an foireann sin amuig as an gcomórtas go éionn bliana eite.

Is cosúil go raib an lá leis na Breatnaic ó éosaic báine. Bí a noíam ag Séamas Ó Beinn mar éapcín míicil Breatnaic agus socraic sé 'mirt leis a' ngaoicé. Bí cóir réasúnta gaoicé amair ann agus is gearr go raib cúpla pointe scóráite ag muintir a' Cnoic. Tamaitlin 'na diair sin éamais a' peil isteaic aríst agus nuair a n-éirig Prom-

sias Ó Fácarta san aer ma diair fuair sé buille sa mbotg ó Séamaisín Ó Droisneam. Gan mórán muilté bí a annm tógta ag an réiteoir agus bótar 's bata tugta aige na Séamaisín. Bí an ceart ag an réiteoir nuair a tóg sé a annm ac ní mórán duine ar éairicis an socraic leis—ceapad go raib sé beagán ró-cobann agus go mba éeart ró seais eile a éabairt don peileadóir cluicé sin as a' Spriocál. As sin amac níor báol don réiteoir smaic a éalltead ar an gcuicé agus má's an sin a bí sé a' cumhneamh ó éús, b'féidir nár éeart 'beir a' tromacáin ró-mór air. Cé's móire de cúpla tuairteáil anseo is ansíu ba éúicé spóirtúil glan é as sin go veiread.

Fuair fear a' éleacac móir—Timín Ó Curraom—cúil do muintir an Cnoic beagac leat bealaig trío a' gcéad leat agus as sin amac éomais siad 'un tosaic go maic ar a' Spriocál. Timpeall an ama céanna éus siad-san cúpla ionnsaí láoir ar éúil a' Cnoic agus is beag bíneac nár éúir liam Ó Tuacáil a' peil báire san eangac—dá mbead a leicéio ann!—as rúcam i mbéal na ceannóicé; ac b'éigín ró 'beir sásta te pointe.

Ní gan a sean-ome o'mmí 'beir oréa a éuag na Breatnaic in éadan an Spriocáil agus na gaoicé 'sa dara leat agus ar pead tamait bí an éosúlaic air go mb'féidir go ocamangeoó an Spriocál éirio—ní raib a' teastáil uata ac éúil. Sea! staic de éúil: rui a bí o-ééanta leis na Breatnaic an lá sin síleá. Le linn an ama seo éimnte seas a gcuir cacaic an fóo agus níl dábt ac gur iad a sáibáil a' lá don Cnoc. Ac tá molaó ar leic a' gáibáil do páo-raic ós Ó Fácarta a rinne Seán Mac Oireacáicis ró féin iom a' dá cuailte. Sáibáil sé cúpla ceann uapásac éimnte. Nuair a bí a' éúir is mó dá b'pumeamh 's dá spreacac míicé. éuag tosaicé an Cnoic siar ar an ionnsaí aríst gur gearr Séamas Ó Beinn trío a raib sa mbealac air agus fuair sé pointe ál-ann. Sea, bí an lá leis a' gCnoc go éimnte, ac le barr slacra a éúir air fuair Promsias Ó Fácarta pointe eite.

* * *

Bí buaite ag na Breatnaic ar a' Spriocál agus é tuilte go maic acab.

O'mmí 'éúite duine de muintir a' Cnoic a éion ac is beacair gan tagairt a déanamh de corra-duine go speisialta. Céap mé féin gur é an fear i lár na páince, Cnocstóir Ó Scantáin, an t-im-reoir ab fearr ar a' bpáirc. Uair a' bié a raib gáil leis (agus ní ró-míicé é) rinne sé éion beirce. De na fir éúil bí an éúil báire agus Mícheál Ó Congaite ar feabas—eisean a éúir smaic ar a' b'páir is mó a b'puit éúil air o'foireann a' Spriocáil: an Congaiteac beag. Bí an lán éúil páo-raic Mac Diarmada an-éabáicte preisin agus éeamh a raib bascaicé den éúir eite—Fácartaig na h-éúile. De na tosaicé bí an-lá ag Seósamh Ó Congaite, Promsias Ó Fácarta, Mícheál agus 'ar nó' Timín Ó Curraom a rinne an-job den Treasac. Maidir leis a' Spriocál, a' Congaiteac as na míne tofa agus Máircín Ó Congaite a' cuiriú leis sa dara leat, go h-éúirce. Bí "cuma na maiceasa" ar Seánín Ó Neacacac ceart go leor agus bí cluicé maic ag a leat-tosaí láir—Congaiteac eite as na míne.

"Ní bhíonn a' ééad duine buicé ná oimbusac" veirecar, ac bí na Breatnaic buicé go leor as a' gcéad éúicé leis a' Spriocál. Cúirpead dream éicint gnóacacáil agus éanla gur don Cnoc a bí sé i noán an bátra seo. Ní bhíonn foireann a' bié gan constaic éicint a beir sa mbealac oréa go h-ionóúil agus sé 'n éas céanna ag a' Spriocál é. Ac nuair a bíos na constaicí sin cúirt a leat-taob (agus gan don constaicí móra eite a beir sa mbealac) tá sínt a'mm ar fad go gcaipad an dá foireann seo ar a ééite aríst agus go ocamangeoó siad taibheacac de peile-easómeacac éúicé spóirtúil únn—an peileadómeacac is tuat dóib. Iuir a' dá linn (beir a b'pumeamh inuicé nuair a foillseopar é seo) guimio a' t-áó le foireann peile míicil Breatnaic ms a' gcuir eite den comórtas craob éúicé.



Gliondar na Bua

Foireann Mhicheál Breathnach ag ceiliúradh a mbua ar Gaeil Fhanada i gCluiche Ceannais Peile Chomórtas Peile na Gaeltachta 2006.

An scór deiridh: Micheál Breathnach 3-10 – Gaeil Fhanada 1-13

Paidreacha agus Rannta

As oidhreacht paidreacha agus rannta atá bailithe ag an Athair Ó Flannabhra, chuir Rang na hIdirbhliana i gColáiste Cholm Cille in Indreabhán féilire deas le chéile do 2006 agus seo a leanas sampla de chuid acu.

Go raibh fáisceach bharróg Dé ar na guaillí seo,
Go raibh tuirling An Spiorad Naomh ar an gceann seo,
Go raibh comhartha Chríost ar an éadan seo,
Go raibh éisteacht an Spiorad Naomh ins na cluasa seo,
Go raibh cumhracht an Spiorad Naomh ins an tsrón seo,
Go raibh feiscint muintir nimhe ins na súile seo,
Go raibh comhrá muintir nimhe ins na beola seo,
Go raibh obair Eaglaise Dé ins na lámha seo,
Go raibh leas Dé agus na gcomharsana ins na cosa seo,
Go raibh áit ag Dia ins an gcroí seo,
Go mba le Dia, Athair uile, an duine seo.

Déan fómhar buí sa nGaeltacht
Den ithir a spré ár sleacht
Lonnraigh an seod nár léir dúinn
Chun ár gcultúr fhéin a bhaint.
Aibigh dias na Gaeilge
Nó ní bheidh an síol le craith
Do gach duine dá bhfuil dá choisteáil
Go méadaí Dia gach maith.
Oibreoidh muid as lámh a chéile
'S ní bheidh ár saothar gan rath.



Máire Mhicil Tada, deirfiúr an scríbhneora Micheál Breathnach as an Lochán Beag – a bhí pósta le Seáinín Beag Ó Tuairisg agus ina hucht a mac Pádraic (Sheáinín Bheag); ansin Seáinín Beag Ó Tuairisg agus a iníon Máire agus ar dheis tá Síle, máthair Mhicheál Breathnach (Ní Fheinneadha roimh phósadh di), agus Maidhc Sheáinín Bhig faoina láimh aici. Tógadh an pictiúr i 1926.

AN tSUIRBHÉIREACHT AR GHAELTACHT NA GAILLIMHE 1968/69

BROLLACH

Tá Gaeltacht na Gaillimhe ar an limistéar neamhscoilte is mó da bhfuil fágtha a bhfuil cónaí ar chainteoirí dúchais Gaeilge ann, agus ar an ábhar sin beidh slánú na Gaeltachta go léir ag brath ar cad a tharlóchas anseo. Mar a leirítear ins an tuarascáil seo, áfach, tá sí ag stáid chriticiúil i gcath na beatha. Muna féidir anáil na beatha a shéideadh isteach inti ANOIS, caillfear an Ghaeltacht go deo. Caithfidh an séideadh sin a theacht ón Stát.

Is ainsileach agus is achrannach na galair atá ar an Ghaeltacht; níl aon uile-íoc fana gcoinne. Ins an tuarascáil deiridh seo cuirtear moltaí daingne áirithe chun cinn. Tá súil ag an fhoireann go nglacfar leo agus go gcuirfear i bhfeidhm iad sula mbeidh sé rodhéanach.

Is mór an dúshlán atá ann, ach ní lú an fhaill. Seo í an seans deiridh leis an Ghaeltacht a chaomhnú mar aonad cultúrtha: os a choinne sin, tá an deis ann thabhairt faoi chathrú réigiúin i dturgnamh pleanála a d'fhéadfadh bheith inchurtha le Plandáil Uladh ó thaobh scála dhe agus ó thaobh toradh dhe amach anseo.

Is iomlánú ar an Réamhthuarascáil a cuireadh isteach i mí na Bealtaine, 1968, an Tuarascáil Deiridh seo, ach tá a lán ábhair nua inti freisin. Tá cuid den ábhar nua seo bunaithe ar fhiosraithe ghairide a rinneadh i bhfadhb cheantair den chineál chéanna ar fud na hEorpa. Luíonn croí na Tuarascála ins na léarscáileanna: is beag más gá aon ghluais a thabhairt orthu, ach le cuidiú De scrúdófar roinnt dena ceisteanna go mion i bpaipéir taighde ar leith amach anseo. Bhí ar fhoireann na suirbhéireachta oibriú gan stad gan staonadh le hiarracht a dhéanamh an tasc a chríochnú taobh istigh den chúig mhí déag a tugadh dó. Ainneoin go ndearnadh gach iarracht le cruinneas maidir le mórcheisteanna a chinntiú, b'aisteach an rud é-tharla go raibh ar an fhoireann an oiread sin sonraí ar an oiread sin ábhar a bhailiú, a phróiseáil, a mhíniú, a chur i gcóimheas lena chéile, agus a achoimriú-mion earráidí agus neamhfhreagrachtaí beaga a bheith in easnamh ins an Tuarascáil Deiridh seo. Ní amháin sin, ach tugadh staitisticí áirithe suas chun dáta ó cuireadh an téacs seo isteach i mí Iúil, 1969; dá bhrí sin tá roinnt mhiondifríochtaí ann idir na sonraí a thugtar ins an téacs agus na staitisticí ar ar bunaíodh na léarscáileanna cuí, go háirithe ins an Chaibidil ar an Iascaireacht. Le linn an dhá bhliain a chuaigh thart idir ullmhú agus foilsiú na Tuarascála seo cuireadh roinnt da chuid mholtaí i bhfeidhm i bpáirt, m.sh. ceadáitear iascaireacht teoranta bhradán le sruthlíonta, bunaíodh aersheirbhís go

hArainn, glacadh leis i **bprionsabal** go mbeadh seirbhís raideo ann don Ghaeltacht.

Tá lochtóirí ann a mbeidh áthas orthu na mion bhotúin seo a úsáid mar leithscéal le fírinne na príomhthéise a chuirtear chun cinn anseo a cheistiú. Tá cáinteoirí eile ann gan aon amhras a radfas tarcaisní mar 'míréadúil', 'ró-idéalaíoch' nó 'neamheachnamaíochtúil'.

Ar bhréithiúnas na nglúin seo chugainn bíodh sé. Is simplí, áfach, buntéama na tuarascála seo. Tá an Ghaeltacht ar tháirsigh an bháis. Tá faill chaol deiridh amháin fágtha leis an dochar ar fad a rinneadh go dtí seo a chur ar ceal agus le **ethos** féin an stáit a chaomhnú ar son ár gclainne. Leis an chuspóir úd a bhaint amach beidh íobairt airgeadúil ag teastáil, beidh dianobair riachtanach, níor mhór dearmad a dhéanamh d'achrann pairtí, beidh gníomh creidimh a dhith.

CAIBIDIL 42

ACHOIMRE AR NA PRÍOMH-MHOLTAÍ

1. An dáiríribheachas a chur in ionad na béalchráifeachta, an phleanáil fadtéarmaíochta in ionad na 'réiteach' **ad hoc**, gníomhaíochtaí dearfacha in ionad cinn diúltacha.

2. Cúram na Gaeltachta go léir a chur ar údár neamhspleách forbartha.

3. Mórstaidéar siceolaíochta ar dhinimic an athrú teanga a eagrú.

4. Fuilleamhú ar scála **an-mhór** a dhéanamh gan mhoill: d'fhéadfadh sé a tharla gur leor fiú amháin moill bhliana le buille marfacha a thabhairt don Ghaeltacht: níor mhór an fuilleamhú seo a roinnt idir a lán ghnéithe den eacnamaíocht.

5. An fhorbairt a dhíriú ar 10 bpríomheithní: níor leor córas seirbhísí a thabhairt dóibh sin gan feidhmeanna a thabhairt freisin.

6. Córas oideachais an cheantair a atheagrú ina iomlán, go háirithe ag an dara leibhéal.

7. Páirt bhunúsach C.O.G. i bhforbairt oideachais, sóisialta agus eacnamaíochta na Gaeltachta go léir a aithint **le beart, ní le briathar**. Tá géargá ann na bearnais in Acht 1929 a dhúnadh agus soláthar cóir airgeadais agus eile a dhéanamh leis an múineadh trí Ghaeilg a leathnú. Muna mbíonn a dhóthain airgid ag an Choláiste le freastal cóir a dhéanamh ar an Ghaeltacht tá sé thar taomadh. Na puint, ní na gealltanais, atá ag teastáil agus muna dtig siad go flúirseach agus go scioptha beidh sé ró-mhall. Is beag an mhaith bheith ag iarraidh corp a athbheochan, agus sin a bhéas ann ar ball beag muna gcastar an sruth gan mhoill.

8. Talmhaíocht an cheantair a chur i ndéine: leis an chuspóir sin a bhaint amach níor mhór an gharraíodóireacht agus an saothrú faoi ghloine a fhorbairt, an córas comhairleach a atheagrú, fadhb na cimíneachta a réiteach, agus beartanna eile dá leithéid sin.

9. An limistéar faoi fhoraoiseacht a leathnú go mór: dhealródh sé gur sprioc réasúnta 75,000 acraí, nó tímpeall ar fiche oiread is a bhfuil ann faoi láthair.

10. Béim an-mhór a chur ar an iascaireacht, tharla go bhfuil failleanna íontacha ann. Ba chóir mórchuid an fhuilleamhú a dhíriú ar cheantar Ros a'Mhíl agus cuigiú mórchalafoirt iascaireachta an stáit a bhunú ansin. Níor mhisde cur le déanamh an chalafoirt agus le méadú an loingis iascaireachta trí forbairt bhreise a spreagadh ins an bhádtógáil, ins an innealtóireacht agus ins an éiscphróiseáil.

11. An turasóireacht a srianadh ó thaobh cinéil, méide agus suímh, ós rud é gurb í an cineál forbartha is contúirtí don teanga.

12. An déantúsaíocht a mhéadú, nó ainneoin nach bhfuil sí comh hinmhianaithe ar chúiseanna teangeolaíochta, sóisialta agus eacnamaíochta le dianú na hiascaireachta, na foraoiseachta agus na talmhaíochta mar sin féin tá gá léi agus ar a laghad níl an oiread contúirt fholailigh inti agus a bhfuil ins an turasóireacht. Ba chóir, fhad agus is féidir, í a fhreamhú ar an acmhainn áitiúil, í a shnaidhmiú isteach i ngréasán sóisialta an cheantair agus í a bhunú ins na príomheithní forbartha. Ba chóir an príomheastát tion-sclaíochta a bhunú ins an Spidéal, ach ní gá go gcuirfeadh sin bac ar mhion-fhorbartha in áiteacha eile de réir mar a thig feabhas ar fho-chóras na seirbhísí.

13. An ghreim scornaí atá ag cathair na Gaillimhe ar an Ghaeltacht a scaoileadh, de bhrí gur tosca meathlaithe í a chuireas bac ar fhás comhludaidir ilfheidhmí agus ar chóras ceart seirbhísí. Ba chóir spléachas na Gaeltachta a laghdú trí deiseanna córa a chur ar fáil ins an Ghaeltacht féin agus trí na nascanna do-scaoilte a Ghaelú.

14. Seirbhís **iomlán** teilifíse agus raidió trí Ghaeilg a chur ar fáil gan mhoill: is **sine qua non** iad seo agus muna soáthraítear iad beidh deireadh leis an Ghaeltacht roimh 1990.

Seo dhá bhlúire as an suirbhé cuimsitheach a rinne an tOllamh Breandán S. Mac Aodha agus a fhoireann ar Ghaeltacht na Gaillimhe i 1968/69. Tá na píosaí tógtha díreach mar a bhí siad sa mbunleagan. Bhí sé ginn.

Malibu

Ag fáinneáil thart thíos ag na duganna dom bhain mé lán mo shúl as na longa breátha a bhí le céibh – Sydney, Londain, Tokyo, Los Angeles – cathracha nach bhfaca mé riamh ach san sean atlas dubh agus bán a bhí caite sa scoil ag baile, ach iad scríofa go soiléir ar na longa seo. Bhí cuid acu á lódail, cuid acu á bhfolmhú agus cuid eile fós á sciúradh agus á nglanadh. Bhí go leor teangacha á labhairt ach níor airigh mé mo theanga Samóach fhéin ag aon mhairnéalach.

Nár bhreá an rud dul ag taisteal? Apia, Somoa Thiar – oileáinín beag idir an Astráil agus Meiriceá a fhágáil agus an bochtanas agus an t-uaigneas a fhágáil i mo dhiadh go deo? Faraor is fada an lá mé ag smaoineamh ar an áit seo a fhágáil. Ah ha!

Smaoinigh mé ar rud éigin anois! Bhí boscaí móra á lódáil i mbád in aice liom, am béile is dócha. Síos liom ag na duganna agus ó tharla nach raibh aon duine ag breathnú léim mé isteach i gceann de na crátaí. Chuala mé duine éigin ag rá go raibh siad réití le n-imeacht anocht.

Cúpla uair a’ chloig tar éis dóibh caladh a fhágáil bhí an t-aer an-phlúchta agus an méidín a bhí ann is ag teacht tríd phollín beag bhí sa gcráta a tháinig sé. San oíche bhí sé an-fhuar ar fad, thart ar -3°C . Bhí anghleo agus ruaille buaille os mo chionn agus an bád ag giúnaíl ar nós gadhar i bpian. Bhual mé cúpla cnag ar thaobh an cráta agus fuair mé buille mór míllteach ar ais. Iceberg a bhí ann. Chuala mé na daoine a bhí ar an mbád ag dul isteach sna báid tárrthála. Bhí mé scanraithe ceart anois.

D’fhan mé cúpla nóiméad agus bhí an áit ciúin. Bhí an bád ag líonadh le uisce agus mo bhosca á thuairteáil anonn is anall. Ansin phléasc taobh an bháid isteach. Fuair uisce an aigéin greim ar an mbosca agus shnámh an bosca amach leis ag fágáil an bháid ina dhiadh. Phainiceáil mé agus mé ag cartadh timpeall i gciorcail i mo

spás cúng plúchta. Tar éis tamaill thainig meabhrán i mo chloigeann agus rith mé isteach i dtaobh an chráta agus leagadh amach mé.

Níor airigh mé dubh ná bán arís gur dhúisigh mé suas agus bhí an cráta oscailte agus chonaic mé an trá aoihbhinn seo. Chonaic mé báid seoil a bhí ag seoladh isteach sa gcuan agus thug dinghy beag síob isteach go dtí talamh dhom. Bhuel a leithid de radharc! Bhuaile mé clabhta sa gcloigeann orm féin ar fhaitíos gur ag ramhaillí a bhí mé. Dá bhfeicfeá an radharc a bhí os mo comhair amach.

Mná breátha leathnochta ag déanamh greine ar an trá. Fir óga

laidre ag surfáil le muinín sna maidhmeanna. Bia agus deoch á dhíol cois trá. Meas tú an í sin Britney Spears a bhí ina luí ansin? “Ó, a Kino”, a deir mé liom féin “úsáid do theanga”. Suas liom go támáilte go dtí leaid óg a bhí ina luí faoi pharasól. “Where am I?” a dúirt mé.

Bhreathnaigh sé orm go haisteach ... “On a beach”, a dúirt sé, “Malibu to be Exact!”

Aonghus Ó Domhnaill

1ú áit faoi 13

Scoil Chuimsitheach Chiarán



Imithe amú ar mo Laethanta Saoire

A “Mhama bhuaigh mé an lotto”, a dúirt mé amach os ard. Bhí mo chlann chomh sásta gur bhuaigh mé é. Bhí siad ag léim síos agus suas le háthas. D’iarr mo Dheaide díom céard a bhí mé ag dul a dhéanamh leis an bhfiche cúig milliún Euro? Dúirt mé leis nach raibh a fhios agam fós ach go raibh mé le carr breá a cheannacht agus go raibh mé ag dul ar saoire fada go dtí an Astráil i dtosach.

An tseachtain dár gcionn chuaigh mé go dtí Aerfort na Sionainne chun an eitleán a fháil go dtí an Astráil. D’imigh an t-eitleán in am ón Aerfort ach thart ar leathbealaigh tríd an turas dúirt an píolóta go raibh trioblóid aige leis na hinnill agus go raibh an-chontúirt ann go mbeadh timpiste againn. B’fhíor dó, mar an chéad rud eile bhí muid tagtha anuas ar an talamh agus gan timpeall orainn ach uisce. Bhí daoine ag béiceach agus ag caoineadh le pian. I measc an deichniúr a tháinig slán as an tubaist bhí Dochtúir, sealgaire agus bean a bhí ag iompar clainne.

Thosaigh muid ag siúl thart timpeall le súil go dtiocfadh muid ar dhuine éigin chun cabhrú linn. Ní raibh aon duine le feiceáil. Bhuaile scanradh agus imní muid mar thuig muid ansin gur ar oileán a bhí muid a bhí tréigthe leis na blianta. Shiúlamar thart timpeall an oileáin arís agus tháingamar ar raic bháid.

Fuaireamar ‘radar’, drugaí, ábhar buamaí agus go leor uirlisí eile ar an mbád. Rinne muid ár n-intinn suas nach raibh aon rogha againn ach bád a dhéanamh. As sin go cheann cúpla lá bhí an bád críochnaithe agus bheartaigh cúigear againn a dhul amach ar an mbád.

Tar éis tamaill tháinig muid go hoileán eile. Bheartaigh muid a dhul i dtír ar an oileán chun cúnamh a fháil. Thosaigh muid ag siúl an oileáin ach arís cosúil leis an gcéad oileán ní raibh aon duine le feiceáil. Ar an mbealach ar ais go dtí an bád léim

beirt fhear amach ó taobh thiar de na crainnte agus thosaigh siad ag troid linn. Thug mise na cosa liom ar éigin agus rinne mé mo bhealach ar ais ag an mbád.

Nuair a shroich mé an chéad oileán d’iarr na daoine díom cá raibh an ceathrar eile? D’inis mé an scéal dhóibh ach ní mó ná sásta a bhí siad liomsa.

“Cén fáth nár fhan tú leo”, a deir duine acu. “Is duine leithleasach thú”, a bhéic duine eile orm. “Cén fáth nár shábháil tú mo mhac”, a deir bean liom agus í ag béiceach orm os ard.

Mhothaigh mé go dona mar bhí a fhios agam i mo chroí go raibh an ceart acu liom. D’imigh mé liom i m’aonar agus m’intinn trína chéile. Ag siúlóid liom d’airigh mé torann a bhí saghas aisteach faoi mo chosa. Bhain mé na duilleoga agus an salachar dó agus is haiste a bhí ann. Rith mé i mo thintreach ar ais nó go bhfaigheann an buama. Ar filleadh dom shocraigh mé an buama ar an haiste agus phléasc sé suas san aer. Nuair a shocraigh an deatach síos chonaic mé go raibh staighre ag dul síos faoi thalamh. Thosaigh mé ag dul síos an staighre agus an radharc a chonaic mé líon sé mo chroí le háthas. Bhí ríomhairí, fón póca, gunnaí agus go leor uirlisí eile ann. Thug mé liom an fón póca agus rith mé ar ais i mo thintreach chuig na daoine eile. Bhí siad an-sásta nuair a chonaic siad an fón póca agam. Chuir muid glaoch ar na seirbhísí slándála agus d’inis muid

dhóibh an cruachás a raibh muid ann. Gheall siad dúinn go gcuirfidh siad duine éigin in ár gcoinne.

Tar éis cúpla uair a chlog chonaic muid bád amuigh sa chuan agus bheartaigh muid tine mhór a lasadh ionas go bhfeicfeadh na daoine ar an mbád an deatach. Chonaic muid an bád ag teacht inár dtreo agus tháinig ríméad orainn. Shábháil siad suas muid agus d’inis siad dúinn go bhfuair siad ceathrar eile san uisce ar a mbealach go dtí muidne. Bhí triúir acu básaithe ach bhí mac na mná fós beo. D’fhreastal an Dochtúir air agus dúirt sé go mbeadh sé ceart go leor. Nuair a tháinig an leaid óg aige fhéin d’inis sé an scéal dúinn gurbh mharaigh siad an triúr fear le gunnaí agus chaith siad amach sa bhfarraige iad. Is é gur éalaigh seisean uatha agus fuair sé píosa do chlár adhmaid agus thug sé an fharraige air fhéin.

Thug an tseirbhís slándála chuig an Ospidéal muid le tastáil a dhéanamh orainn. Bhí gach duine ceart go leor agus thug foireann an Ospidéil béile breá te dúinn agus bhain muid an-taitneamh as. Tháinig mé abhaile an lá dár gcionn tar éis an t-ospidéil a fhágáil agus bhí mé breá sásta talamh na hÉireann a fheiceáil arís. Tá mé cinnte anois nach gceannaíonn airgead sonas agus mar a deir an seanfhocal, “Níl aon tinteán mar do thinteán fhéin’.

*Diarmaid Ó Finneadha, Bliain 2, Coláiste Cholm Cille, Indreabhán
1ú Áit Prós 13-15*

Forbairt Pharóiste an Chnoic

Peadar Mac an Iomaire

Nuair a bunaíodh saorstát Éireann bhí bochtanas agus eisimirce ag cur as go mór do phobal Chois Fharraige mar a bhí ag cur as do phobail ar fud na tíre. De réir mar a bhí an stát nua ag cur aidhmeanna cheannródaíthe Ghluaiseacht na Gaeilge agus an stáit nua i bhfeidhm, thosaigh cuairteoirí ag teacht chuig ceantar Chois Fharraige le barr feabhais a chur ar a gcuid Gaeilge. I measc na ndaoine a tháinig go Cois Fharraige bhí cuid de nua-bhunaitheoirí an stáit agus roinnt státsheirbhíseach. Chomh maith leis sin, bhí lucht léinn ag tarraingt ar Chois Fharraige go háirithe iad siúd a raibh fúthu cur lena gcáilíochtaí agus lena gcumas teanga.

Bunaíodh Ardscoil Mhichíl Bhreathnaigh i gCois Fharraige sna tríochaidí ar mhaithe le lucht léinn ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus ó áiteanna eile ar fud na tíre aithne a chur ar a chéile agus cur lena gcumas Gaeilge. Bunaíodh Acht 1929 d'Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus dá thoradh sin tosaíodh ar chúrsaí léinn trí mheán na Gaeilge a thairiscint chomh maith le scoláireachtaí a thabhairt do mhic léinn le freastal ar na cúrsaí sin. Bhí cuid de na léachtóirí nuacheaptha mar Liam Ó Buachalla agus an tAthair Eric Mac Fhinn mar chairde dlúth ag pobal Chois Fharraige.

Sna tríochaidí freisin bhunaigh Gluaiseacht na gCeardchumann i mBaile Átha Cliath scéim le go bhféadfadh clann na gceardchumannach an Ghaeilge a fhoghlaim trí fhreastal ar chúrsa míosa i gceantar Chois Fharraige. Bhíodh an cúrsa sin ar siúl i mí Iúil agus i mí Lúnasa gach uile bhliain go



Peadar Mac an Iomaire

dtí gur bunaíodh Coláiste Lurgan mar choláiste Gaeilge i lár na seascaidí den chéad seo caite. Ach bhí an fhealsúnacht sin ar fad bunaithe i súile phobal Chois Fharraige ar lóistín a chur ar fáil do na cuairteoirí agus freagraí a thabhairt dóibh ar na

ceisteanna Gaeilge a bhí acu. Ní heol dom go ndearnadh mórán le tabhairt faoi mhórfhadhbanna eacnamaíochta agus sóisialta an phobail ina theannta sin.

Roinn na Gaeltachta

Ba é bunú Roinn na Gaeltachta i 1956 ceann de na bearta is mó a chuidigh le forás sóisialta i gceantar Chois Fharraige chomh maith le go leor ceantair eile Gaeltachta. Idir lár na gcaogaidí agus deireadh na seascaidí is beag teach ceann tuí a bhí i ndrochchaoi le cónaí ann a bhí fágtha sa phobal. Tá a bhuíochas sin ag dul don deontas fial a thug Roinn na Gaeltachta le cuidiú le daoine a gcuid tithe féin a thógáil ar an ngabháltais féin.

Sna seascaidí freisin thionscail Roinn na Gaeltachta roinnt mhaith scéimeanna a chuidigh le forbairt na talmhaíochta agus le forbairt tithe le haghaidh turasóireachta ach freisin chur siad fodheontais taisteal scoile ar



Dainín Ó Catháin ag tolladh go tréan ar an Scéim Uisce.

fáil a chuidigh le mic léinn as Cois Fharraige taisteal óna gceantar féin go Gaillimh le hoideachas iarbhunscoile go leibhéal Ardteistiméireachta a fháil rud nach raibh ar fáil do bhuachaillí i gceantar Chois Fharraige ar an am. Chuaigh na mic léinn sin ina dhiaidh sin ag freastal ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus iad ag teacht abhaile go dtí a gceantar dhúchais gach uile oíche. Chinntigh sé seo go raibh na fir óga seo in ann páirt a ghlacadh i gcumainn peile agus in eagraíochtaí eile forbartha sa cheantar agus in áit a bheith ag caitheamh a gcuid ama ar chumainn saorga ollscoile, bhíodar ag obair go praiticiúil ina bpobal féin ar mhaithe le cur chun cinn an phobail sin.

Cumann Forbartha

I 1966, a bunaíodh Cumann Forbartha Chois Fharraige agus ba ceann de na céad bhearta a rinne an cumann sin ná cur isteach ar Chomórtas Ghlór na nGael. Is beag a bhí a fhios againn

faoi Ghlór na nGael ach amháin go raibh siad ag reáchtáil an chomórtais agus go dtabharfadh sé seo deis dúinn dul i bpáirt agus in iomaíocht le chéile le pobail eile le pobal Chois Fharraige a chur chun cinn. Tháinig Pól Ó Foighil, go ndéana Dia grásta air, anoir ón Spidéal i 1966 agus bhunaigh sé Coláiste Lurgan le seomraí réamhdhéanta i nGleann an Chnoic. Lean Cumann Forbartha Chois Fharraige a bhí

comhdhéanta d'ionadaíocht ó gach uile bhaile ó Abhainn Chruimlinne go dtí Abhainn an Spidéil.

Ach bhí sé an-deacair feanc a bhaint as na heagrais stáit mar go raibh an ghníomhaíocht fhorbartha fite fuaite sa chóras polaitíochta agus ní raibh sé éasca dul chun cinn taobh amuigh den chóras sin. Sin a spreag daoine le Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta a bhunú i 1969. I dtús na seachtóidí bunaíodh Comharchumann Chois Fharraige agus chomh maith le bheith ag reáchtáil Coláistí Gaeilge, bhunaigh an Comharchumann freisin scéim uisce do cheantar Chois Fharraige mar nach raibh an Chomhairle Chontae in acmhainn sin a dhéanamh ag an am. Chuidigh forbairt na scéime uisce le tithe a réiteach, le scoláirí Coláistí Gaeilge agus cuairteoirí fásta a choinneáil, ach ina theannta sin ba cuid de bhonneagar an cheantair é le tionscail a mhealladh isteach go dtí an ceantar Gaeltachta seo.

Bhunaigh an Comharchumann freisin Cló Chois Fharraige le freastal ar an nganntanas téacsleabhar a bhí ar scoileanna na Gaeltachta agus bunaíodh Clódóirí Lurgan leis na téacsleabhair sin a chur i gcló agus obair chlódóireachta eile a fháil a chruthódh fostaíocht le scileanna sa cheantar.

Eagraíochtaí Nua

Lean Comharchumann Chois Fharraige air ó 1971 go dtí deireadh na bliana 1983, ach de bharr easpa tacaíocht stáit, d'éirigh an Comharchumann sin as an trádáil agus ba é Comharchumann Shailearna a bunaíodh le cúram a dhéanamh do chuid de na seirbhísí nach raibh eagraíocht ar bith eile le déileáil leo ag an am mar a bhí; an tseirbhís uisce ón Spidéal go Ros a' Mhíl, an Scéim Forbartha Portaigh agus seirbhísí innealra.

Ba i dtús na seachtóidí a bunaíodh Comhchoiste Ghaeltacht Chonamara le réiteach le go mbeadh coiste pobail i ngach ceantar séipéil sa Ghaeltacht agus go mbeadh sé sin mar réiteach d'Údarás Gaeltachta. Tháinig an cheannródaíocht lena aghaidh sin ó Chumann Forbartha Chois Fharraige.

Tá Comharchumann Shailearna a bunaíodh i mí Feabhra 1984 faoi lán seoil fós agus ag díriú níos mó i dtreo oibreacha teanga anois ná mar a bhí ag an tús. I measc na ngníomhaíochtaí teanga sin atá ar siúl ag an gComharchumann tá forbairt seirbhísí naíolainne agus naíonra agus as sin tá an fhealsúnacht oibrithe amach le hionad tacaíochta teaghlaigh teanga-bhunaithe a bheith sa cheantar le tacaíocht ón Roinn Dlí agus Cirt agus go háirithe ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

Tá an Comharchumann freisin ag forbairt na hOllscolaíochta trí Ghaeilge agus le hathchóiriú déanta ar Sheanscoil Sailearna tá amharclann nua-aimseartha curtha ar fáil ina bhfuil áit inti do ghníomhaíochtaí éagsúla pobail ó cheann ceann na bliana.

Éabhlóidiú

I rith na mblianta sin, ó lár na

seascaidí go deireadh an chéid seo caite agus isteach sa chéad seo, is éabhlóidiú atá ag tarlú i bpobal an Chnoic, éabhlóidiú le cumas an phobail féin. Thóg siad smaointe ar bord ó eagrais Ghaeilge mar scéim na naíonraí rud a rinne Údarás na Gaeltachta chomh maith, ach thóg sé timpeall fiche bliain orthu a thuiscint nach raibh aon chiall scéim naíonraí do phobail Ghaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht a úsáid le cuidiú le pobail Ghaeilge taobh istigh den Ghaeltacht.

Is é an rud a bhí ag tarlú go raibh na naíonraí ag cuidiú le Gaeilge a mhúineadh do pháistí sna pobail Ghaeltachta nach raibh ag tabhairt na Gaeilge mar chéadteanga dá gcuid páistí agus na páistí a bhí tógtha le Gaeilge ón gcliabhán á n-iompú ar Bhéarla tríd an iompar teanga sna naíonraí, sin nó na tuismitheoirí ag déanamh cinneadh nach raibh siad ag cur na bpáistí chuig an naíonra mar go raibh an naíonra ann le Gaeilge a mhúineadh do na páistí agus nach raibh na naíonraí seo ann leis an iompar teanga a bhí foghlamtha ag gasúir a chaomhnú agus ag an am céanna forbairt an linbh a chur chun cinn.

Sin a thug ar an ngluaiseacht pobail seo sa Ghaeltacht a gcóras féin naíonraí a fhorbairt agus an tuairimíocht sin agus an cur chuige sin a roinnt le hÚdarás na Gaeltachta agus le dream ar bith eile a raibh suim acu ann. Tógadh an cinneadh faoi dhá chineál naíonra a fhorbairt ar an gCnoc ar mhaithe le feabhsú i gcleachtadh úsáidte teanga i measc na bpáistí.

Staid Reatha

Ní hamháin go raibh an obair atá luaite agam ag tarlú i gceantar Chois Fharraige, ach bhí sé freisin ag tarlú i go leor pobail Ghaeltachta eile agus



Gary Ó Scanláin ag cóiriú leapa do na píopaí

a bhuíochas ag dul do Roinn na Gaeltachta as deontas reáchtála do chomharchumainn agus as scéimeanna eile a thabharfadh tacaíocht d'iarrachtaí pobalbhunaithe. Ba iad na hiarrachtaí pobalbhunaithe sin a choinnigh an teanga beo agus murach iad bheadh an teanga i bhfad ní ba mheasa sa Ghaeltacht sa lá atá inniu ann, rud a chinntigh go raibh an ceart ag Máirtín Ó Cadhain agus é ag rá go raibh an Ghaeilge i mbail sna caogaidí agus sna seascaidí den chéad seo caite ag tráth nach raibh an stát ná Gluaiseacht na Gaeilge ar aon fhocal leis. Bhí ceannródaíocht á tabhairt ag daoine a fuineadh agus a fáisceadh as an nGluaiseacht

Phobail sa Ghaeltacht, ní hamháin ina bpobail féin, ach freisin in eagraíochtaí taobh amuigh den phobal a chuidigh le neartú an phobail. Orthu sin bhí; Eagrais na gComharchumainn Gaeltachta, Comhchoiste na gColáistí Samhraidh agus freisin eagraíochtaí náisiúnta mar Comhchoiste Ghaeltacht Chonamara agus eagraíochtaí *ad hoc* a bunaíodh ó thráth go chéile le Raidió na Gaeltachta a fháil, Teilifís na Gaeltachta a fháil agus acmhainní eile pobal-neartaithe.

I measc na gceannródaíthe sin bhí Éamon Ó Cuív, Pádraig Ó hAoláin, Pádraig Mac Donnacha, Máire Mhic

Niallais, Pádraig Feirtéir, An tAthair Micheál Ó Flannabhra, An Monsignor Pádraig Ó Fiannachta agus go leor leor eile. Bhí sí chun cinn uirthi mar go raibh sí ag déileáil le nithe a bhí riachtanach do na pobail agus bhí forbairt phobail le ceangal Gaeilge ar siúl sa Ghaeltacht agus sin é an chaoi a bhfuair an Ghluaiseacht Phobail sa Ghaeltacht tacaíocht phobail.

meáin chraolta sna caogaidí agus sna seascaidí ab ea daoine mar Proinsias Mac Aonghusa, Breandán Ó hEithir, Máirtín Ó Conghaile, Pádraig Ó Gaora, Proinsias Ó Conluain agus Micheál Ó Cuinneagáin. Fuaireadar sin éisteacht mhaith faoina raibh le rá acu ar raidió agus ar teilifís ach ní raibh iontu ach lóistéirí i bpobail Bhéarla.

Nuair a bunaíodh Raidió na Gaeltachta agus TG4, bhí daoine as an

i scoileanna na Gaeltachta ag daoine a bhfuil ardchumas Gaeilge acu. Is fíor go bhfuil an teanga faoi bhrú i measc óige na Gaeltachta. Tá an tsiamsaíocht dírithe i dtreo an Bhéarla, tá an Ghaeltacht oscailte do na mílte mac léinn ón taobh amuigh a thagann ag foghlaim Ghaeilge i rith an tsamhraidh, ach freisin tá go leor daoine ag cur fúthu sa Ghaeltacht nach í an Ghaeilge teanga an teaghlaigh agus nach bhfuil an cumas cuí Gaeilge acu le bheith in ann an Ghaeilge a bheith mar theanga teaghlaigh acu.

Caithfidh mé a rá go bhfuil cúnamh fial stáit ar fáil d'fhorbairt phobail faoi láthair. Murach an obair atá Cumann Peile Mhicheál Breathnach ag déanamh le hóige na Gaeltachta a choinneáil ar an nGaeilge, bheadh iompar teanga níos boichte sa taobh seo tíre.

Tá na naíonraí agus na naíolanna Gaeltachta ag éabhlóidiú isteach ina n-ionaid tacaíochta teaghlaigh i bparóiste an Chnoic faoi láthair.

Díreach mar atá an Comhar Creidmheasa ag cur le heacnamaíocht an cheantair agus le traidisiún coigiltis airgid sa gceantar, tá na hIonaid Tacaíochta Teaghlaigh le bheith ag tabhairt comhairle do thuismitheoirí óga an bealach is fearr leis an nGaeilge a sheachadadh ó ghlúin go glúin. Tá an tAcht um Phleanáil agus Forbairt 2000 á cur i bhfeidhm ag údaráis áitiúla faoi láthair agus tabharfaidh agus tabharfaidh an tAcht sin caomhnú áirithe do mhaoín na Gaeltachta le nach n-imeoidh an mhaoín sin thar acmhainn phobal óg an cheantair le bheith in ann suíomhanna tithíochta a cheannach.

Forbairtí Eile

Tá bealach aimsithe i gceantar Chois Fharraige le meas an phobail a thaispeáint ar oidhreacht ár muintire tré 36 theach do sheandaoine a bheith tógtha sa gceantar agus 9 gcinn de thithe do dhaoine atá as a sláinte. Tá ionad leighis le tógáil in aice le Tearmann Éanna a dhéanfas freastal ar an taobh thiar de pharóiste an



*Catherine Ní Fhatharta (Uí Chonghaile)
agus Bridie Ní Chuanaigh (Mhic Dhonnchadha) i mbun rúnaíochta
in oifig Chomharchumann Chois Fharraige i ndeireadh na seachtóidí*

Na Meáin

Ba ar iarratas phobail a tháinig na meáin Ghaeilge chun tosaigh go háirithe Raidió na Gaeltachta agus ina dhiaidh sin TG4. Ba mhór an éacht a rinneadh in oiliúint daoine do na meáin nua craolta seo agus ní raibh sé éasca ag Údarás na Gaeltachta an cheannródaíocht a thug siad a thabhairt ag an am, mar gur ceapadh gurbh é gnó RTE seo a dhéanamh agus gur ag mealladh airgid ón Údarás a bhí RTE tríd an Údarás a bheith i mbun oiliúna phobal Gaeltachta sa Ghaeltacht le bheith in ann dul i mbun na meán Ghaeilge.

Na daoine a bhí ag déanamh ionadaíochta don Ghaeltacht sna

bpobal ag cur fúthu sa phobal agus i dteannta le bheith ag tabhairt seirbhíse sna meáin chumarsáide a bhí ag seirbhísiú na bpobal Gaeltachta agus Gaeilge, bhíodar chomh maith páirteach, agus tá siad páirteach, in imeachtaí sna pobail Ghaeilge sin a chuireann lena gcumas agus iad ag obair sna meáin.

Oideachas

Tá an t-oideachas céad agus dara leibhéal Gaeltachta faoi bhrú i láthair na huaire. Tá an Ardteistiméireacht anois i ngach iarbhunscoil Ghaeltachta, ach tá gá le Coiste Gairmoideachais Gaeltachta le cúram a dhéanamh do theagasc trí Ghaeilge



Criostóir Ó Conchubhair (ar chlé) duine de na chéad daoine a chuaigh ag obair le Comharchumann Chois Fharraige i dtús na seachtóidí, agus ar dheis tá Eoin Ó Tuairisg a thosaigh ag obair ann i 1977. Tá an bheirt fós ag obair le Clódóirí Lurgan.

Chnoic.

Mothaíonn pobal an Chnoic go bhfuil tairiscint luachmhar le déanamh acu d'fhorbairt phobail le ceangal Gaeilge a chuideoidh le pobail Ghaeilge atá ag obair faoi scáth Ghlór na nGael. Is gá obair na Gaeilge a cheangal le hobair de chineál eile mar forbairt eacnamaíochta agus sóisialta le go gcuirfear go mór leis an tsuim a bhíonn ag an ngnáth dhuine sa bpobal san obair.

Leis an tacaíocht atá ar fáil ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus ó eagraíochtaí mar Mheitheal Forbartha na Gaeltachta agus Cumas Teo., tá pobail anois in ann rudaí a dhéanamh dá bpobal nach rabhtas in ann a dhéanamh fiche, tríocha nó ceathracha bliain ó shin. Ar an gcaoi céanna, is mór an cúnamh a thug na Scéimeanna Fostaíochta Pobail a bhí á n-eagrú ag Údarás na Gaeltachta ar son FÁS do chur chun cinn oibreacha pobail agus teanga sa Ghaeltacht. Tá an straitéis nua atá ag Údarás na Gaeltachta agus atá á stiúradh ag Príomhfheidhmeannach na heagraíochta sin, Pádraig Ó

hAoláin, ina comhartha mór dóchais do phobal Chois Fharraige.

Is comhartha dóchais dúinn chomh maith iarbainisteoir comharchumainn a bheith anois mar Phríomhfheidhmeannach ar Údarás na Gaeltachta – eagraíocht i dtús a shaoil a bhí drogallach go maith tacaíocht fhial a thabhairt do chomharchumainn ná d'eagraíochtaí pobalbhunaithe mar gur mhothaigh

sé nárbh é sin a ról.

An Todhchaí

Dá gcuirfí ceist ar dhaoine a bhfuil blianta caite acu ag plé le forbairt phobail i gceantar Chois Fharraige, cén feabhas a d'fhéadfaí a chur ar obair Ghlór na nGael sna pobail Ghaeilge, bheadh sé éasca go maith freagra a fháil uathu. Tá sé tábhachtach go bhfeidhmeodh Gluaiseacht na Gaeilge lena chinntiú go maolófaí an bánú pobail as pobail Ghaeilge sa Ghaeltacht. Go gcinnteofaí go raibh níos mó agus níos mó seirbhísí ar fáil do dhaoine óga ina bpobal féin agus cé go bhféadfadh daoine óga taithí a fháil taobh amuigh dá bpobal féin, ba bhreá an rud gur i bpobail thuaithe a bheadh an taithí sin á fáil mar cheantar a bhfuil Sabhal Mór Ostaig ann in Albain nó Coláiste an Chaisil in Oileán Leodhais nó Ollscoil na nGleann sa Bhreatain Bheag.

Ní mór go mbeadh oideachas agus oiliúint ag cur le beocht na bpobal trí óige na Gaeltachta agus óige na bpobal Gaeilge a bheith ag tarraingt ar na pobail Ghaeltachta ar mhaithe le cur le hiompar agus le buanú na Gaeilge i measc óige na Gaeltachta. Tá sé tábhachtach go mbeidh na pobail níos féin-chothaithe



*An saol mór mór amach rompu
ach idir an dá linn tá fíorchraic sa bpinniúr liathróid láimhe*



Tuilleadh den dóchas

agus go mbeidh an spórt, an tsiamsaíocht, an t-oideachas agus an oiliúint ag cumasú na bpobal le bheith níos forásaí ná mar a bhí pobail tuaithe ná pobail chathrach go dtí seo.

Moltar an cheannródaíocht atá tugtha ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Éamon Ó Cuív, T.D., le bonneagar do chaomhnú na bpobal Gaeilge sa Ghaeltacht le cúnamh ó na pobail féin a chur chun cinn. Tá sé tábhachtach go n-aithneofaí an Ghaeilge ar fud na bpobal Gaeltachta mar shláncuid de bhonneagar na Gaeltachta. Tá moltaí déanta i bpobal an Chnoic le go dtabharfadh an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta cúnamh stáit do phleanáil teanga ón mbonn aníos i bpobail Ghaeltachta. Tá an cúnamh sin tugtha ag an stát i gceantar an Chnoic agus i roinnt ceantair eile sa Ghaeltacht. Tá sé an-spéisiúil go bhfuil ag éirí leis an scéim sin an tairbhe agus an tábhacht a bhaineann le phleanáil teanga ón mbonn aníos a chur ina luí ar an bpobal Gaeltachta féin.

Tá seo ag athrú na nósmaireachta a bhí ann ó lár na gcaogaidí i leith, tráth a mbíodh oifigigh de chuid na Roinne ag scrúdú staid Gaeilge teaghlaigh agus páistí Gaeltachta. Níor chuidigh an

cleachtas sin le freagracht caomhnaithe na teanga a chur ar an bpobal a bhí i seilbh na teanga, ach thug sé le fios dóibh go raibh cigireacht á déanamh orthu ag an stát, cigireacht nach rabhadar róthógtha leis amanna.

Ar an taobh eile den scéal, d'éirigh leis an bpobal féin sa chás seo scéim a mholadh a chuidigh leis an stát úinéireacht a thabhairt don phobal ar phleanáil na teanga ag leibhéal an phobail rud a fhágfaidh níos mó measa ag an bpobal ar an

acmhainn seo ina mbeidh siad féin rannpháirteach ina caomhnú. Is cinnte go bhfuil an tuairimíocht forleathan anois i gceantar Chois Fharraige go bhfuil an t-oideachas agus an oiliúint trí Ghaeilge mar eochair leis an nGaeilge a aithneachtáil mar acmhainn fhostaíochta agus mar dheis do chur chun cinn an phobail.

Léiríodh é sin go soiléir le linn d'Uachtarán Ollscoil na hÉireann, Gaillimh a bheith ag bronnadh gradaim ar bheirt laoch de chuid Chois Fharraige, Johnny Chóil Mhaidhc Ó Coisdealbha agus Joe Steve Ó Neachtain. Thug an tUachtarán le fios ag an ócáid sin gurb í aidhm Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an ollscolaíocht a thabhairt go dtí na pobail agus thréaslaigh sé le pobal Chois Fharraige as a raibh déanta acu ag iarraidh na hollscolaíochta trí Ghaeilge agus á cur i bhfeidhm i bpáirtíocht leis an Ollscoil. Is féidir breathnú ar Údarás na Gaeltachta nó ar an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta mar uirlis le cuidiú le ranna rialtais agus eagraíochtaí státbhunaithe a chinntiú go trí Ghaeilge a gheobhaidh cainteoirí Gaeilge seirbhísí an stáit gan cheist.

Díreach mar a chuid Údarás na Gaeltachta le FÁS a gcuid



Scoil Nua Sailearna



Teicneolaíocht nua-aimseartha i gComhar Chreidmheasa Cholm Cille

Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta a reáchtáil trí Ghaeilge sna pobail Ghaeltachta, tá ar chumas an Údaráis agus ar an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta an cúnamh céanna a thabhairt ag feidhmiú Acht na dTeangacha Oifigiúla sa Ghaeltacht agus i measc na bpobal Gaeilge ar fud na tíre. Cruthóidh an cleachtas seo fostaíocht do Ghaeilgeoirí. Beidh an fhostaíocht sin níos buaine ná an fhostaíocht ó

thionscail déantúsaíochta ón iasacht.

Tá sé riachtanach go mbeidh fíis na bpobal Gaeilge sa Ghaeltacht agus taobh amuigh di dírithe ar shamhlaíocht agus ar fhealsúnacht atá ceannródaíoch do chruthú agus d'fhorbairt phobail le ceangal Gaeilge. Tá sé riachtanach go bhfeidhmeoidh Glór na nGael amach anseo mar réalt eolais do na pobail Ghaeilge seo, réalt eolais a

chuideoidh leo imeacht ón gcuimhne ar bhlianta tragóideacha mheath na Gaeilge tar éis an Ghorta agus mheath na bpobal Gaeltachta ó bhunú an stáit go dtí an lá atá inniu ann.

Trí oideachas agus trí oiliúint, tá eochair againn le heolas a chur ar a bhfuil tarlaithe agus muid féin a réiteach don am atá láithreach agus féachaint le dóchas ar na blianta atá romhainn. Is dúshlán dúinn an teanga a thabhairt ó ghlúin go glúin. Tá an struchtúr sóisialta ag athrú go sciobtha agus sin an fáth go bhfuil ionaid tacaíochta teaghlaigh riachtanach lena chinntiú agus an bheirt tuismitheoir go minic ag obair óna hocht go dtí a sé gach uile lá go mbeidh a gcuid gasúr i lámha cainteoirí líofa Gaeilge lena chinntiú faoin am a sroichfidh siad aois bunscoile go mbeidh an teanga ar a dtail acu.

Tá sé tábhachtach go mbeidh institiúidí tríú leibhéal lonnaithe sa Ghaeltacht a dhéanfaidh oiliúint ar mhúinteoirí bunscoile agus ar mhúinteoirí iarbhunscoile i scoileanna Gaeltachta agus i scoileanna lánGhaeilge agus freisin do scoileanna eile más féidir. Tá sé



Tearmann Éanna ar an Tulaigh



Comhar Creidmheasa Cholm Cille

tábhachtach chomh maith go mbeidh múinteoirí Gaeilge le B.A. nó B.Ed. ag fáil tréimhse bliana i bpobail Ghaeilge lena chinntiú nach é amháin go mbeidh an Ghaeilge sealbhaithe acu ach go mbeidh iompar, buanú agus pleanáil Ghaeilge mar shlánchuid dá gcúrsa léinn. Tá de thoradh ar an gcóras scolaíochta faoi láthair gur féidir le céimí óg dul le múinteoireacht le beagán os cionn 40 marc sroichte

aige i scrúdú na Gaeilge. Má bhíonn sé de mhí-ádh ar féin agus ar a chuid custaiméirí go bhfuil sé i gceantar nach bhfuil deis aige an Ghaeilge atá foghlamtha aige a chleachtadh tá an baol go mbeidh an Ghaeilge labhartha caillte aige taobh istigh de chúig nó seacht de bhlianta. Tá an duine sin fós fostaithe ag an stát le Gaeilge a mhúineadh ar feadh beagnach dhá scór bliain eile.

Tá sé riachtanach an cleachtas sin a stopadh trí bhliain sa Ghaeltacht a thabhairt do chéimithe óga Gaeilge lena chinntiú go mbeidh an buntáiste céanna ag céimithe Gaeilge agus atá ag céimithe teangacha Eorpacha a bhfuil deis acu úsáid a bhaint as clár Erasmus.

Cuireadh

Tá fáilte roimh phobail Ghaeilge Ghlór na nGael ar fud na tíre samplaí a thógáil den fhorás pobail a tharla i gCois Fharraige le dhá scór bliain agus oibriú i gcomhar linn ar mhaithe lena chinntiú faoi cheann dhá scór bliain eile gur chun tosaigh le chéile a bheidh pobail uile na Gaeilge ar an oileán seo ag dul agus freisin go mbeidh siad ag cinntiú go mbeidh an teanga á seachadadh ó ghlúin go glúin. Ní linne ná le haon ghlúin againn an Ghaeilge. Is linn ár gcuid féin a dhéanamh di agus cinntimis go bhfágfaidh muid ag an gcéad ghlúin eile í le cead a bheith acusan rogha a dhéanamh an bhfuil siad á hiarraidh mar shnáth ceangail leo siúd a chuaigh rompu.



Tearmann Ainnín ar an gCnoc

Cogar An tSaibhris ón nGaoth, Aniar, Aduaidh is Aneas

Chuir Dia cogar ón ngaoth aniar i leathchluas Naomh Pádraic ag rá “Tar a ógánaigh agus siúil arís inár measc”. B’shin é “Glór na nGael” i leathchluas Naomh Pádraic agus buíochas le Dia níor thug sé an chluas bhodhar dó. Tháinig macalla an Ghlóir chéanna sa ngaoth aneas do leathchluas Naomh Ainnín i gceantar na Coirbe agus do leathchluas Naomh Colmcille in Árainn ón ngaoth aduaidh ó Chois Fharraige, agus buíochas mór le Dia níor thug ceachtar den bheirt Naomh sin an chluais bhodhar don chogar. Tháinig Naomh Ainnín trasna na Coiribe go Cill Ainnín agus Naomh Colmcille ó Árainn go ceantar na Tulaí agus b’shin tús na Críostaíochta sa taobh seo tíre.

Ba as Co. na Mí do Naomh Ainnín (*c.f. Saints of the Corrib*) agus tháinig sí le Naomh Pádraic anoir go ceantar na Coiribe. Tá fothrach a Cillín le feiceáil fós ar bhruach na locha agus a tobar beannaithe a mbíodh na sluaite ar turas aige ar an ochtú lá déag de mhí Eanáir chuile bhliain. Tá paróiste Chill Ainnín baistithe in onóir Naomh Ainnín, a naomh-Phátrún. Bhí an paróiste ag síneadh ó Loch Coirib go dtí an fharraige. Bhain an paróiste ar dtús le deoise Eanach Dhúin, ina dhiaidh sin le hArd-deoise Thuama agus faoi láthair le Gaillimh.

Mhéadaigh an daonra sa bparóiste de réir na mblianta agus déanadh dhá leath dhó – Cill Ainnín ó thuaidh agus Cill Ainnín ó dheas. Baisteadh Cois Fharraige ar Cill Ainnín ó dheas ina dhiaidh sin agus tugtar Paróiste an Chnoic/Spidéil, Deoise Thuama air faoi láthair. Tá cur síos ar an gceangal idir Eanach Dhúin agus Cois Fharraige (*c.f. Analecta Hibernica*) mar go raibh ar an gCoill Rua i gCois Fharraige an oiread sin airgid a íoc le deoise Eanach Dhúin mar gheall ar an gceangal pátrúnachta. Ba áit mhór le rá i gCois Fharraige é Coill Rua i gcúrsaí Creidimh agus is ann a bhí an Sagart ina chónaí ar feadh na mblianta.

Tá cur síos i gcód na deoise ar shéipéal a thóg an tAth. Ó Mainnín sna Criogáin sa mbliain 1780, ar chailís a bhronn an tAth. Warde air sa mbliain 1819, ar shéipéal a thóg an tAth. Ó Ceannabháin, an chéad Shagart Paróiste i bPobal an Chnoic ar an gCnoc thart ar 1838 ach gur leag Oíche na Gaoithe Móire é ar an 6ú lá d'Eanáir 1839, ar shéipéal sa Tulach ar leagadh a bhunchloch i 1840, ar thalamh a bhronn Blácaigh na Tulaí ar an Eaglais. Bhásaigh an tAth. Ó Ceannabháin sa mbliain 1840 agus mar gheall ar aighneas idir an Sagart Paróiste nua, an tAth Ó Grádaigh, agus na Blácaigh fágadh ballaí an tSéipéil tógtha gan cloigeann a chur air go dtí 1874. Ba é an Sagart Paróiste nua, an tAth. Ó Laighin a chuir cloigeann air le freastal ar dhá pharóiste an Spidéil/Tuaim agus Gaillimh mar nach raibh séipéal ar bith i Ros an Mhíl ná sna Minna ag an am. Ba é an tAth. Ó Grádaigh céanna a thóg Séipéal an Chnoic sa mbliain 1844 agus ba é an tEaspag Mac Éil a choisric é. Lean an searmanas ar aghaidh ar feadh trí huaire agus cuireadh níos mó ná 400 duine, idir óg is sean, faoi láimh an Easpaig ar an ócáid (*c.f. Galway Mercury* (31/7/1844)). Baisteadh Séipéal Naomh Ainnín air i gcuimhne ar Ainnín Naofa a thug an Creideamh go Cois Fharraige ar dtús.

Tháinig Naomh Colmcille go Bánrach na Tulaí ó Árainn agus bhí inseacht spéisiúil ag Máirtín Ó Cadhain ar údar an turais. Do réir Uí Chadhain, bhí Oileán Árainn róbheag do bheirt mór le rá – Naomh Éanna agus Naomh Colmcille. Rinne siad margadh an tOileán a roinnt eatarthu. Bhí Naomh Éanna le tosú ag siúl ón taobh thoir den oileán agus Naomh Colmcille le tosú ag siúl ón taobh thiar ag breacadh lae agus shocraigh siad go mbeadh an teorainn eatarthu san áit a gcasfadh siad ar a chéile. Bhí Colmcille ag faire ar bhreacadh an lae nuair a bhuail Éanna ar a dhoras agus d'fhógair, “Is liomsa an t-oileán uilig. Éiríonn an ghrian níos túisce thoir agus tá an t-oileán uilig siúlta agam agus de réir ár margadh is liomsa é”.

Sheol Colmcille go dtí an Bhánrach ansin i mbád cloiche agus thug an Creideamh aneas leis. Tá cillín Cholmcille ansin fós agus ar an 9ú lá de Mheitheamh chuile bhliain, ar lá Fhéile Cholmcille, tagann na céadta ag an tobar lena mbuíochas a chur in iúl. Meileann muilte Dé go haisteach scaití trí chogar a chur i gcluas na gaoithe mar is ón ngaoth aniar, aneas agus aduaidh a tháinig an Creideamh go Cois Fharraige ar dtús.

Micheál Ó Flannabhra, S.P.

Céard eile a tharla i 1966

- Toghadh Éamonn De Valera mar Uachtarán den dara huair.
- Bhuaigh Gaillimh ar an Mí leis an scór 1-10 in aghaidh 0-7 i gCluiche Ceannas Peile na hÉireann agus thug siad leo Corn Sam Mhic Guidhir don triú uair as a chéile.
- Cuireadh Nelson anuas dá cholún thuas i sráid Uí Chonaill.
- D'éirigh Seán Lemass as oifig agus tháinig Jack Lynch ina áit mar thaoiseach.
- D'oscail Scoil Chuimsitheach Chiarán ar an gCeathrú Rua.
- Bhásaigh Myles na gCopaleen údar an "Béal Bocht".
- Cuireadh seomra breise (Prefab) le Gairmscoil Cholm Cille.
- Thosaigh Buntús Cainte.
- Ba é Micheál ó Móráin a bhí ina Aire Gaeltachta an bhliain sin.
- 799 duine a bhí comhartha go ceantar Sailearna i 1966, 1299 i 2002 de réir an Príomh Oifig Staidrimh.
- Bhuaigh Corcaigh ar Chill Chainnigh leis an scór 3-9 in aghaidh 1-10 i gcluiche Ceannais Iománaíochta na hÉireann.
- Ag tús na bliana bhí na Beatles i mbarr na gcairteanna le "Day Tripper" agus ag deireadh na bliana bhí Tom Jones ann le "The Green Green Grass of Home".
- Rinneadh comóradh leathchéad ar Éirí Amach na Cásca i 1916.
- Fógraíodh an scéim saoroideachais.
- D'eagraigh an eagraíocht Misneach Stailc Ocras le linn na Cásca lena míshástacht faoi staid na Gaeilge agus na Gaeltachta a léiriú. Bhí baint mór ag Máirtín Ó Cadhain leis an eagraíocht sin.
- Bhua Sasana Corn an Domhain sa Sacar.
- Sheol Francis Chichester timpeall an domhain leis féin ina luaimh 'Gypsy Moth'.
- Ba í Lorraine Stollery a bhuaigh comórtas Rós Thrá Lí.
- Fuair Cassius Clay an ceann is fearr ar Henry Cooper sa dornálaíocht.
- Bhí teilifís in 85% de thithe na hÉireann faoin am sin – Dúirt Peadar Ó Domhnaill go raibh teaghlaigh na hÉireann á scrios ag an teilifís mar go raibh Kit Carson agus Bat Masterson ag fáil an lámh in uachtar ar scéalta Mhichéal Ruadh agus Willy Boyle.
- Ar na cláracha teilifíse ba mhó a raibh tóir orthu bhí Get Smart, Bonanza, Mission Impossible, Flipper, Coronation St. - nach bhfuil cuid mhaith acu fós ann?
- An "Late Late Show" an tEaspag agus an "Nightie".
- Bunaíodh Cumann Forbartha Chois Fharraige.
- Bhí raic i dteach an Ardmhéara i mBaile Átha Cliath nuair a chur suas le 2,000 duine isteach ar chruinniú de chuid an L.F.M (Language Freedom Movement).
- D'athraigh CIE ainmneacha cúig chinn déag de na príomhstáisiúin traenach go dtí ainmneacha na gcinnirí a daoradh chun bháis in Éirí Amach 1916.
- Dickie Rock a bhí ag Éireann sa gcomórtas Eurovision leis an amhrán "Come Back to Stay" ach ba é Udo Jurgens ón Ostair a bhuaigh leis an amhrán "Merci Cherie".
- Bhásaigh Frank O'Connor, an t-úrscéalaí cumasach as Corcaigh.



Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca

le Máirtín Ó Cadhain

B'as saol an bhéaloidis, saol nach raibh mórán athrú air le míle bliain anuas a fáisceadh mé. Ba í an duais ab fhearr a d'fhéadfadh duine a ghealla dhuit ar feadh na bliana go ligfeadh sé ag an bpátrún thú, pátrún Cholm Cille ag a thobar, naoi nó deich de mhílte taobh thiar den Spidéal. Bhí mé a liachtaí sin uair ar an bpátrún, ach ní raibh mé fós ariamh ag an tobar, cé gur chuir mo mháthair turais orm ann i mo pháiste dhom. Tuigim go maith cé an fáth ar chuir an Dochtúr Brí, Easpag Chaisil agus Imligh anseo, amach na tréadlitreachaí siúd, ceann acu, is cuimhneach liom i 1813, i nGaeilge álainn freisin, ar geall le foruagraí ó Rialtas Stormont inniu iad ag toirmeasc mórshiúil eicínt. Ag toirmeasc aon phátrún ná aon turas ag aon tobar sa deoise idir a leithéid seo agus a leithéid seo eile de lá a bhí an t-easpag. I saol Dionysiusach na dtoibre beannaithe ba mhó mo spéis-sa freisin, go bhfóire Dia orainn! Má gheallann Dia léas beag eile ar mo shaol dhom tá súil agam mian mo mháthair bhocht a chomhlíona.

t As an gcineál seo saoil, saol an tseanscéil, an tsean-amhráin, an tsean-ghnáis, na pisreoige más áil leat, a múnlaíodh na céadta glúin Gael. Blianta i ndiaidh dhom Cois Fharraige a fhágáil bhí mé in Aerfort Mhoscó ag breathnú ar dhaoine ag dul ar na heitealláin agus ag teacht dhíobh, chuile ghné feistis agus chuile ghné craicinn mórán. Chua mé féin soir go Kirghizia, poblacht shóibhéadach i lár na hAise. Bhí mé in áiteachaí nár leag aon Éireannach cois, mara raibh duine fánach b'fhéidir ar nós Edmund O'Donovan, mac an scoláire Seán Ó Donnabháin, a raibh dhá chéad Fínín aige agus é in a mhac léinn i gColáiste na Tríonóide. Ní i bhfad as na háiteachaí seo a raibh mise a fuair an Donnabhánach bocht fód a bháis. Má chuimhnigh mé air, is



go tanaí é. Ná ní ar Mharx ná ar Lenin a bhí mé ag cuimhniú ach an oiread. Ná ar Réabhlóid Dheire an Fhómhair. Ná fiú ar Dostoevski a chaith blianta

in a ghéibheannach thoir sna limistéir seo de bharr a pháirt sna Nollaicigh, na *Decembrists*, agus ar léigh mé a shaothar, go háirid a shárleabhar príosúin *Teach na Marbh*. Ní fhéadfadh gan bá ar leith a bheith agam leis an leabhar sin. Chaith mé féin blianta i Sibéir na hÉireann, an áit is fuaire in Éirinn go cinnte, Currach Chill Dara.

Ar scéalta m'óige a bhí mé ag cuimhniú. Ba sheo é an Domhan Thoir a bhí iontu. Ba sheo é mo thuras go dtí tobar dheire an domhain, ar chois faoi chrios an scairdeitealláin! Na capaill seo a raibh an casúr agus an corrán thiar ar cheathrú chuile cheann acu, ba iad eachra Emir Bhokhara, an Gholden Horde iad, capaill airm Genghis Khan. Ba iad na heachannaí caol donn freisin iad i

scéalta m'athar agus mo sheanathar. Agus cá bhfios dháiríre nárbh iad? *For no one knows through what wild centuries roams back the rose.*

Bhí mé féin i n-ann na scéalta sin a inseacht ag éirí suas dhom. Ba iad an t-ábhar is túisce iad a d'fhéach mé le scríobh. Ba rud beo len a phearsantacht féin chuile lúibinn den bhóthar agus den bhóthairín, chuile sceach, chuile chnocán, chuile chloch agus beagnach chuile chloch agus is mór acu atá ann istigh ar an mbaile fearainn. Ba cuid dhár mairbh iad: bhí ár stair follasach iontu. Níl bailte móra scéaltach mar seo, ná úrscéaltach. Cupla bliain ó shoin bhí mé ag caint i Meireacá le bean nach bhfaca an baile fearainn sin ar tóigeadh muid beirt ann le trí fichhead bliain. Ní raibh garraí ná cosán ann, carraig sa gcladach, cnocán ná fiodán ar an sliabh, nár chuir sí ainm orthu gan braiteoireacht dhá laghad. Bhí an baile sin ag dul timpeall aici in a ceann le trí fichhead bliain. Tá agam féin freisin. Ní aithním cuid den aos óg anois. Ach aithním an chré agus an chloch agus tá cuimhne na scéalta agam a rinne chuile orlach bacaird de chré agus de chloch a shaoirsinní in a gcuid doscaoilte dhíom féin, de mo phearsa féin, go brách.

Is minic a tháinig cathú orm – dhá dtrian de shaothar an scríbhneoir is ag fuagairt cathú neamhghlan as a intinn é – cathú go scríobhfainn cuntas fada faoin gcaoi a ndeacha m'óige i gcion orm. Faoin toiriall tairiall dhá bhaint den chorp úr-ánlactha sa reilig le fannsholas tóinghealaí thiar. Faoin Adhastar Buí nach raibh mé i n-ann a shamhalú ach in a rópa cho fada len a raibh de rópaí i siopa Ruaín ag an bPóirse Caoch i nGaillimh, áit ar cheannaigh mé rópaí agus eangachaí in éindigh le mo mhuintir. Scríobh faoin leannán sí a mbíodh a chrobh fada sceirdiúil anuas an simléar le aint liom a sciob a leis, a sciob as a dheire agus gan í ach cupla seachtain ar thalamh Mheireacá ag teithe uaidh. Cupla bliain ó shoin a chonaic mé a leacht i Reilig Chalvary, i mBoston: *Nora*

Connolly, born Ireland, died South Boston.....

Dhá réir sin bhí domhan i bhfad ní ba ghaire dhúinn ná an Domhan Thoir, domhan a bhí ag béal an dorais agus minic go maith taobh istigh de bhéal an dorais, 'na dea-chomharsanaí' sin a gceapfadh a lán de mo mhuintir féin gurbh bhfearr mar chomharsanaí iad ná na comharsanaí atá agam i gCré na Cille. Níor léigh mé *comic* ariamh ná leabhar ar bith den chineál a d'fheicinn mo chomhaoiseachaí i mbaile mór na Gaillimhe an tráth sin féin. Ach tá mé cinnte gur mhó go mór an borra faoi mo shamhalaíocht na rudaí ar fad a luaim ná léitheoireacht mo chomhaoiseachaí cathaireach. Is cuimhneach liom daoine gan scoil gan foghlaim ag cur síos agus ar sprideannaí, ar bhealach nach sáródh ach na scríbhneoirí is cumasaí, Dante nó Shakespeare, b'fhéidir. Cár chuala siad sin ach an oiread a gcur síos féin ach ag an gcineál céanna daoine? Sílim nach áibhéil a rá go mba sholasaí in a súile an marbh ná an beo.

D'fhéadfadh duine Liam Ó Flatharta a léamh as éadan a chéile gan tagairt ar bith ar éigin don chineál sin saoil. Is beag atá agam féin dó ach an oiread. Bhain mé leas as an Leabhar Eoin i gCré na Cille. Is trácht é 'An Strainséara' i gCois Caoláire ar bhean ar rugadh a cuid clainne uilig marbh agus ar cuireadh sa gcladha tóránn iad. Tá áit sa gcladha tóránn a bhfuil trí dhuine fhichead mar sin in ainm's a bheith curtha ann le bean amháin a bhí beo agus mé i mo scorach. An scéal thar scéalta a bhféadfainn leas a bhaint as a mbéaloideas ann 'An Bóthar go dtí an Ghealchathair' (*An Braon Broghach*) dhiúltaigh mé an cathú. Rud eile ar fad a bhí mé ag iarra a dhéanamh.

Is beag leas dháiríre a bhain mé as an rud seo a dtiúrfá béaloideas anois air. Na pearsana ar fad geall leis i mo chuid scéalta Gaeltacht bheadh an oiread céanna taithe acu ar an rud seo ar an saol, nó fiú cultúr, a bhí ann,

cultúr na tuaithe ar fad go dtí achar is lú ná glúin ó shoin, ach go raibh annlann na Gaeilge len a blas féin a chur air sa nGealtacht.

Ba i gcomhthionól fuinniúil fuinte mar sin, *local organic community*, a tháinig ann dom, den chineál sin a bhfuil an-spéis ag scríbhneoirí áirid Sasanach iontu ar lorg Eliot, Raymond agus Hoggart cuir i gcás. Ba sa gceantar sin a bhí mo mhuintir cho fada siar agus bhí siar ann, le míle bliain b'fhéidir, iad ar an gceird chéanna a bhfuil siad fós, in a dtalamhaithe beaga, anois sa darna leath den fichiú céad. Tá bruscar eicint gaoil agam le chaon darna nó triú teallach sa dá pharáiste chomhthórainneach. Bhí a chuid suáilcí agus

duáilcí aige mar chomhthionól, meitheal agus comhar, oibleagáid comharsan lá an anshó, ach gleo agus bruin agus éad freisin. Bhí an leadaí agus an bradaí ann, an fear a chuimhneodh dhá bhfaigheadh sé t'asal in a gharraí go raibh asal sa stábla agus Críost dhá bhreith ann. Agus bhí an ceann eile ann dhá ndeireadh an t-asal suas len a bhéal gurb air féin thar asail an domhain agus na staire a bhí Críost ag marcaíocht ag dul isteach go Jerusalem, go dtiomáinfeadh sé tairní cruithne capaill thríd an droim aige, ainneoin sin. Maidir le mná! Tá go leor focla agam féin ar mhná. An bhairseach, an ropaire, an sciolladóir, an ruibhseach, an choigeallach, an raicleach, an rálach, an mhagarlach, an bhodóinseach.....

Comhthionóil mar seo í tuath na hÉireann, nó ba ea go dtí le goirid. B'fhéidir gurb shin é an fáth arb ón tuath na húrscéalta fiúntach Éireannach, cés moite de rí-bheagán a labhairfe mé ar chupla ceann acu ar ball. Tá dearmad déanta gur fhág saor bád cuid is lú ná céad bliain ó shoin i mo thaobhsa tíre, trí pholl i mbád a chuid uncaileachaí le go mbáifí iad:

'Mo bheannacht do na curachaí agus mo mhallacht do na báid,
mo mhallacht do na curachaí atá thiar ins

sa Trá Bháin,
mo mhallacht do mhac mo dheirfíre mar
sé an saor é a rinne an bád,
mar d'fhága sé poll chun tosaigh inti,
chun deire, agus in a lár.'

D'fhéach mé leis an gcomhthionól dar dhual mé féin a léiriú i gCré na Cille agus san úrscéal neamhfhoilsithe *Athnuachan*. Dúirt a lán, go háirid cuid de mo mhuintir féin agus de mo thaobh tíre, nárbh fhíor an léargas. B'fhéidir nárbh fhíor. Ach chítear dhomhsa gurb é roinnt na caillí mar is áil léi féin é acu é. Ar aon nós ní hí fírinne na cumadóireacht, na healaíne, fírinne an tsaoil. Is dóigh liom gur mar sin a d'fhága chuile údar ariamh é. 'Ar chaoi amháin is é an saol iairbhír is ábhar do shaothar ealaíne, ach ar chaoi eile le saothar ealaíne a chur ar fáil ní mór an t-ábhar as an saol iairbhír a athmhúnlú agus a athchruthú'. 'Ní féidir leat fiúntas saothar ealaíne a phrofa le iad a chur i gcomórtas na hiairbhíre. An cineál réalachais is cuspóir don ealaín, is réalachas é a bhaintear in a bhloghannaí as imeachtaí an tsaoil agus a snamann an t-ealaíonach na bloghannaí sin le chéile ar bhealach nua. Dhá dteagadh an réalachas sin salach ar an iairbhíre scriosfaí an réalachas! Níl an ealaín nádúrtha' 'Aon ealaín a ligeas len a hais gurb í an saol í tá sí cho beagmhaitheasach leis an ealaín adéarfadh go bhfuil chuile shórt ar fheabhas nó chuile shórt ar dhonacht sa saol! 'Ní iontas an chumadóireacht ar fad, geall leis, a ligeas len a hais gurb í an saol í a bheith gan ord gan eagar'. Sainmhíniú amháin atá tugtha ar an úrscéal gur 'seachrán slí d'aon úim é', mar go bhfuil 'uaibhéal idir an beart d'aon úim ar scríobh úrscéal é agus an t-urchar daill faoi dhabhach arb é saol seachránach an duine é.' Is cuibheas go cinnte é an t-úrscéal nó saothar ealaíne ar bith. 'Ní athraíonn an ealaín ní hionann agus an saol'. Dhá mb'ionann litríocht agus an saol cé an fáth a léifí í? Nárbh bhfearr agus nár ba réidhe a dhul amach agus í a

bhlaise fuar beathach as an saol? Nó le leagan eile a chur air ní féidir fírinne an tsaoil, iomlán na fírinne, an fhírinne thur, a aistriú anonn in ealaín ar finnscéalaíocht í ar aon nós. 'Dhá bhféadtaí an ealaín a dhéanamh i riocht go mbeadh sí do-aithnithe ón saol níorbh bhfiú an ealaín a chur ar fáil chor ar bith', adúirt duine eicínt. Is cuma cé ar sórt ainm a thiúrfar ar do mhodh scríbhneoireacht, rómánsachas réalachas, réalachas sóisialach, *stream of consciousness*, suimfónachas, caithfe tú a bheith ag síordhéanamh roghaine, rudaí áirid a ligean isteach agus rudaí a choinneáil amach. Má d'fhéach Joyce le gach ar smaoinigh Leopold Bloom air an lá sin i mBaile Átha Cliath a chur i Ulysses is cinnte nach bhféadfadh a dheichiú cuid a bheith ann. Ná ní brionglóid oíche amháin atá i *bhFinnegan's Wake*. Is cosúla í le mionsleachta as brionglóidí tréimhse nó saoil a ghreamófaí i ndiaidh a chéile agus i mullach a chéile in albam. Le ealaín atá muid ag plé agus ní leis an saol. Ainneoin Toynbee ní shílím go bhfuil aon phátrún aithnid sa stair. Is lú ná sin is léir é i saol daoine aonraic. Ní bhíonn duine ar bith ná eachtra ar bith san úrscéalaíocht díreach mar tá sa saol. Siad Sorel Stendhal agus Karamozovs Dostoevski na pearsana is cumasaí sa litríocht dar liom féin, ach ní chreidim go raibh a leithéidí beo ariamh. Tá go leor den duine bheo agus d'eachtra dhílis an tsaoil nach bhfuil aon mhaith iontu don scéalaíocht ar scéal ar chuma eicínt a chaithfeas a bheith inti sa deire. Caitheann codarsnaí agus coinbhliochta, sruth agus gaoth, a theacht le chéile i scéal ar chaoi nár mhóide dóibh teangmháil go brách sa saol. Léigh mé beatha Threasa Lisieux agus beatha Threasa Avila. Chuir Treasa na Spáinne gliondar orm, ach ní raibh mé i n-ann bean na Fraince a bharraíocht chor ar bith. Naofacht ar fad a bhí inti sin, naofacht a toirbhíreadh uirthi ó lá a baiste agus a bhí amhala chuile lá go dtí lá a báis. Bhí sé cho héasca sin aici

a bheith in a naomh, nó sin é a shíl mise, agus nár cheart luaíocht ar bith a bheith ag dul di as a ucht. Ní fhéadfainn úrscéal ar bith a shamhalú len a saol. Is furasta sin a shamhalú faoi Threasa Avila, faoi Cholm Cille, faoi Chaoimhín, faoi Scoithín Naofa. ...

Tá cineál úrscéil ann nach bhfuil inchreidthe de réir réasúin ná loighice. Ní cóir iarra ar úrscéal ar bith a bheith inchreidthe ach de réir a chuid téarmaí tagartha. Ghlac Euclid le roinnt soiléirsí nó *axioms* agus rinne córas céimseata astu. Deir daoine eolach liom gur ghlac dreamannaí ó shoin le malairt soiléirsí agus nárbh ionann chor ar bith na córais chéimseata a mhúnlaigh siad astu. I scéal áirid – a dhalta siúd ní gearrscéal é – chuir mise i gcás gur thosaigh tithe i mbaile mór áirid ag buala faoin a chéile. D'fhéach mé le chuile shórt eile a dhéanamh inchreidthe taobh istigh den fhráma sin.

An bunsmaoine i gCré na Cille níl sé inchreidthe ach an oiread, is é sin go mbeadh coirp ag caint le chéile i reilig. Dúirt léirmheastóir eicínt gurb sheo é sean-chreideamh na Gaeltacht. Má sé is seanchreideamh é nach feasach mise é. Ach níor ionsaigh duine ar bith mé faoi choirp a chur ag caint. Faoi phearsana agus saol bréagach a rinneadh é. Ba sheo é nó rud mar é adúirt Dónall Ó Corcara: 'is béaloideas í *Cré na Cille*. Marach go bhfuil eolas againn ar mhuintir na Gaeltacht b'fhéidir. go gcreidfeadh muid gurb iad atá anseo'. Ní béaloideas í in aon bhrí den fhocal sin atá agamsa. Tá a fhios agam céard nach ndéarfadh agus céard nach ndéanfadh na daoine atá faoi thrácht agam agus sílim gur tábhachtaí go mór é sin do scríbhneoir ná rud áirid adúirt nó a rinne fear áirid sa saol.

San am a raibh *Cré na Cille* ó sheachtain go seachtain san *Irish Press* bhí mé lá ar bhus i mBaile Átha Cliath. Sa suíochán róm amach bhí fear agus cailín óg ag plé litríocht na Gaeilge. Ní nach hiona chuir mé cluais orm féin: 'I hear there will be

Foinse

Príomhnuachtán Náisiúnta na Gaeilge



Foinse

An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe.
091 595520 Fón
091 595524 Faics
nuacht@foinse.ie r-phost

glac síntiús linn

Glacfar le fógraí pleanála i gceantar Chonamara

*Ar fáil sna siopaí
gach deireadh seachtaine*



Gaelscript

Aistriúchán, Eagarthóireacht agus Comhairle Teanga Teo.

Seirbhís aistriúcháin agus seirbhísí eile teangaireachta a chuireann Gaelscript Teo. ar fáil, ag úsáid an chórais ríomhaireachta TRADOS ar mhaithe le hardchaighdeán agus le comhsheasmhacht oibre dár gcustaiméirí. Oireann an córas seo do na gnáthfhormáid: HTML, Word, RFT agus araile.

Gach eolas ó:

GAELSCRIPT TEO.

Cor na Rón, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Fón / Facs: 091-505555.

Ríomhphost: obair@gaelscript.com.

Idirlíon: <http://www.gaelscript.com>.

another book soon from Peig', adúirt seisean: mar is iondúil le Gaeil agus len a gcuid ban nó a gcuid leannán, i mBéarla a bhí a gcomhrá. 'What do you think of this story serialised in the Irish Press?' adúirt an cailín. 'This O Cadhain fellow', adúirt sé. 'A right galoot if ever there was one. A Joycean smutmonger'. Go dtí lá an lae inniu níl a fhios agam cé hí an cailín. Fear a bhfuil roinnt mhaith cáil air i gcúrsaí litríocht é an fear. Ar aon chor bhí gáilleog eile de chomhairle mo leasa faighte agam i n-aisce. ...

D'aontódh cuid de mhuintir na Gaeltacht leis sin, nó d'aontóidís leis an gcáine. Tá sé ag luí le réasún go mbeadh an mhuintir goilliúnach, go háirid na blianta seo agus a seansaol sinsire ag athrú ó bhun go barr. Cupla bliain ó shoin chuir mé eolas ar sheanfhear sa taobh ó thua de Cho. na Gaillimhe. Sílim go raibh sé ar an duine deireanach sa gceantar a raibh aon bhrí Gaeilge aige. Ba phaitéanta agus b'fhonnmhar uaidh í a labhairt. Ba mhian liom rudaí uaidh a chur ar spól agus b'fhada leis go gcloisfeadh sé a ghlór féin, nuair a chuala sé rudaí a bhí ar an spól cheana. Bhí an inín ar an urlár, ceann sraoilleach, puisbhean gan pósa ba chosúil: 'Oh no! I couldn't allow him! I know he would say the wrong things! He wouldn't know how to say the right things from the wrong things. ...

Tá a fhios agam gur thug an gnáthphobal, thiar ar aon nós, agus seo iad mo mhuintir féin, antaithneamh do *Chré na Cille*. Cheannaigh daoine san áit sin í nár cheannaigh de leabhar ariamh ach *Old Moore's Almanac* le haghaidh aontaí, nó an *Imeldist* ó na mná rialta nuair nach raibh aon dul as acu. Bhí contúirt ann go ndéanfadh sí tuille béadoidis: bhíodh sí dhá léamh sna tithe cuart agus ar an bportach. Bhí sí sách gar d'intinn na ndaoine go raibh nathaíodóirí ag cur rudaí léi nach raibh inti. An fear santach dhá mhealla ag an bhfear bréagach, nó ábhar síoraí an bhéaloidis más breá leat. Agus bhí pobal eile ann. Is mór

an rud ag scríbhneoir aitheantas. É seo a chloisteáil ag dul thart dhom i bPáirc an Chrócaigh lá mórchlúiche: 'there goes *Cré na Cille*'.

An dream nár thaithnigh sí leo: caomhnóirí an chultúir sa nGaeltacht, an mheán aicme íochtarach, múinteoirí de dhúchas na háite, an cineál dreama a mbíonn caisleáin in Éirinn ag a muintir ar a dhul go Meireacá dóibh, is é sin le rá na Super-Ego-Chinsirí Freudach a bhfuil sé ag cinnt orthu a gcuid coinbhliochta múisiamach féin a réiteach, fearacht an phuisbhean siúd a bhí ag déanamh cinsireacht ar a hathair.

Níor chuala mé ariamh faoi aon scríbhneoirí a bheith i mo cheantar féin, cés moite de bheirt, Mícheál Breathnach i bparáiste an Chnoic agus Eon Ó Neachtain taobh thoir sa Spidéal. Bhí scoláire Laidine i bparáiste an Spidéil i ndeire an 17ú céad. Ní raibh aon *tradition* liteartha sa limistéar se' againne cés moite de na fili tuaithe, dream atá ann fós. Bhí beirt atá ag déanamh amhráin i gcónaí ag gabháil in éindigh liom chun scoile. Chuala mé caint ar scoláirí bochta, ach ba ar Achreíd na Gaillimhe an chéad áit thiar a bhfaca mé láimhscríbhinní ón 19ú céad. D'fhoghlaim mo sheanathair le Gaeilge a léamh i scoil scairte agus í a scríobh i script barbartha a raibh leagan dhe i gCorcaigh féin sa gcéad seo caite. Ach ar éigin a thiúrfá *tradition* air sin. An fear is grinne a scríobh faoi *literary tradition* len ár linn féin is é T. S. Eliot é. Tá rud mar seo ráite aige: an té nach mbeadh ann ach file *traditionta* ní bheadh ann ach fear aithrise, ag déanamh ar ais aríst agus aríst eile rudaí a rinneadh níos fearr roimhe sin. Ar a shon sin an file fíor-bhunaidh nach mbeadh faoi chomaoín dhá laghad ag na daoine a bhí ann roimhe ní bheadh sé i n-ann aon rud a chur i gcéill d'aonduine.

Seo mar dúirt sé i Réamhrá faoi chomhair *Selected Poems of Ezra*

Pound:

Invention is wrong only because it is impossible ... The poem which is absolutely original is absolutely bad; it is in the bad sense 'subjective' with no relation to the world to which it appeals. Má tá muid ag féachaint róinn (arsa seisean) is ionann sin agus go gcaithfe muid féachaint siar, arae le fios a fháil céard tá le déanamh fós ní mór dhúinn eolas sách barrainneach a bheith againn céard tá déanta cheana agus fágann sin aríst go mbeidh orainn na prionsabail agus na dála seasta a dhealú uathu seo nárbh bhffor iad ach faoi ghasra eicint den dream a tháinig róinn ... Is coisce ar an scríbhneoireacht neamhriachtanach sin arb uirthi is minice a thugtar *traditional*, *tradition* coimhfhiósach liteartha a bheith ann; coisceann sé tabhairt faoi shaothar atá déanta gan fuíoll cheana. ...

Is ionann seo agus a rá gurb aon aonad nó iomlán amháin í an litríocht. Is srian é ar a bheith bunaidh ar mhaith le bheith bunaidh d'aon úim, ceann de na tréartha is seafóidí a d'fhéadfadh baint le scríobh cruthaíoch. Cheadódh Eliot fás agus ar an ábhar sin athrú. Mar tá mínithe ag Lucy faoi is í an chontúirt atá ann go scoirfí le oidhriocht liteartha an am atá imithe. B'áil le Dónall Ó Corcara, rud adúirt sé deireanach go leor in a shaol, nach ndéalófaí le gnáthú dhámhsoileannaí Muimhneach an 18ú céad. Is cosúil mar sin féin gur shíl sé go raibh an saothar a bhí déanta ag na dámhscoileannaí sin gan fuíoll in a ghné féin: féach nach ndearna sé féin aithris ar bith orthu i nGaeilge ná i mBéarla. ...

Níl aon *tradition* liteartha agamsa ach Dia idir sinn agus Cúl Aodha! Rinne an iomarca *tradition*, *tradition* saofa, gleann gealt d'intinn Shéamais Mhic Ghrianna freisin. An áit is fearr i gcúrsaí liteartha a chruthaigh, áit nach raibh mórán *tradition* ann

seachas m'áit féin sílim, ba é Corca Dhuibhne agus na Blascaeid é. Ach bhí a dhonacht féin sa méid sin freisin. B'fhearr leis na hollúin go n-éireofaí as scríobh na Gaeilge, ar an ábhar go mba lór scríbhinní an Athair Peadar a bheith ann. Ba teannach leo aríst a rá nár choir aon Ghaeilge a scríobh i ndiaidh leabhara Thomáis Uí Chrithin. B'ádhúla a bhí na filí, cé go mbeidh roinnt le rá agam fúthu ar ball. B'ádhúla de bhrí nach raibh spéis dhá laghad ag na hollúin sa bhfilíocht nua-aimsire rud a d'fhága í ar a comhairle féin. Idir seo agus siúd, ollúin, béaloideas, treibheachas agus eile, sé mo bharúil go gcaithfear tosú mórán ó spriog aríst leis an bprós, fiú go gcaithfear cuid mhaith neamhaird a dhéanamh de phrós an Athbheochain go dtí seo, dá mheanmna mar phrós ar aon chor.

An uirnis liteartha is fearr a fuair mé ó mo mhuintir an chaint, caint thíriúil, caint chréúil, caint chraicneach a thosaíos ag damhsa orm scaití, ag gol orm scaití, de mo bhuíochas. Sí an cineál céanna í a thug Séamas Mhac Grianna leis. D'fhéach mé leis an locht atá dar liom ar an nGriannach a sheachaint. D'fhéach mé le mo chuid féin a spíona, a shlama agus a chíora, biseach beag a bheith i mo dhiaidh uirthi seachas mar fuair mé í. Cuirim seachmall ar na léirmheastóirí uaireantaí. Do mo mhuintir is iondúil leo an chreidiúint ar fad a thabhairt. Is ionann seo agus a shéana gur scríbhneoir chor ar bith mé. Sílim, mar shampla, nár bheag mar chúnamh do Chré na Cille, a hainm.

Téann daoine go dtí mo theach i gCois Fharraige agus imeasc mo chomharsan le fiosrú ar an láthair arb í caint mo mhuintire chor ar bith atá agam. Scanraíonn na daoine sin mo mhuintir. Síleann siad gur daoine ón nGobharmint iad, anuas le *dole* nó seanphínsean, nó an pinsean dall a bhaint dhíobh. Chuir duine i mo leith i léirmheas nach raibh agam ach caint leathpharáiste. Níor mhór do dhuine an Ghaeilge ar fad a bheith aige le é

sin a chuir i leith dhuine eile. Ba rud taobh amuigh de léirmheas liteartha é agus d'fhreagair mé é, ach níor foilsíodh mo fhreagra. Dúirt mé go dtiocfadh dhom gan a bheith agam ach caint leathpharáiste, ach gur chosúil nach é an leathpharáiste ceart é, mar nach raibh ag an iomlán acu ach caint leathpharáiste, má bhí sin féin ag a bhformhór, agus ar aon chor ó nach raibh faoin nGaeilge anois ach cupla paráiste gur mhaith an cion do dhuine leathpharáiste dhi a bheith aige. Ach is í lomchlár na fírinne nach bhfuil caint leathpharáiste agam. Cloisim cainteannaí nua i gcónaí ar an urlár ar rugadh agus ar tóigeadh mé air. Ach ar bhealach eile is iomaí paráiste ar thug mé creach bheag liom as, as an taobh thiar de Chonamara, as Achréidh na Gaillimhe, as Dúiche Sheoigeach, as límistéir na Gaeltacht fré chéile. Chaith mé cion leathbhliana nó tuille, idir ceathair nó cúig de chuairteannaí, in Inse Gall, in Oileán Leos go háirid. Chaith mé mí as a chéile in a chábán in éindigh le 'ceaird' nó tincéara agus thóig mé go leor seanscéalta agus fiú dreasa ceoil uaidh, arae ba sárphíobaire é freisin. Ag ithe agus ag gearra ar mhuintir na hÉireann a bhíodh sé le chuile chor. 'Sé feadhainn glé ainealach, leora, atá ann an Éirinn.'

Mar tá a fhios ag cách tá a lán cainte beo in Albain nach bhfuil beo in Éirinn anois ach a bhí sa nGaeilge abhus tráth. Bainim corrfhocal aisti. Sílim go n-aithneoinn céard is féidir a bhaint aisti agus nach mbeadh in a choirce scéin sa nGaeilge. Scríobhaim 'teine bhial na hoíche', leagan nár chuala mé ariamh in Éirinn ach a thuigfeadh Gaeilgeoir ar an toirt. Ar a mhalairt ní scríobhfainn rud a bhí in Éirinn deireanach go leor: ruigim a leas (leigidh mi a leas), ná an *trásta* ach an oiread. Tá siad ro-sheargtha, ro-chosúil le Gaeilgeoirí Éireannach arb é 'an féileadh' a bheadh orthu.

Duine ar bith a scríobh Gaeilge bhain sé rudaí siar as an litríocht. Dar a shon nach mbainfeadh. Teagasc

Críostaí a scríobhadh i lár an chéid seo caite agus ar chosúla le saothar Louvain é a bhí agam féin ag an scoil. Bhí an Ghaeilge tórúil ariamh ar rudaí ársa dothuigthe agus tá fós, 'An Mharthainn Phádraig' mar shampla. Má theastaíonn focal uaim agus gan é agam ach é sa litríocht, nó más dóigh liom gur fearr an focal atá agam ón litríocht ná focal ó chanúint eile nach móide go mbeadh a bhrí go barrainneach agam, is as focal na litríocht a bhainim leas. I *gCath Mhuighe Léana* a fuair mé 'báire baoise': 'Eoghan ar a báire baísi a coimideacht a oide ann'. Thuigfí é mar tá an dá fhocal sean-bheo fós, cé nach i gcuingir a chéile mar sin é sílim.

Ní dhéanaim rud mar sin ach ar mo riachtanas. Caithfe duine an Ghaeilge a scaga sa gcaoi go mbeidh chuile fhocal cruinn barrainneach, 'donner un sens plus pur aux mots de la tribu', mar dúirt Mallarmé, brí níos glaine a thabhairt do chaint na treibhe. Bíonn cuid mhaith focla doiléar don chainteoir dúchais féin. Ní mór don scríbhneoir a bheith i n-ann breathnú timpeall na gcoiméil, siúl faoi gcuairt den fhocal. Ní cúrsa don fhile amháin é seo: féachaimse len a dhéanamh freisin. Má tá dhá fhoirm sa gcaint ach ceann acu a bheith aosta sa litríocht bíonn fonn orm tús a thabhairt do cheann na litríocht. Is iomaí caoi i gcanúint ar bith le *in aonacht* nó *in éindí* a rá. Ní aithníonn daoine ar chóir ní b'fhearr a fhios a bheith acu gur focal cianaosta sa litríocht, focal atá beo i mo chuid cainte féin, 'ab uil a chéile'. Scríobhaim ó *chianaibh* cé nach bhfuil sé i mo chuid cainte féin. Ach tá eolas agam air ón litríocht agus is feasach dhom go bhfuil sé beo fós in áiteachaí eile. Bhí agus tá locht agam ar *Scéalaíocht na Rithe* as ucht gur hathraíodh focla agus leagain sna scéalta sin atá beo fós sa gcaint.

Sí mo chanúint féin mo fhriotail bunaidh scríbhneoireacht ach níl aon leisce orm caint Chonnachtach ar bith a chuala mé, nó atá agam ó leabhar, ó

scéal, ná ó amhrán a scríobh. Thóig mé a lán focal Gaeilge as Béarla na hÉireann, na blianta a raibh mé sa gcampa géibhinn. Bhí daoine as chuile cheaird d'Éirinn ann. Foinse chumasach don Ghaeilge bheo í an iris *Béaloides*. Ach tá a leas féin sna hirísí léannta uilig. Ní taise do na téacsannaí próis ar fad é ón 17ú céad anuas agus leabhara béaloidis Chonra na Gaeilge a chur san áireamh, i dteannta irisí mar *An Gaodhal*, *Irisleabhar na Gaedhilge*, irisí Chonra na Gaeilge, irisí fearacht *An Stoc*, *Ar Aghaidh*, *An tUlltach*, *An Lóchrann*, gan trácht ar Fhoclóir an Duinnínigh, ar choir do chuile scríbhneoir í a thabhairt chun leapan leis, mara bhfuil foclóir a barrtha aige. Mhúin filíocht an 17ú céad déag – cé nach mbeadh duine ag súil leis seo – rudaí áirid faoi stíl dhom, leas a bhaint as an aidiacht i leaba an ainmfhocail mar shompla, an santach in áit an duine santach, nó an santachán, an bréagach, an formadach agus mar sin. D'fhéadfainn é sin a fhoghlaím, cuir i gcás, ó sheanfhocla ar bhéal na ndaoine, ach b'ansíúd ba thúisce a thug mé suntas dó.

Dúirt mé ar ball nach mór don scríbhneoir a bheith i n-ann breathnú faoi gcuairt d'fhocla. Sin é an t-údar a mbíonn drugall orm a dhul i mbradaíl mórán, ar chanúintí beo taobh amuigh de chuid Chonnacht. Is caol cleasach na rudaí focla beo. Castar focal le duine i gcanúint seachas a chanúint féin ach a casadh leis cheana sa litríocht. Ní i gcónaí, ná fiú go minic, arb í ciall na litríocht an chiall bheo. Is minic an leagan céanna ag focla i dhá chanúint, ach an chiall an-dealaithe, *tuatach*, *tútach*, i gConamara agus i nGleann na Mada, nó *galánta* i dTír Chonaill agus i nGaillimh.

Dar ndóigh ní mór a bheith dílis don chanúint i gcomhrá más le Gaeltacht nó lucht Gaeltacht atá do phlé. Is cúrsa crosta iad na focla Béarla atá teagtha isteach sa gcaint. Chuala mé scoláire Gaeilge ag rá

nach bhféadfadh sé rothar a rá, *bicycle* deile, go mb'fhéidir dhá dtaithíodh sé é agus anró áirid a chur ar ghléasannaí oile a bhéil go n-éireodh leis é a rá, ach ar *principle* nach ndéarfadh. Ach dhá ndeirinn féin rothar i gcomhlódar na ndaoine ar éirigh mé suas leo bheadh faitíos orm go sílfidís gur suimiúlacht a bheadh orm. Ach ní bhfaighinn ionam féin leagan eile atá acu féin air a rá ach oiread, 'baidhsilic'. Teastaíonn siceolaí ó dhaoine seachas an scoláire Gaeilge sin! Comhairim féin in a ionsaí neamhdhíreach ar an teanga ag daoine nach ionsaí is rún dóibh go leor de na focla nua atá dhá dtabhairt isteach sa nGaeilge ón mBéarla litir ar an litir mar déarfá, gan aird ar fhuaim ná eile. Mar fhocla Béarla adéarfad go brách iad. Níl an Ghaeilge feasta i n-ann a cuid féin a dhéanamh den iasacht. Ní dhéanfa seo ach teanga atá sách slabhctha cheana a shlabhca tuille. Fiú ní fhiafraítear ar call an focal, nó a bhfuil a chomhfhaithe sa nGaeilge cheana. Tá focla sa nGaeilge le tamall maith anois nach mór é mo ghnaoi-sa orthu 'léirmheastóir' cuir i gcás, nó 'amharclann' nó 'taibhdhearc'. Ach na focla a cuireadh in a n-áit le goirid, critic agus téatar is in a bhfocla Béarla a fhanfas siad go deo sa nGaeilge is cuma cén réim idirnáisiúnta atá acu. Tá chuile dhuine 'ag forbairt' mar deir siad féin. Ba mhó an chomaoín a chuirfeadh a lán acu ar an nGaeilge dhá mba ag buala golf a ghabhfaidís. Cuireann sé scanra orm nuair a chloisim duine ag rá gur scríobh sé rud eicint le cruthú gur féidir an saol nua-aimsire a phlé i nGaeilge. Is féidir. Ach tá a fhios agamsa go gcuireann sé anró mór orm an smaoine is fánaí dhá dteagann chugam a phlé agus go sílim gurb amhala do chuile scríbhneoir é, nó tá súil agam gurb amhala. Ba cheart focla a láimhseáil cho cúramach le uibheachaí a mbeadh scolb an éin orthu. Má tá tada i ndán do shaotharú na Gaeilge caithfear an Ghaeilge sheargtha uilig a scrúdú

agus foclóir a dhéanamh d'fhocla agus de leagain a bheadh inghlactha in athuair. Agus déanfar a lán cineál foclóirí eile. Idir dhá am caithfe muide sméaracht linn cho maith agus is féidir linn i gcamhaoineach an chathair ghriobháin seo arb í an scríbhneoireacht í, an uair féin is cóiriúla dála a saothraithe, ár gcuid cnuasaigh comhfhocla, ár gcuid stórchistí, ár gcuid órchistí a dhéanamh, chuile dhuine againn dhó féin.

Ba dheacair don Athair Peadar tada a dhéanamh seachas mar rinne sé. Ní raibh múnla ar bith próis ann ón 19ú céad ach *Cin Lae Uí Shúilleabháin* nár foilsíodh aon chuid dhe go dtí 1912 – 1913 agus Fealsúnacht Aodha Uí Dhomhnaill nár foilsíodh go dtí anura. B'fhéidir go ndearna An tAthair Peadar áil romhór dhá éigean. Chua sé go dtí cnáimh na huilleann leis agus go dtí an smior chailleach sa gcnáimh féin. Sin é dearmad an nua-aosóir, an *innovator*, i gcónaí. Bhí sé ro-ghéar ar chuile rud ach Gaeilge bheo, cé gur ghlac sé féin as na scéalta a bhí sé a athnuachan le rudaí nár Ghaeilge bheo sílim. Cuireadh suas dhe mar gheall ar gur thosaigh daoine ag tuirsiú dhá chuid scéalta, dhá chuid stíle, dhá chuid pápaíocht freisin b'fhéidir, cé nárbh eisean ach Henebry an Cúistiún. Chua a fhriotail i gcion ar chuile dhuine san am. Ach ansin tháinig daoine ar an bhfód a raibh rudaí ní b'inspéise le rá acu, An Píarsach agus Pádraig Ó Conaire. Ó tháinig Séamas Mhac Grianna ba gheall le cogai creidimh na Gearmáine í an tír go teangach. Is iomaí duine adúirt gur chóir glaca le canúint na mbeirt Ghriannachin a friotal do phrós na Gaeilge. B'fhearr an Ghaeilge a bhí acu ná ag Pádraig Ó Conaire. B'fhéidir go nglacfaí, nó i dtánaiste dhó sin, marach gur scoir Seosamh Mhac Grianna. Ní de chanúint Shéamais atá muid tuirsithe faoi seo, ainneoin go bhfuil a dhí chean déanta aige le go dtuirseodh, ach den scuaidrín fada scéalta a



Duais Euróblas 1995 do mhonarchana beaga – an chéad áit ag Clódóirí Lurgan

Ar chúl, ó chlé: An tAire Pat the Cope Ó Gallchóir; Micheál Ó Braonáin; An tAire Gaeltachta, Donncha Ó Gallchóir; Áine Uí Chualáin agus Brian Ó Baoill ó Údarás na Gaeltachta.

Chun tosaigh: Peadar Ó Gríofa agus Sorcha Ní Chonghaile.

Amharclann Chois Fharraige

SEANSCOIL SAILEARNA

Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Fón: 091-593017 Facs: 091-593715
Ríomhphost: cst@eircom.net

d'fhéadfadh duine a chlárú in a n-aicmí cho pointeáilte baileach is chláraigh Thompson na seanscéalta idirnáisi únta sa motif-Index of Folk Literature. B'éigean dúinn cúl a thabhairt dhá chuid scéalta agus dhá réir sin dhá fhriotal.

Nuair a thosaigh an tAthair Peadar ag scríobh níorbh bhféidir a dhul siar, arae ba ar éigin a bhí aon leabhar Gaeilge le fáil. Dhá dteangmhaíodh gur cineál seargtha eicínt Gaeilge, Céitinneachas, nó fiú rud ní ba dheireanaí, a ghlacfaí le linn an Athair Peadar ba mhoille aríst a bheadh nua-aosacht ag teacht sa scríbhneoireacht ná a tháinig. Bheadh leatroma eile ar an bhfás. Bheadh fonn ar an ábhar agus ar an scéalaíocht fanacht thiar i ré na cainte agus a bheith saofa agus neamhréalach. Ní hé amháin nach nglacfadh Henebry le caint nua-aimsire ach ní ghlacfadh sé le nua-aosacht ar bith, le scéalaíocht ná le inseacht ná le ábhar nua-aimsire taobh amuigh den bhéaloideas. Bhí Déisigh eile a bhí beagnach cho dona leis ar an gcaoi seo. Caint na ndaoine mar a thuig siad í a scríobh Pádraig Ó Conaire agus An Piarsach in a gcuid scéalta. Smaoinigh ar Phádraig Ó Conaire, ar Shéamas Mhac Grianna nó ar an gCrithineach ag iarra Henebryachas a scríobh!

Déarfa mé aríst, fiú má tá deilín déanta agam dhe faoi seo, dhá mbeadh aon cheo dháiríre le rá ag an Athair Peadar, nó dhá mb'fhéidir aon cheo fiúntach a rá an uair sin go nglacfaí leis an nGaeilge a n-inseodh sé é. Bhí lucht na Gaeilge i bhfad ní b'fhulannaí le Gaeilge a chéile an tráth sin ná bhí siad ina dhiaidh sin. Ach fiú in a dhiaidh sin bhí Clódhanna Teoranta agus Connradh na Gaedhilge ag iarra an chaint a dtugaidís Gaeilge na hÉireann uirthi a chur igcion.

Chuala mé Corcaíoch ag rá go raibh cumann léannta eicínt ag beartú leasú a dhéanamh ar shaothar an Athair Peadar, é a niamhghlana mar adéarfá, mar nach í caint na

ndaoine, caint Mhúscraí, a bhí go huile agus go hiomlán aige. Níl a fhios agam cé an chiall atá le caint na ndaoine anseo, ná fiú le caint. Tá trácht déanta agam ar an gcaoi a gcaithfe scríbhneoir roghain a dhéanamh ar a chuid ábhair agus é a chóiriú. Sé a fhearacht chéanna aige é leis an gcaint. An rud atá ráite ag Eliot faoi fhilíocht tá sé cho fíor céanna faoi phrós:

Ní hí an chaint chéanna amach agus amach choitchin aon fhilíocht leis an gcaint a labhairas agus a chloiseas an file; ach caithfe sí a bheith cho dlúth sin le caint na haimsire sin go bhféadfa an léitheoir nó an t-éisteoir a rá, 'sin mar a labhairfinnse dá bhféadainn filíocht a labhairt'

Chua sé ní b'fhaide ná sin agus dúirt gurb ar leagan cainte an áit arb as é ba chóir don fhile aird a thabhairt agus ar an teallach ar díobh é, agus a chaint laethúil féin. Mar sin féin ní hí caint na ndaoine atá ag aon scríbhneoir Gaeilge, bíodh sé in a Ghaeilgeoir dúchais ná eile. Is éabhlóidiú mar adéarfá a níos an scríbhneoir ar an amhábhair arb é caint na ndaoine é, nó caint na ndaoine i dteannta a chuid cainte féin arb í caint na ndaoine freisin í b'fhéidir, caint na ndaoine agus í éabhlóidithe cho maith. Ní féidir caint na ndaoine a fháil ach le spól-thaifeadán, nó le deis nua-aimsire eicínt mar sin. Sa méid go mbeadh aon fhírinne ann sílimse gurb é an cáine ba ghéire a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an Athair Peadar, nó ar Shéamas Mhac Grianna gurb í caint na ndaoine a scríobh siad. Níor chuala mé aon duine dhá rá sin ariamh faoi Sheosamh Mhac Grianna.

Uair ar bith a scaraim féin le caint mo chanúinte féin is caint a chuala mé duine eicínt a rá a scríobhaim, nó caint a thuigfeadh fear Gaeltacht a mbeadh aon teanntás aige ar na smaointe a bhí mé ag iarra a fhoilsiú léi. I gCré na Cille an chaint atá i mbéal an mháistir scoile agus a bhean agus daoine eile uaireantaí ní gnáthchaint Ghaeltacht í, ach caint

ealaíonach, caint uaislithe nó bréag-uaislithe. Sa tSraith ar Lár ní scéalta Gaeltacht' An Eochair' ná 'Cé Acu'. Is dea-Ghaeilge atá curtha agam i mbéal na bpearsanaí sna scéalta sin, ainneoin nach gcloisfeá aon duine sa nGaeltacht ag caint díreach ar an gcóir sin. Dúradh liom gurb í Gaeilge bhriste Bhaile Átha Cliath arb í ba dóigh a bheith ag Aitheach Tuatha na Státsheirbhíse dhá mbeadh Gaeilge ar bith acu, ba chóir dhom a chur i mbéal J. san 'Eochair'. Níl aon earnáil dhúchais Ghaeilge ann a d'fhreagródh sa gcás seo, mara ndeireadh Múscraíoch gurb í a macasamhail atá ag na Connachtaigh, nó Séamas Mhac Grianna gurb í atá ag pobal Ghaoth Dóir. Is féidir a rá gur Gaeilge bhriste í an Ghaeilge fhoghlamta ar fad, cé gur briste cuid dhi ná a chéile. Agus ansin tá cineálachaí Gaeilge bhriste ann arb iad clann suirí na dtrí chanúintí faoi seach iad. Ach sé mo mheas agus le gan trácht chor ar bith ar staid láthaireach na teanga, gur rudaí gan tábhacht iad seo, airíona seachtarach eachtarmhúrach sa scéalaíocht. Ní raibh aon bhaint ag Gaeilge fhear na heochrach, má bhí a leithéid aige, len a scéal. Ba é a scéal, nó scéal an innill a bhí dhá chlaí, agus ní hí an cineál Gaeilge ar inis sé é a bhí tábhachtach. Ní hé a d'inis chor ar bith é. Dhá mbeadh inneall ag caint cé an sórt Gaeilge a bheadh aige, fiafraím?

Taobh istigh den mhúnla sin atá mé ag iarra a léiriú is féidir dath a chur ar an gcaint, le gur léir cé an aicme é an cainteoir, cuma arb as an nGaeltacht nó nach ea dhó. Gaeilge shlán atá ag Tomás Taobh Istigh i gCré na Cille ach d'aithneodh cách nach máistir scoile é. Ar a laghad ar bith dúirt céad duine ó gach áit ar fud na hÉireann liom go gcaithfeadh sé go raibh aithne agam ar an Tomás Taobh Istigh a bhí in a gcuid bailtí fearainn féin!

An cineál friotail atá mé ag iarra a shaotharú b'fhéidir go bhfuil sé buille útamálach, ach níl sé cho hutamálach

agus a bhí. Na scéalta nua atá mé a scríobh anois-tá leabhar toirtiúil eile ag an bhfoilsitheoir, *An tSraith dhá Togáil* – ní faoi mo cheantar dúchais ná faoi Ghaillimh chor ar bith iad. An scéal Gaeltacht atá ann ní faoi aon Ghaeltacht i nGaillimh é. Is faide an t-achar i mBaile Átha Cliath anois mé ná bhí mé i mo cheantar dúchais ariamh. B'éigean dom eolas an-bharrainneach a chur ar an gcathair, eolas níos barrainní ná tá ag go leor d'fhíormhuintir na cathaireach féin uirthi, le linn dom a bheith i mo chomhalta feidhmiúil in Óglaigh na hÉireann. Is mó de mo dhlúthmhuintir i mBaile Átha Cliath ná sa mbaile. Tá go leor de mo chomharsanaí agus as mo thaobh tíre in a gcónaí gar go leor dhom. Is cineál ghetto muid b'fhéidir. B'as an ghetto Kafka agus Heine gan ach beirt a bhfuil eolas agam ar a saothar a lua. Cho fada is is léar dom is ghettos ar fad é Baile Átha Cliath. Ní fhéadfadh duine a rá gur comhthionól a bhí ann ó aimsir Joyce, tráth a raibh an baile mór i bhfad ní ba lú agus ní ba chomhdhlúite theanntásaí. Ba é a scríobh chéad úrscéalta agus úrscéalta deire Bhaile Átha Cliath de réir cosúlacht. Ní úrscéal coinbhliocht ná gnímh ceachtar acu sin. Is den chineál *picaresque* é *Ulysses* cineál nach fada chor ar bith é ó *Dhiarmaid agus Gráinne*, agus tá anchosúlacht ag *Finnegan's Wake*, in a cuid easpa gnímh ar aon nós, le dramaí Shaw. Sílim go bhfuil cathair mhór griobháin mar Bhaile Átha Cliath anchóiriúil don scéalaíocht *phicaresque*. Mura bhfuil comhthionól tá comhthionóil i mBéal Feirste. B'fhéidir gurb é an 'drama an chruth liteartha is dual do na 'fluid puddings', do na bailte móra scaoilte. Is iondúil páisiún nó múisiam dhá nochtú go fraochmhar antoisceach i dteannta plotaíocht sa drama agus is tréith de shaol na gcathaireachaí iad sin. Is fíor nach dramaí mar adeirim cuid Chekov. Ach an chuid acu sin is cuimhneach liom anois ní faoi bhailte

móra chor ar bith iad, nó bailte móra de mhéid Bhaile Átha Cliath ar aon chor. Is beag dháiríre a leanadh an nós Chekovach sa dramaíocht. B'fhéidir gur chinn sé ar dhaoine. I mbruachbhailte na gcathaireachaí nach cathair ná tuaith iad féin atá cónaí ar lucht rachmais, dream tionscail nach mbíonn tionscailteach, daoine meabharach scaití, ach gan aon fhiosracht intleachtúil. Níl d'fheidhm ag na bruachbhailte seo ach go gcollaítear iontu. Deirtear faoi dhramaí Shasana gurb é a n-ionad seomraí maireachtála bruachbhailte Londain, ar nós mar deirtear faoi dhramaí na Mainistreach gurb í an chisteanach tuaithe is ionad dóibh. B'fhéidir go bhfuil só na mbruachbhailte leata amach ar an tuaith féin in Éirinn faoi seo. Scéal cinnte gur beag a bheadh le fáil ag macasamhail Synge inniu. Mar sin féin is faoin tuaith atá an pobal is foistíní agus measaim go bhfuil an tSeamair Mhuire ag scríbhneoir ar de phobal foistíneach mar seo é. Ach measaim freisin nach cóir de mo leithéidse arb i mBaile Átha Cliath atá formhór mo shaoil caite agam, Baile Átha Cliath a fhágáil in a pháipéar bán. Tá go leor ráite faoi comhthionól agam. Is iomaí cleas, cleasa gránna, cuid acu, a chaithfeas duine a chur in a shuí le é féin a chosaint ar stocaireacht. Roimh an Nollaig chaith fear as Ros a Mhíl coicís ag tabhairt ollamh orm! Ba é a chríoch go ndeacha mé ar an ól. Sé an chaoi is dual don scríbhneoir a bheith in a dhíseartach arb iad ballaí a dhísirt an comhthionól ar díobh é.

Tá sé ráite faoi úrscéalta móra an tsaoil a caitheadh gur thuig a gcuid údar go raibh ord bunaithe ar a gcúl, eagar ar fhéad sé a thabhairt de bhreith air gur rud maith nó gur rud dona a bhí ann, ach gur rud é a bhí ann ar aon nós. Ní staid sheasta mar sin atá inniu ann, staid a bhféadfadh an scríbhneoir glaca léi nó cur in a haghaidh. Is gotha sealadach atá ar chuile shórt fiú marthainn an duine féin. Tá chuile rud éiginnte, ar bís,

mar go mba cinniúnach teagmhaiseach a bheadh sé agus gan é ar acmhainn an duine aonraic tada a dhéanamh in a thimpeall, Mar sin féin bíonn caitheamh mór i ndiaidh cineál eicint buaineadais ag an duine. Seo é faoi deara do na húrscéalaithe comhthathú a chur san úrscéal nach bhfuil sa saol. A lán dhá bhfuil dhá chuma is mar léiriú é ar an gcaidreamh daonna, na daoine ar scáth a chéile i saol malairteach guaisiúil. Níl saol na hÉireann saor ón imní sin, ach oiread. Ní fhéadfadh aon scríbhneoir Gaeilge a shamhalú go mbeadh cosúlacht ar bith buaineadais ar an bpobal ná ar an saol ar dóigh dóibh a bheith ag trácht orthu. Is díol suntais ar an gcaoi seo gur i reilig atá *Cré na Cille*. Níl rud ar bith is buaine ná reilig ach gurb é buaine na neamhbheatha é.

Má fhiafraíonn duine dhíomsa cé an chaoi ar thosaigh mé ag scríbhneoireacht ní féidir liom a rá go fírinneach. B'fhéidir gur de thimpiste é. Rinne mé na hiarrachtaí leanbaí a níos a lán eile nach seadaíonn an scríbhneoireacht níos faide. Úrscéal a scríobh in aois mo sheacht mbliana déag, píosaí Béarla a scríobh sa bPoblacht agus in áiteachaí eile faoi ainm chleite agus faoi ainmneachaí bréige. Dréacht Béarla, aithris ar an *Tale of a Tub* le Swift, ag fonóid faoi chinnire áitiúil d'Óglaigh na hÉireann, dréacht ar cheisnigh na bleachtairí ar tharla dóibh an teach a chuartú agam go bog agus go crua mé faoi. Mo chéad ghearrscéal: maidin shamhra le mainneachan tar éis a theacht isteach dhom ó dhamhsa a scríobh mé é te bruite in aon iarracht amháin. Níl a fhios agam a raibh aon ól déanta agam. Má bhí is cinnte go mba poitín é. Ní i bhfad uaim a chonaic mé an t-ábhar. Faoi mhada an chomharsa bhéal dorais é, duine nach mbínn scaití robhuíoch dhe. Deir Críostóir Mac Aonasa go bhfuil chuile rud dhár scríobh mé ó shoin ann. Taca an am chéanna thosaigh mé ag aistriú don Ghúm

agus d'aistrigh mé drama do Thaibhdhearc na Gaillimhe, rud a thug litir ó Liam Ó Briain chugam. Chuir abairt amháin inti cluaisíní croí orm: 'níl do chomh-mhaith de scríbhneoir i gConnachta, a Mháirtín'. Bhí Pádraig Ó Conaire básaithe ach mheas mise go mb'iontach an scríbhneoir é an Beirneach, duine a léinn go hamplúch agus a léim fós. Duine eile a raibh an-tóir agam air an tráth sin Mícheál Breathnach, scríbhneoir ar b'as mo pharáiste féin é. Léigh mé go leor freisin le Pádraig Ó Conaire agus le Pádraig Óg Ó Conaire agus bhí mé ag tosú ar mhuintir Ghrianna. Léigh mé Shakespeare ó thús go deire. Chum mé drama chúig mhír ag aithris air tá mé cinnte agus drama faoi Úna Bhán Nic Dhiarmada Rua a thug mé don Thaibhdhearc, agus ar mhaith an aghaidh air gur heitíodh é. Scríobh mé drama fada eile a bhí le léiriú san áit, marach gur imigh cuid de na daoine a bhí ceaptha le bheith páirteach ann go Sasana. Ní dhearna mé ach iarracht amháin eile, an ceann a leigheas ar an dramaíocht mé. Scríobh mé drama sa gcampa géibhinn. Thug mé don Mhainistir é in a dhiaidh sin, moladh agus heitíodh é. B'fhéidir go mbainfeadh daoine meabhair eicínt as mo chuid leabhar, ach ní thuigfidís go deo ar ardán mo chuid cainte!

Go díreach agus an scríbhneoireacht caite as mo cheann agam tharla rud beag eile a thug ogach dhom in athuair. Thosaigh cailín ag iarra orm cúnadh a thabhairt di. Thugadh sí pínneachaí airgid dhom corruair nuair a d'éiríodh an t-uisce gann amach i meirbheadas an tsamhraidh. Bhí sí ag dul ag an Ollscoil agus thug an t-Ollamh Béarla aiste dhóibh. Ní aiste a scríobh mise in a hainm féin ach gearrscéal. Bhí iontas ar an ollamh agus áthas is cosúil. D'iarr sé uirthi an scéal a aistriú go Gaeilge agus é athscríobh mar dhrama agus go léireofaí sa Thaibhdhearc é. Sílim gur léiríodh ach níl mé dearfa. Foilsíodh

freisin in áit eicínt é, ach ní fhaca mé é.

Faoi seo bhí m'anshó féin ormsa agus bóthairí na hÉireann róm amach. Bhí mo shagart paráiste agus easpag na Gaillimhe i ndiaidh mé a bhrise as an scoil a raibh mé ag múna inti. Ní faoi sin atá aon fhaltanas agam don sagart siúd ach fhobair dhó mé a ghráiniú ar an scríbhneoireacht go deo sílim. Gaeilgeoir breá a bhí ann ach niamhghlan tóir, *purist*, a sháródh Henebry féin. Chaith sé a shaol ag ceartú Gaeilgeoirí a pharáiste féin. Níl seachtain ar bith nach dteagadh sé isteach sa scoil agus leabhar Gaeilge eicínt aige, marcáilte le peann luaí dearg, leabhar le Tomás Ó Máille, nó Colm Ó Gaora, nó duine eicínt eile, de mhuintir na Gaillimhe go háirid, a bhí in ainm' s scoth na Gaeilge a bheith aige. Chaitheadh sé an chuid eile den lá ag dul thríothu ó dhearmad go dearmad. Dhá scríobhainn féin rud ar bith in áit ar bith thugadh sé isteach é le sciúra na seanchuinneoir a thabhairt dhom ar an gcóir chéanna. Ó am go chéile thosaíodh sé ag cur strainceannaí léanmhar air féin: 'Is trua! Is trua! An Ghaeilge a bheith dhá milliú mar sin! Tá mé cráití, cráití, cráití! Pian atá thuas i mo thóin! Pian thuas i mo thóin! *Piles! Pile!* An raibh siad orts ariamh? ...'

I mBaile Átha Cliath bhí aithne agam ar chupla duine a bhí ag scríobh Gaeilge, go háirid Tomás Bairéad a bhíodh ag tuine liom, nó go dtéinn ag scríobh mé féin. Ní raibh aon obair sheasta agam agus scríobh mé Idir Shúgradh agus Dáiríre, d'uireasa tada eile a bheith le déanamh agam. Ach bhí mé míshásta ar fad. An obair a chonaic mé déanta ag daoine eile ní raibh goir ar bith agamsa í a dhéanamh. Lá amháin fuair mé seanchóip d'irisleabhar Fraincise ar phínn sílim i siopa leabhar i sráid Aungier i mBaile Átha Cliath, rud a bhí in a oscailt súl domsa cho mór is a tharla don Naomh Pól ar bhóthar Damascus! Casadh aistriú Fraincise liom inti ar

scéal le Maxim Gorky: lá buana imeasc Casacaí an Don. Gheit mé suas den leaba a raibh mé sínte uirthi dhá léamh. Níor léigh mé a leithéid roimhe sin. Tuige nár inis duine ar bith dhom go raibh scéalta mar seo ann? 'Bheinnse i n-ann é sin a scríobh', arsa mise liom féin. 'Sin obair a níos mo mhuintir-sa ach gur malairt ainmneachaí atá orthu'. Tháinig mar bheadh cineál ocras orm, ocras ba do-fhuilingithe go mór ná an cineál a bhíodh i mo bholg scaití. Thosaigh Cois Fharraige ó bhreaclach go carraig mhaol, go caoláire, go sruthán, go loch, go sliabh, go haghaidh fir, mná agus linbh, dhá cruthú féin thiar ar chúla m'fhoráí dúinte. Bhí an tirisleabhar sin i mo phóca agus ba bheag eile a bhí ann an lá ar gabhadh mé.

Chaith mé ionann's chúig bhliana idir trí nó ceathair de phríosúin ach ba sa gcampa géibhinn ar Churrach Chill Dara a chaith mé an chuid is mó dhe. Ní mian liom mórán a rá faoi sin, cé go mbaineann sé le mo scéal. Fuair mé an oiread eolais ar an duine is dhá mbeinn céad bliain ar an saol. Tá eolas ar an duine, ar an saol, riachtanach don scríbhneoir. Bhíodh Hemingway, cuir i gcás, i gcónaí ag iarra tuille eolais mar sin. Ba shin é an fáth a ndeacha sé in a tharbhadoir agus in a fhiagaí beithígh mhóra san Aifrice. Ní shin é an fáth a ndeacha mise i bpríosún. Ní shin é an fáth a ndearna mé roinnt mhaith siúlóide, ná a raibh mé cupla geábh ag obair i Sasana, ná ag obair ar an móin i bPáirc an Fhionnuisce, ná ag obair ar thithe ag Cros an Araldaigh; ach gur briseadh as an obair dheire seo mé i ndiaidh trí lá! Is snáth ar fad iad don scríbhneoir le tochras ar cheirtlín a chuid ábhair.

Rinne mé a lán oibre sa gcampa géibhinn, ainneoin cho corrach is bhí an saol. Tá mé i n-ann roinnt teangachaí a léamh agus leas a bhaint astu má chaithim. Ní cheapaim gurb sheo rud tábhachtach don scríbhneoir. Len a theanga féin atá air a dhúrachtaí a chaitheamh. Beidh an



Thuas

Sábhailt an choirce i mBoth Chuanna

Ó chlé:

Tim Johnny Ó Cualáin, Meaig Mhicilín, (Mairéad Uí Chonaill a bhásaigh i Márta na bliana seo), John Mhicilín Ó Cualáin (bhásaigh John i mí Eanáir 1992), Micilín Mhaighréid Mhicilín agus a bhean Nóirín Johnny (deirfiúr le Tim). Meastar gur tógadh an pictiúr seo am éicint sna ficheadaí seo caite.

Ar chlé

Cé nach rabhas cinnte cé hiad na fir ar chlé, measadh gurb é Ruairí agus leiceann Bhreandáin Uí Thuairisg atá ar chúl agus chun tosaigh, Maidhc Davy agus Meait Shéamaís Mhoir. Má tá sé sin le ceartú, cuir nóta isteach d'eagrán na bliana seo chugainn de Bhiseach.



Béarla aige ar aon chor. Mhúin gearrscéalta a léigh mé sa nGearmáinis agus san Iodáilis rudaí faoin ngearrscéal dhom a bhí ag Chekov, nó ag daoine eile b'fhéidir, ach nár léigh mé sách grinn iad. Is maith an rud ar aon chor gan a bheith i dtuilleamaí an Bhéarla, fiú má tá aistriú ar chuile shórt ar fónamh faoin domhan ann. Léigh mé an domhanaíocht na blianta sin a raibh mé i ngéibheann. Ach ní raibh an áit cóiriúil do scríbhneoireacht. Bhí mé i mbun páipéar a bhí ag na géibheannaigh *Barbed Wire* ar feadh tamaill agus scríobhainn idir Ghaeilge agus Bhéarla ann. Rinne mé roinnt scríbhneoireacht thairis, dhá úrscéal a d'imigh ar throigh gan tuairisc agus nach mórán bris sin. Mhúin siad dhom leis an gcineál comhrá agus modh scríbhneoireacht a chuir mé in a dhiaidh sin i g*Cré na Cille* agus in *Athnuachan* a scríobh. Scríobh mé roinnt mhaith filíocht ach tá sí sin imithe freisin. Bhínn ag cuma amhráin ariamh go mór mór faoi eachtraí i saol na n-áiteachaí a mbínn ag obair. Ba iad an cineál iad a gcuireadh muintir na Gaeltacht suim iontu. D'aistrigh mé sa gcampa géibhinn cuid mhaith amhrán ar nós an *Red Flag* agus an *Internationale*, ceann a mbíodh Brendan Behan ag casa an leagan sin dhe, go dtí lá a bháis. D'aistrigh mé go leor amhrán a raibh suim ag na géibheannaigh iontu, ar nós *The Shawl of Galway Grey*, *Moonlight in Mayo*, *The Boys of Kilmichael*, agus mar sin. Taca na Nollag i gcónaí bhínn an-chruógach ag cuma ceathrúnaí nó dánta le cur ar na cártaí Nollag a nódh muid féin. Scríobh mé roinnt gearrscéalta a ndeacha cuid acu amú agus tuille acu atá gan foilsiú. Cuimhním go háirithe ar 'An mBóthar go dtí an Ghealachathair' a scríobh mé i gcúinne cúlráideach de phroinnteach cupla lá breá a raibh na buachaillí ar fad thíos sa bpáirc ag déanamh bolg le gréin ba chúitiú eicínt do na boilg sheanga chéanna. Ba é an chéad scéal ariamh é ar chaith mé iomlán mo dhúrach

leis, cé gur chaith mé dúrach go leor leis An Taoille Tuile' a scríobh mé sa ngéibheann freisin. Mhúin' An Bóthar go dtí an Ghealachathair' dhom nár mhór do dhuine dúrach as compás a chaitheamh le saothar. Ba shin iad na laethantaí dháiríre ar thosaigh mé ag scríobh. Is cuimhneach liom an stróbh a bhí mé a chur ar m'intinn agus an fiucha a bhí inti agus mé dhá scríobh sin.

Ní áthas ach drugall a bhí orm an lá ar saoradh as an gcampa géibhinn mé. Ní mórán ní b'fhearr ná mo chulaith Martin Henry féin a bhí an t-éadach coga a bhí i Sráid Uí Chonaill, ach bhí mise agus mo chuid aislingí uilig in a smidiríní amuigh i saol coimhthíoch ar fad, saol nach raibh mé i n-ann a bharraíocht. Ní scríbhneoireacht is mó a bhí ag cur inní orm go ceann cupla bliain aríst ach slí bheatha eicínt a fháil. Bhí mo leithéidí faoi thóir: i leaba dhúinn a bheith ag cosaint na tíre adeirtí ba éard a d'fhéach muid a dhéanamh í a thabhairt isteach sa gcoga. Ghlac an Gúm leabhar eile uaim ach ní mar bhí sí beartaithe agamsa, arae ní thóigfidís 'An Strainséara' atá i g*Cois Caoláire* ná cupla scéal eile. Bhí na scríbhneoirí Gaeilge as éadan i n-aghaidh an Ghúim. Dúirt mé in áit eile go mba gheall a dhul as a chomhair le bheith i do choirpeach i láthair Cúistiúin nó *Inquisition*. An t-aon rud amháin a scríobh mé nach raibh a anáil ghabh air aniar i mo dhiaidh ba í *An tSraith ar Lár* í. Bhí an chuid ba mhó d'oifigigh an Ghúim mór liom. Ach chuile sheans gur daoine gnaíúil in a gcroí agus in a n-anam istigh na daoine a dhaor Pasternak. Ba í an bhreith chéanna sin a bhí Aire Oideachais a thabhairt orm féin nuair adúirt sé faoi *Chré na Cille* nach bhfoilseodh sé gáirsiúlacht Uí Chadhain. Fainic nach bhfuil an Gúm ag cur a cheann talpa aníos as an talamh aríst. Tá na pín luá dearg cruógach na laethantaí seo ag scrios amach filíocht Pheadair Uí Dhoirín. Is crann smala é an Gúm. Chaith mise neart ama freisin arb ag scríobh ba

chóir dhom a bheith ag iarra é a dhíláthairiú, rud a d'éirigh linn a dhéanamh sa deire, ainneoin nach go hiomlán sin. Ba mhaith liom an méid seo a rá, de chanúint na céalmhaine: má thagann an Gúm ar ais leis an ardréim a bhí aige cheana agus is é a bhara sin atá faoi, sin deire go brách le litríocht na Gaeilge. Má chreideann sibh gur chónaigh ná go gcónó dionnóid ar bith den eicimiúineachas ar an nGúm is mór de bhur gcloigeann atá falamh.

Ba tar éis na gcupla bliain sin i ndiaidh mé a shaora a scríobh mé *Cré na Cille* agus úrscéal eile *Athnuachan* a ghnóthaigh Duais an Chlub Leabhar. Bhí muinín agam ag tabhairt faoi Chré na Cille dhom go raibh mé i n-ann úrscéal ní b'fhearr a scríobh ná mar bhí sa nGaeilge go dtí sin. B'ogach dhom an chomhairle a bhí ar chlár chomórtais an Oireachtais, gur chóir do na scríbhneoirí ábhair nua agus modhannaí nua scéalaíocht a tharraingt chucu. Nuair a fuair an tOireachtas an nuaíocht ní ro-ghafach léi a bhí cuid acu. Chua mé isteach in Oifig Aistriúcháin an Rialtais. Dfhoghlaim mé cuid mhaith i dtaobh aistriúcháin ansin. Ba ar éigin a thug mé an eang liom gan mé a bheith briste de bharr cúrsaí scríbhneoireacht freisin, an colún seachtainiúil a bhínn ag scríobh ar feadh na mblianta don Irish Times.

Ba taca an am ar scríobh mé *Cré na Cille* a chuir mé aithne ar Sheán Sairséal Ó hÉigeartaigh. Bhí aithne agam ar a bhean Bríd agus a muintir le fada roimhe sin. Bhí cloiste agam ó dhaoine ceannasach in Óglaigh na hÉireann nuair a d'éireodh linn an tír a bheith fúinn féin againn go raibh P. S. Ó hÉigeartaigh, athair Sheáin, ar na daoine a chaithfeadh muid a ghabháil, mar gur ghuais don réabhlóid cead a chois a bheith aige! Is cosúil go raibh príosúin le bheith againne freisin! Tá mé cinnte go n-éireoinn as an scríbhneoireacht, as scríbhneoireacht na Gaeilge ar aon chor, marach Seán Ó hÉigeartaigh. Ná ní bheinn istigh ar Dhuais an

Bhuiltéaraigh marach é. Ba é a thug scéala na Duaise isteach chugam sa Mater i mBaile Átha Cliath. Theagadh sé isteach chugam geábh chuile thráthnóna ag ceartú profaí de scríbhinn liom ar nua-litríocht na Gaeilge agus profaí den *tSraith ar Lár*, nó ag caint anois agus aríst ar an mbeartú a bhí sé a dhéanamh faoi chomhair na haimsire seo róinn. Bhí sé istigh an lá ar bhásaigh sé, ach rud ab annamh leis ba ag an dó a tháinig sé isteach an lá sin.

Ní raibh ríméad ar bith agam féin as *An tSraith ar Lár* le hais mar tá agam as saothar fada eile a bhfuil *Barbed Wire* tugtha go sealadach agam air. Is dóigh liom gurb é an giota scríbhneoireacht é is fearr a rinne mé. Tá leabhar eile *An tSraith dhá Tógáil* ag Sáirséal agus Dill. Den tríú 'sraith' *An tSraith Tóigthe* tá cupla scéal faoin a chomhair scríofa cheana féin. Ní áibhéil ar bith atá mé a dhéanamh má dheirim gur mó go fada an scríbhneoireacht neamhfhoilsithe atá agam ná an chuid fhoilsithe. Uirthi sin tá leabhar Béarla a raibh m'údar féin agam í a scríobh. Tá go leor meanmnaí scríbhneoireacht ag teacht dhom i gcónaí, páipéir bhána ar mian leo a bheith in a bpáipéir bhreaca. Ach ní fhaigheann aon duine léas ar a shaol. ..

Tá tugtha faoi deara go scríobhaim anois faoi ábhair as an mBíobla. Is é an leabhar is mó a bhfuil eolas air é sa domhan agus tá an t-ábhar i gcónaí nua. Ach faoi seo a bhí mé: fear a tháinig go dtí mé agus adúirt liom go raibh iomraill aimsire nó *anachronisms* i 'gCiréib'. Léigh mé leabhara staire agus míniúcháin faoi chomhair na scéalta seo a scríobh. Ach thiocfadh d'iomrall a bheith iontu. Ós íomháineach as iad ní raibh mé faoi chuing coinneáil go dlúth leis an mBíobla. Chonaic mé pinteála in a lán tíreannaí. Is lodálaigh Muirí agus Íosaí Bhotticelli. Chonaic mé sa gCremlin i Moscó, Muire Mháthair Vladimir, an t-íocan iomráiteach a

thug na Rúisigh amach sílim sa mbrise agus na Gearmánaigh sa gCoga Deire ag bearnú thríothu ag Smolensk. Is Rúiseach í an Mhuire sin fearacht mar is Connachtaigh atá ar dhoras iarthair Chluan Fearta.

Tá baint aige seo freisin len ar dhúirt mé faoi bheith ag scríobh dhom faoi Bhaile Átha Cliath. Ag scríobh faoi mhalairt tréimhse atá mé sna scéalta Bíoblach. Creidim gur fusa scríobh faoi thréimhse atá sách fada siar ná faoin nglúin sul ar rugadh muid cuir i gcás, in ár dtír féin. Cuimhneo sibh uilig ar shamplaí: úrscéalaí Pólainneach ag scríobh faoi thús na Críostaíocht sa Róimh, nó Walter Scott ag cuma úrscéil faoi na Crosaídí sa Tír Naofa. Is mó an tsrian atá orainn faoin ár linn féin. Tá an domhan inniu agus b'fhéidir an t-am féin laghadaithe giorraithe ag taisteal. Is fusa do na scannáin agus don telefís léiriú a dhéanamh don tsúil ar éadaigh, tíreannaí, gnásannaí cuideáin, ná don scéalaí le focla. Is eolach chuile dhuine inniu ach an nod a fháil. Ní hionann agus Dickens, Balzac nó Tolstoy é, ní bhaineann an scéalaí inniu ach le dlúth agus inneach a scéil. Agus más eolach thú mar scéalaí tharlódh eachtraí cho hinchreidthe do do phearsana ag Kennedy, ag Orly, nó ag Aerfort Mhoscó, le bheith dóibh in Aerfort Bhaile Átha Cliath. Ní ligtear do thaistealaí thar a chéile níos mó d'aon aerfort a fheiceáil. Sílim go bhfuil sé cho furasta céanna taisteal siar san aimsir.

Meabharaíonn seo dhom gur dhúirt Críostóir Mac Aonasa faoin *tSraith ar Lár* nach raibh mo shúile romhaith. Rud is fíor go tur. Dúirt léirmheastóir eile nach n-aithneodh sé mo chuid daoine nó go labhaireann siad. Seoraithe úrscéalta an 19ú agus an 18ú céad a spreag a leithéid sin de thuairim.

An rud is tábhachtaí anois sa litríocht ar fad, an intinn a léiriú, páirt den duine nach féidir an camera a dhíriú uirthi. Caint dhílis an duine

nach mór. Is acmhainní i bhfad caint chuige sin ná ag tabhairt seoraithe faoin a chuid éadaigh, a ghné chraicinn, a theanga, troscán a thí nó troscán an ardáin, na tíre, ná na nós atá faoi gcuairt. Más scéal stairiúil é, inseo an stair dhuit céard a rinne pearsana do scéil agus cuideo an aigneolaíocht, an tsíceolaíocht, cuid mhaith leat le tomhais céard a thug dóibh na rudaí sin a dhéanamh. Ní hé an rud atá ar chraiceann an duine a bhfuil an tábhacht ann, ná fiú an craiceann féin, ach an rud a bhfuil sé ag siúl timpeall leis istigh in a cheann. Is mó atá a fhios againn faoi réalta Nimhe ná faoin a bhfuil ar siúl istigh faoin mblaois bheag sin le t'ais. Dúirt léirmheastóir i dtaobh scéal an chapail sa *tSraith* gurb as anáil Freud a tháinig sé. B'fhéidir é, ach níl mé féin cinnte. Léigh mé go leor le Freud. Is faide m'eolas air ná ar Chekov, cuir i gcás. Ar chuile bhealach is taitheamhaí machnamh dhuine de bharr Yung ná de bharr Freud. Tá a fhios ag cách gurb iad bunchlónnaí nó *archetypes* Yung is cionntsiocair le go leor den ábhar atá i *bhFinnegan's Wake*. Ar aon chor ní cosúil gurb í an taitheamhúlacht an tréith is treise sa saol atá ann anois. Ní bheadh Yung ar bith ann, ná síceolaíocht an lae inniu, nó ní mar tá a bheidís, d'uireasa Freud. Tá sé thar éis a dhul i gcion ní hé amháin ar litríocht, ach ar an ealaín agus an eolaíocht i gcoitinne, antrapeolaíocht Mhargaret Mead mar shampla. Ar éigin atá duine ag scríobh inniu gan an anáil Freudach a bheith ag éiriú go te as a chuid cainte. B'iontach go bhféadfadh bláthannaí cho hálainn fás aníos as carn aoiligh adéarfais duine liom, as léann bréige, as bréaga dalba, as gú-eolaíocht adéarfais duine eile. Oiread amén den fhírinne níl mise a dhearbhu a bheith ag Freud. Dúirt duine eicint i dtaobh fírinne na heolaíocht gurb í an teoríc is inchreidthe, *the most plausible theory*, í. Ní móide go bhfuil a dhath dhár dhúirt Freud ceart, ná fiú ionchosanta i gcúrsaí eolaíocht, ach is iontach an

leasú, an t-aoileach b'fhéidir ab fhearr libh a rá, don íomháineachas í, le cupla glúin anois. Tá a fhios agam gur mainneachtan ama agus easpa fiosracht intleachtúil ar lucht scríofa na Gaeilge nach léir Freud in áit ar bith inti. An t-iontas is mó a bheadh ar dhuine go bhféadfaí é a sheachaint. Má tá rud ar bith thar a chéile uireasach ar chumadóireacht sa nGaeilge, sí an aigneolaíocht í. Is iontach an feabhas atá ar an gcaoi seo i bPádraig Ó Conaire thara's aon nuadhéantús.

Má chua duine ar bith i gcion ar scéal úd an chapail ba é Teilhard de Chardin é sílim. Ní i ngeall ar gur faisean é De Chardin faoi láthair atá mé tar éis é a léamh. Is dóigh gur léigh sibh an íde atá tugtha air ag Jacques Maritain, an Tomásach, a raibh suim mhór agam ann roimhe seo. Má tá fírinne le baint as an eolaíocht ná as an bhfealsúnacht, is dóigh do Mharitain é a bhaint amach ná do Teilhard. Níl aon scil agam sna cúrsaí seo ach chítear dhom dhá dteangmhódh go mbeadh aon fhírinne in a chuid pléideála ag De Chardin gur thimpiste é. Ní mheasaim gur spreag Maritain aon duine ariamh, aon scríbhneoir ar aon nós, ní hionann is De Chardin. Is filíocht atá aige, úire, oirearcas, draíocht na filíocht, agus ní fírinne údarásach. Is é Teilhard de Chardin oidhre Freud agus a mhacasamhail eile.

Léigh mé faoi fhealsúnacht Eiseach, nó Existentialisme Jean Paul Sartre agus go leor dhá chuid scríbhneoireacht, idir ghearrscéalta, úrscéalta agus dramaí. Thaithnigh sé liom ach níor facthas dhom go raibh sé thrí lasa mar bhí Stendhal cuir i gcás, nó Kafka, nó na Rúisigh móra. Níor fhága sé mórán i m'intinn, mara i ngan fhios dhom é. Is dóigh má théann rud i gcion ar dhuine go bhfanann a lorg in a intinn, uaireantaí i ngan fhios dó, b'fhéidir. Is díol faitís liom é seo faitíos go háirid go mbeinn ag scríobh na rudaí céanna ar ais aríst i

ngan fhios dom féin. Arae má cheapann duine uair ar bith dhá shaol go mbeidh rud sách maith le scríobh is ionann sin is go ndeacha sé, i gcion air, rud a d'fhágfadh go bhfanfadh sé in a intinn, i ngan fhios dó, ó tharla nach mbeadh sé ag iarra é a scríobh in athuair. Le é seo a sheachaint féachaim le bheith ag coinneáil síoreolas curtha ar an saol agus le ilchineálachaí léitheoireacht, mar tá orm rudaí seachas litríocht a mhúna. Ní móide gur féidir é a sheachaint mar seo ach an oiread.

Más fíor rudaí áirid adúradh fúm is mar seo a d'fhan siad i ngan fhios i m'intinn. Dúradh faoi Chré na Cille gur scéal le Dostoevski a mheabharaigh dhom í. Níl mé cinnte ar léigh mé scéal sin Dostoevski ná gearrscéal ar bith leis roimh Chré na Cille a scríobh. Léigh mé an ceann áirid sin, nuair a cuireadh an rud seo i mo leith. Is beag cosúlacht dháiríre atá ag *Cré na Cille* le scéal an Rúisigh, an oiread céanna b'fhéidir is atá ag téama an ghrá, an grá tur féin, ó úrscéal go húrscéal den méid úrscéalta a bhfuil an grá iontu. Chloisinn mo chomharsanaí ag caint: 'an bhfuil a fhios agaibh anois céard déarfais Willy Beag thiar sa reilig nuair a chuirfeas siad fód ar Mhaidhc thiar len a ais?' Nó: 'go sábhála Dia sinn má tá féith bheo ar bith i gCite Fhada thiar san uaigh gheobha an cailín seo siar an teanga'.

Chonaic mé an rud a mheabharaigh na cainteannaí seo ar fad dhom as an nua. Tá roinnt reiligeachaí i gCois Fharraige agus thioctadh dhó tarlú i gcuid acu. San am ar ligeadh as an gcampa géibhinn mé bhí mé sa mbaile an geimhre sin. Fuair bean chomharsan liom bás amach ar ghearrógaí dubha na Nollag. Bhí díle bháistí ann agus breac-shneachta thríthí, sa gcaoi nárbh bhféidir an uaigh a dhéanamh go dtí an lá a raibh sí dhá cur. Chua cúigear nó seisear againn dhá déanamh le deifriú léi. Chart muid dhá uaigh ach níorbh iad na conraí cearta a fuair muid iontu. Cuireadh

fios ar mhapa na n-uaigheannaí ach bhí an mapa cosúil le gasúr ag déanamh suimeannaí leis an tlú i luaith an teallaigh. Bhí sé siar sa lá agus ba ghearr go mbeadh an tsochraide ar fáil. Dúirt muid go gcartfadh muid uaigh eile agus gurb shin é an méid. Ag dul abhaile dhúinn dúirt duine de mo chomharsanaí: 'an bhfuil a fhios agaibh cár fhága muid teáltaithe sa deire í, anuas', adúirt sé ar dhuine a dtiúrfa mise Micil Rua air. 'Ó. adúirt ceann eile, 'ó bhó go deo nach ann a bheas an "grammar".'

Má tá i ndán's go raibh scéal Dostoevski cuisnithe i n-áit eicint i m'intinn, b'fhéidir gur mhúscail rudaí mar sin chun beatha é. Dúradh rudaí eile a bhí gan tóin gan cheann. San am ar tháinig *Cré na Cille* amach an chéad uair agus aríst le goirid dúradh gurb as an *Spoon River Anthology* a fuair mé í. Ní fhaca mé an *Spoon River Anthology* fós ariamh, ní áirím í a léamh. De bharr an rud sin a bheith athphléite i gComhar le goirid tuigim anois go bhfuil tuambaí sa duanaire sin agus tuairiscí faoi shaol na ndaoine atá fúthu sin scríofa ar na tuambaí. Dúradh freisin gurb ag aithris ar bheirt Mheireacánach eile a bhí mé John Dos Passos agus Thomas Woulfe. Níor léigh mé smid le ceachtar acu ariamh. *Joycean galoot* a thug fear an bhus orm. Caithfe mé a rá gur thuirigh mé cho mór de chuid de na hóráidí i *Ulysses* agus a dhéanaim d'óráidí i ndramaí *Shaw*, nó de na dréachtaí fada fealsúnta i *gCoga agus i Síocháin (War and Peace)* Tolstoy. Maidir le *retoric Finnegans Wake* ní mór é a léamh go grinn agus é a sheadú le brí ar bith a bhaint as. Nuair a casadh 'Simple lesson' sa *tSraith ar Lár* ar irisoir áirid i mBaile Átha Cliath thosaigh sé ag méileach ar nós uan caorach an lá a gcoiscfi dhá mháthair é. Measaim go bhféadfainn saothar mar *Finnegans Wake* a scríobh. Bhainfeadh sé anfhada de dhuine cupla leathanach féin a chur i dtoll a chéile. Is



An tAth Máirtín Ó Loideáin as Seana Mhóinín ag oscailt taispeántas in éineacht le Lailí Bn de Buitléir agus Jesus Modia.



*Foireann na Minna a d'imir sa gcluiche ceannais faoi-19 ar an Domhnach, 13 Meitheamh, 1982.
Ar chúl, ó chlé: Seán Ó Cadhain, Seosamh Ó Diollúin, Éamonn Ó Cadhain, Peadar Ó Flatharta.
Chun tosaigh: Paul Mac Risteard, Seosamh Ó Conchubhair agus Máirtín Ó Diollúin.*

cumadóireacht é ach ní shílím go bhféadfaí scríbhneoireacht a thabhairt air, ach sa méid gur leis an ngnáthaibítir a chuirtear ar fáil é. Ach tá sé fóinteach arae seachnaíonn duine, le leas a bhaint as, bobghaistí cliúmhíllte. Chuir dréacht *retoric* mar sin deire go deo le iris liteartha Ghaeilge ar a céad uimhir. Ceapadh coiste i Roinn den Rialtas le údar an *retoric* a chur le bonn, le go mbronnfaí Suaitheantas na Roinne air.

Tá áit eile ar casadh liom a lán léirmheas orm féin, i bpáipéir scrúdúcháin. Níor dheacair cuid an mhic léinn dhe a scaga ón gcuid ba bhainne cíche an teagaisc. Fuair mé an leagan ceanann céanna seo ar fud foireann iomlán mac léinn: 'ní dhéanfa Máirtín Ó Cadhain scríbhneoir mór go deo mar tá an iomarca íoróine ann'. B'fhéidir gur fíor é seo ach is é an buille nach dtuigim é. Dhá mba cúrsaí iomarbhá a bheadh i gceist bheadh sé cho maith dhom a rá go gcreidim go bhfuil mé marfach – dúnmharfach b'fhéidir – i gceachtar den dá theanga oifigiúil. Ach más í an íoróin seo *irony* an Bhéarla agus is í de réir an Fhoclóra feicim é seo ráite ag Edmund Wilson faoi Joyce: 'Dubliners was French in its objectivity, its sobriety and its irony ...' agus é seo ag léirmheastóir eile faoi litríocht na nGall-Ghael: '*a politely despairing irony, has done so much to make Irish literature interesting. Irony is at the heart of the Irish consciousness ...Irony is a complexity of consciousness rich in verbal and particularly in dramatic potential*'. (Sean Lucy, *Irish Independent* 15/2/69) Agus tá ráite faoi E. M. Forster: '*His irony of ten saves him*.' Ní beag sin dhe sin.

Tá smaoine rómánsúil ann agus ní ag an bpobal amháin atá sé, gur scríbhneoir ó bhroinn é chuile scríbhneoir. Ná scríobh mara gcaithe tú sin a dhéanamh in aghaidh do chlaonta agus eile, adúirt Frank O'Connor. Sí an leathmhása eile den chomhairle chéanna fainic Jacques

Maritain ar dhaoine a airíos meanmna na healaíne iontu féin: ar do bhás ná lig do bhua chun siléige, adúirt sé. Dar ndóigh tá níos mó ná sin d'adhmaid in a comhthéacs le baint as caint Mharitain, sé sin, go bhfuil dualgas ar an duine an bua féin nach bhfuil ann ach bogán d'ubh amh, a oiliúint, a thaithiú, a fhoirbhiú. Ní thagann duine ar bith in a scríbhneoir ón mbroinn mar tháinig Pallas Athene lán-armtha as cloigeann Zeus. Is í oilithreachta do shaoil uilig, an t-aistear is faide sa domhan mar thug fear eile air, an síorfheabhasú agus an síorfhoirbhiú seo. Tá mé cinnte an lá a n-éireo scríbhneoir sásta len a sháothar, nó a gcreidfe sé nach féidir níos mó feabhais a chur air, gurb shin é a lá léin.

Tá drochfhaisean ag cuid de scríbhneoirí na Gaeilge – is fuíoll é de ghalra an Ghúim – an iomarca a scríobh. Tá scéal ag dul thart go gceanglaíodh Seosamh Mhac Grianna an uair sin a chois le sreangán de chois an bhoird le é a choinneáil ag aistriú, galra an Ghúim go díreach! Ní scríbhneoir lán-aimsire aoncheirde ceachtar againn. Cuireann sé scanra orm duine a chloisteáil ag rá gur le haghaidh airgid atá sé ag scríobh. Tóigimse an t-airgead freisin ach tá súil agam go mbíonn cion fir agus cion pinn déanta agam len a shaotharú. Déanfa mé lomchlár na fírinne: tá sé ro-éasca an t-airgead a shaotharú. Saotharó an droch-scríbhneoir i bhfad níos éasca é ná an scríbhneoir maith. Is fusa i bhfad Éireann a dhéanfas an scríbhneoir antlásach siléigeach é ná an duine coinsiasach cúramach. B'fhéidir gur cuimhneach le cuid agaibh gur thug mise an tuargaint a gheofadh sail adhmaid ag teacht faoi chladach garbh do leabhar áirid tamall ó shoin. Níl leiscéal ar bith le gabháil agam faoi. Ní léifinn an leabhar beag ná mór marach gur shíl mé gur ar mo chrann a bhí, ar nós Henebry fadó, '*the purity of Irish prose composition*' a chosaint. Bhí mo chiall

féin agam. Chonaic mé mo dhóthain den Ghúm cheana, ní ag ceasacht ar Dhia é, agus fuair mé mo dhóthain dhá anró, le go mba mhaith liom leiscéal ar bith a fheiceáil dhá thabhairt dó a theacht agus muid alpú aríst. Is leath teanga dhó a leithéid sin a dhéanamh rudaí atá cuid áirid de chairde na Gaeilge, mar dhóigh dhe, a rá.

Céard tá le rá faoin gcineál sin scríbhneoireacht adeirim, an léirmheastóireacht. Deirtear gurb iad na trí rud nach féidir a mhúna fonn, féile agus filíocht. Ní fíor ar fad nach féidir scríbhneoireacht agus léirmheastóireacht a mhúna. Ach is fíor an méid seo sílim: níl mórán maitheasa a bheith ag inseacht do scríbhneoir ná do léirmheastóir, cé cho maith ná cho dona is tá sé nó go mbeidh an oiread freacair déanta aige ar a mheabhair féin is gur follasach dó uaidh féin an chomhairle. B'fhearr gan léirmheas ar bith scaití, ach cead a thabhairt do na léitheoirí a roghain féin a dhéanamh de réir seanchóras an treibheachais: tongu do dhia tongas mo thuath! Mar sin a dhéanfas siad ar aon chor. Múinfe an stílíocht ar cuid den teangeolaíocht faoi seo í rudaí áirid, go mór mór don léirmheastóir. Foilseo sí céard dúirt daoine mar Aristotle, Benedetio Croce, Rémy de Gourmont, Roman Jakobson, nó René Wellek faoin scríbhneoireacht. Má mhaireann muid sách fada, b'fhéidir go mbeadh na hOllscoileannaí céim nó dhó ar aghaidh ón íoróin agus iad ag inseacht dhúinn cé mhéad uair an briathar is i milliún focal le Séamas Mhac Grianna ar ghualainn milliún focal liom féin. Ach ní mhúinfe an stílíocht dhuit le scríobh. Dhá múineadh ní bheifeá ach ag scríobh pátrúin réamhdhéanta, obair ar fearr go mór ríomhaire leis ná thusa. An chomaoín is mó a chuirfeas saothar sárúdair ort ní inseacht cé mhéad briathar saor atá aige é, ach tine bheannaithe threífideacht a dhearga dhuit.

Bhí súil ag chuile dhuine againn

nuair a bhaineamar amach ár neamhspleáchas ar an ngallán sóibhéadach, an Gúm, go dtiocfadh rath eicint ar scríbhneoireacht na Gaeilge. Ní shéanaim gur tháinig. Níorbh fhéidir léi a bheith ní ba mheasa ná bhí sí an uair sin. Ach bíodh muid díreach: níl baol ar an oiread feabhais uirthi agus a bheadh duine ag súil leis. Ní bheadh duine ag súil agus an saol mar atá go n-aistreofaí mórán den scríbhneoireacht nua-aimsire Gaeilge. Mar sin féin is rud do-thuigthe é gur mó a bhí dhá aistriú amhala aimsir Chonra na Gaeilge fadó. Den litríocht chruthaíoch atá dhá cur ar fáil is leabhara mar *An Duinníneach* nó leabhara Dhónaill Mhic Amhalghaidh is mó díol aird, i dteannta na leabhara léinn atá dhá solár ag leithéidí Sheáin Uí Thuama, Tomás de Bhaldraithe, Seán O Lúing, Gearóid Mhac Niocaill, an tAthair Colm Cille, agus cupla duine eile b'fhéidir. Tá an iomarca den éascaíocht ag roinnt leis an gcaoi a bhfuil an litríocht chruthaíoch dhá cur ar fáil.

Agus leis an bhfilíocht freisin sílim. Is dóigh go dtóigfe an Tromdháimh anseo boilg aithise orm as ucht é seo a rá. Ní bheadh sé cneasta gan é a rá.

Staid bhagarach, drochthuar é, an iomarca tóir a bheith ar fhilíocht a chuma le hais an phróis. Seo mar tá sé i mionteangachaí eile ar nós Gáidhlig na hAlban, a bhfuil triúr nó ceathar filí den chéad scoth inti freisin. B'fhéidir gurb é an iomarca Maud Gones atá ag fálróid timpeall in Éirinn! Scríobh Raymond Williams léirmheas ar leabhara nua filíocht sa *New Statesman* agus ba sheo rud adúirt sé ann: 'How socially good that so many people try to write verse ...': an gcríochnó mé an abairt: 'what a relief that none of it is important'. Socially important! Is fíor é! Na cupla file maith atá againn níl siad ag cuma a ndóthain. Is fusa go fada liric dheas

neamhurchóideach ocht líne a chuma anois agus aríst ná aiste a scríobh, úrscéal, ná fiú gearrscéal féin a scríobh. Seo í an éascaíocht agus an leisce ar ais aríst! Cho fada is is léar dhomsa is mó go mór a bhfuil d'fhilíocht dhá scríobh sa nGaeilge ná sa mBéarla in Éirinn. Go leor de na daoine seo a scríobhas ocht líne an Sprid Naomh gach Cincís tá siad in acmhainn leabhar a chur ar fáil. Is cuid d'athbheochan na Gaeilge freisin í an scríbhneoireacht, earra a mbíonn muid síoraí ag déanamh gaisce chúiteach aisti. Sé an prós tathán, coincread, clocha saoirsinne an tsaoil, agus é cho garbh míthaitheamhach leis an saol féin. Síleadh gur gaileamaisíocht a bhí ar Phatrick Kavanagh nuair adeireadh sé gurbh fhileata go mór iad na prós-scríbhneoirí, daoine mar O'Flaherty nó O'Connor, ná na filí Gall-Ghaelach. Le galra seo na filíocht a bhí sé ag plé.

Is beag atá fágtha ag an bhfilíocht inniu. Níl tada fágtha aici sa nGaeilge ach liric gearra. Tá an méid seo ráite ag Edmund Wilson faoi Flaubert:

The truth is that Flaubert is a crucial figure. He is the first great writer, in prose, deliberately to try to take over for the treatment of ambitious subjects the delicacy, the precision, and the intensity that have been hitherto identified with verse.

Agus aríst:

Has not such a great modern novel as Madame Bovary for example, at least as much in common with Virgil and Dante as with Balzac and Dickens? Is it not comparable from the point of view of intensity, music and perfection of the parts, with the the best verse of any period?

Agus tá seo ráite aige faoi Dostoevski:

You cannot say that his insight is less deep, that his vision is less noble or narrower, or that his mastery of his art is less complete than that of the great poets of the

past. You can say only that what he achieves he achieves by somewhat different methods. The technique of prose today seems thus to be absorbing the technique of verse; but it is showing itself equal to the work..

..

Más fíor nach bhfuil fanta ag an bhfilíocht ach an liric ghearr agus gné nó dhó eile cosúil leis, ansin déarfainn nár chóir tada a rá i bhfilíocht ach rud nach bhféadfaí a rá chor ar bith, nó cho maith céanna, i bprós. Ní hé Ortega y Gasset amháin a chaith caint mar seo: nárbh bhfiú filíocht a chur ar rud ar bith ar lór agus arbh iomlán é ráite i bprós. Tá an domhan próis ag dul timpeall faoi chulaith na filíocht.

Bheadh súil agam fós féin go bhféadfadh feidhm eicint a bheith ag an bhfilíocht seachas an doilfeacht seo nach dóigh liom go ndéanfa aon fuile eile go brách carra mhilis dí mar rinne Paul Valéry. Níl éan ar chraobh inniu len a bhfuil de cheol ag dul timpeall. Shílfinn go bhféadfadh na filí a theacht i dtír air. Tá file amháin – má cheadaíonn sibh dhom chor ar bith an t-ainm a thabhairt air – a bhfuil pobal agus feidhm aige, Johanny Chóil Mhaidhc, nó Seán Ó Coistealbha. Tá, ar an gcaoi a raibh sé ag filí ariamh sa nGaeilge. Céad go leith bliain ó shoin báitheadh dhá fhear déag agus ochtar mná i Loch Coirib. Níorbh é an bá ba thubaistí a tharla ó shoin é. De dhéantas na fírinne ní raibh ann ach fórmhion tubaiste le hais tubaistí ar feadh an achair sin. Tá cuimhne ar Anach Cuain mar gheall ar go ndearna mionfhile a raibh a chluais le caoine an phobail amhrán faoi. Níorbh é múisiam beag príobháideach bhuidéilín an phoiticéara a bhí sé a chur i bhfios ach coirp Anach Cuain nach bhfaca sé ariamh len a shuíle cinn a bheith dhá dtórramh. Deirtear go bhfuil sé chuile orlach cho deacair ar dhaoine mo chuid caintesa a léamh leis an bhfilíocht se' agaibhse. Ní ghéillim orlach do mo

léitheoirí ach tá lucht léite agam. Anura go deireanach adúradh é seo:

Arising out of the facts of the world in which they live, there are poets who wonder whether poetry is an atavistic survival in certain types of psychic structure which it would be as well to dispense with as soon as possible. A mode of life which is no more than a prolonged acting out of a progressive syndrome is not only uncomfortable to its first victims the poet, but confusing to its other victims, his readers. I have had the matter put to me, in just these terms, by a poet of course, and like many other poets, I have wondered the same thing myself. (Buckley, Poetry and the Sacred, 1968)

Agus aríst: 'Any poetry whatever has seemed to lie under some kind of metaphysical threat'.

Sí barúil Edmund Wilson freisin nach seasa filíocht ar bith i bhfad eile:

It is much more likely that for some reason or other, verse as a technique of literary expression is being abandoned by humanity altogether – perhaps because it is more primitive, and hence a more barbarous technique than prose. Is it possible to believe, for example, that Eliot's hope of having verse reinstated on the stage – even verse of the new kind which he proposes – is likely ever to be realised?

Agus níor leanadh sampla Eliot ar an gcaoi sin, Ach dar ndóigh is i an scríbhneoireacht i gcoitinne atá i mbaol. Sílim gur dóigh go mór do Snow an ceart a bheith aige faoin dá chultúr ná ag a chéile comhraic Leavis. Cheana féin tá an tsocheolaíocht ag dul i bhfoghail ar an úrscéal. Is fada na teangeolaithe ag trácht ar urlabhar cannaithe, *canned speech*. Ní dóigh go bhfanfa i ndramaí ach léiriú ar an telefís. Ná i scéalta ach an oiread. Darna cultúr Snow atá ag teacht i gcion, úrscéalta eolaíocht nach dtuigfe ach na

heolaithe nó na teicneoirí. Ní bheidh de leabhara dhá léamh ach cinn faoi theicneolaíocht agus ceird. Ní sa scríbhneoir ach sa *script*-scríbhneoir agus san aisteoir a bheas tábhacht.

D'fhiafraigh Edmund Wilson an cheist seo i 1931 :

What then is to be the future of literature? Will the poets become more and more esoteric as the world becomes more and more difficult for them diverging further and further from the methods and language of popular literature as popular literature approximates more and more closely to journalism. ...Literature, according to Valery has become 'an art which is based on the abuse of language – that is, it is based on language as a creator of illusions, and not on language as a means of transmitting realities. Everything which makes a language more precise, everything which emphasises its practical character, all the changes which it undergoes in the interests of a more rapid transmission and an easier diffusion, are contrary to its function as a poetic instrument'. As language becomes more international and more technical it will become also less capable of supplying the symbols of literature. ...

D'fhéach Beckett leis an gceist a fhreagairt in úrscéalta agus i ndramaí de chineál nár scríobhadh cheana agus anois tá na focla féin ligthe ar lár. Níl fanta ach cineál mím, leathchúpla na healaíne neamhléirithi sa litríocht. 'Níl fágtha d'infhoirfeacht an duine ach an gealla aimhreas ach go bhfuil ré só chugainn agus nach mbeidh aon ghá le smaoiniú an uair sin'.

Is raimhre dhorchá aríst í spéir na Gaeilge. Tá rud níos measa ná an t-uireasa aitheantais sa mbaile agus i gcéin ag goilliúint ar an scríbhneoir. Is deacair do dhuine a dhícheall a

dhéanamh i dteanga arb é a cosúlacht go mbeidh sí básaithe roimhe féin, má fhagheann sé cupla bliain eile saoil: Fonn troda go fíochmhar ar a son a ghineas an t-éadóchas sin ann. Ní go maith dhó mar scríbhneoir atá an t-éadóchas ná an troid. An rud is marfaí faoin troid seo gur ag caidreamh le 'lucht na cúise', an dream is beagmhaitheasaí in Éirinn agus cuid acu is claoine freisin, a tharraingeos sí é.

Is beag ogach scríbhneoireacht in Éirinn an lae inniu. Tá an tír socraithe síos sa só mheánaicmeach sin ar nimh don scríbhneoireacht í. An méid dhár ndúchas nach bhfuil séanta cheana againn tá muid dhá shéana in aghaidh an lae. Tá an Mhainistir ag caint cho Lóbasach céanna le gníomhaire turasóireacht ar an nGoldsmith Country agus ollghardas orthu as ucht a bheith ag déanamh drama le Goldsmith nach maíffí. fiú gur drama ar fónamh é, ní áirím drama Éireannach, marach gur i dteanga atá sé arb ar éigin a bhí drama ar bith dhá cuid féin inti le trí chéad bliain. Sé an Metrical Dinnseanchus nua Goldsmith Country, Yeats Country, Richard Murphy Country, John B. Country. ..? Agus diabhal mórán thairis sin a thuigeas lucht na Gaeilge. ...

Ach b'fhéidir gur mar seo a bhí scéal scríbhneoirí ariamh. Is den diaúlacht an míshásamh agus is fearr an snámh in aghaidh sruth, an charaíocht leis an saol, ná an bogás, ná chuile shórt a fháil ar sheol na braiche. D'uireasa coinbhliocht, d'uireasa aighneas an scríbhneoir in a dhá leith leis féin, ní saothar, ní saothar beo ar aon nós a *apologia sua vita*. Rinneadh filíocht i dtrinsí coga, i gcampaí géibhinn, i sluachampaí géibhinn an choga seo caite. Ba mhaith liom an inscríbhinn atá i dTeampall Óráin in Í Cholmcille ar uaigh Mhargery Kennedy Fraser, bailitheoir cheoil mhuintir Inse Gall, a chreidiúint:

'Falbhaidh an saol ach mairidh gaol agus ceol': imeo an saol ach mairfe

grá agus filíocht. ...

Is meán – *medium* – nua más cúng féin í an Ghaeilge agus is dúshlán fúm í. Is liom féin í, rud nach féidir liom a rá faoi mheán ar bith eile. In uaigneas mo chroí chuala mé – cloisim i gcónaí:

scaltarnach loin Leित्रach Laoigh agus an ceol a bhí ag an Dord Fiann.

Tá aois na Caillí Béara agam, aois

Bhrú na Bóinne, aois na heilite móire. Tá dhá mhíle bliain den chráin bhréan sin arb í Éire í, ag dul timpeall i mo chluasa, i mo bhéal, i mo shúile, i mo cheann, i mo bhrionglóidí. Dúirt fear mionteanga, más teanga chor ar bith, Hugh Mac Diarmid, ní b'fhearr é:

The great rose of all the world is not for me

*For me the little white rose of Scotland
That smells sweetly and breaks the heart.*

(*Tá an leagan seo de 'Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca', le Máirtín Ó Cadhain, á athfhoilsiú againn le caoinchead ó na foilsitheoirí.*)

Ardchomhrá

Though we had argued in London, my father never ceased worrying about the welfare of his neighbours at Spiddal, and on each Chief Secretary came round the West of Ireland, he would discuss the eternal question with them, in hopes of finding some economic solution. It was in reply to one of his letters to Mr. Malins, then Chief Secretary, that Mr. Balfour wrote to him as follows, and his reply:

WHITEHAVEN,
FEBRUARY,
September, 1890.

MY DEAR LORD MOUNT,

Thanks much for your letter. It confirms all the information I have from various quarters as to the condition of things in the West of Ireland. The problem presented by the Congested Districts I believe to be incapable of any immediate or direct solution.

If I was an Oriental despot I would simply depopulate the population by force. If I was a poor law officer of the old type I would get his men way I would let them choose between the workhouse test-starvation and emigration. Being neither one nor the other I suppose I shall have to endeavour to coax them into pursuing their own interests and in the meanwhile try to find some means of keeping them alive at the public expense which will not absolutely destroy the last fibre of industry and self-reliance which the extraordinary acts of my predecessors may have permitted to survive the years of 1845, 1846, and 1847.

Please remember me to Lady Mount. And believe me,

Yours very sincerely,
ARTHUR BALFOUR.

CHICHESTER,
OCTOBER,
September 1890, 1890.

MY DEAR BALFOUR,

Yours received. I did not expect any reply. Your general view as to the Congested Districts survey in most emphatic terms what I have been saying for over a quarter of a century. Landed legislation for Ireland has been a great mistake. All the Land Acts only stereotyped the poorer owner's holdings in these districts. Uprooting, and not "rooting in the soil" was wanted. As to the immediate emergency for any opinion road-making, especially vitally made, is the best economic mode of relief. There is very little outlay except for what is the worst, viz. the employment of casual labour of the poorer land. Of piers I have not much faith. First, the outlay on plans, plans and superintendence would be considerable. Second, if not completed, the work is useless, and would be speedily washed away. Third, they are undertaking considerable time, which in the case of land is for only four or five months of spring tides.

Fourth, if left unfinished, are overthrown all night as far as they go, the they can be completed later by the district itself, thus giving access to bog and poorer lands at present inaccessible. Again, I am no believer in the undeveloped resources off the West coast. The Odi ditches (the sea, with your own fisheries). Next, the weather is so broken for considerable portions of the year.

Next, and above all I very much doubt of fish ever being caught in large quantities, the coast is too exposed. Against my own judgement I only sketched out of my pocket three hundred pounds in still to build a pier here. While it is of great use as a refuge along an exposed coast there has not been even one fishing boat of the locality and if I want fish I have generally to send to Dublin.

Though we have a population like a rabbit-warren each family divide their wretched little holdings of land until nothing but a specially prosperous year can yield a living. Even Michael Davitt has at last become disgusted by an annual famine. I recollect the day you accepted the Chief Secretaryship saying to you in perhaps too discouraging a tone "what an impossible office you had undertaken". I reckon your efforts have often given me hope, though it is almost superhuman to deal with a country where the laws of supply and demand are only relegated to Kibera, where the rules of arithmetic are set at naught in political redistribution, and where the laws of nature are set at defiance every day.

Yours sincerely,

WILKIE.

An tEalaíontóir

le Daithí Ó Loideáin, Coláiste Cholmcille, Indreabhán Bliain 5

Fuair an gearrscéal seo an Chéad Duais agus Corn Uí Chadhain i gComórtas Scríbhneoireachta Chumann Forbartha Chois Fharraige 2005

Tháinig mé anuas den bhád tar éis turas gearr, ní raibh an t-oileán rófhada amach ón talamh, agus an chéad rud a bhuail mé ná an aimsir. Bhí an ghrian ag taitneamh go láidir agus ní raibh leoithne ar bith le mothú san aer te; bhí sé go hálainn! Bhí mé chun m’am a thógáil mar bé mo chéad uair ar an oileán a bhí ann agus deirim i gcónaí gur fiú d’am a thógáil nuair atá tú in áit nua.” Thóg Tommy a chuid spéaclaí dá shrón agus ghlan sé iad lena gheansaí glas. D’fhéach sé amach an fhuinneog leathan a bhí ar thaobh amháin den seomra agus é seo á dhéanamh aige. Bhí sé soiléir domsa nach raibh sé ag breathnú ar an radharc a bhí os a chomhair. Ní raibh sé ag breathnú ar an ngarraí, bhí sé ag breathnú ar an íomha ina intinn ar shamhradh a bhí ag lasadh suas an Samhain fhuar seo.

Mar tá na céadta rudaí le feiceáil nuair a bhreathnaíonn tú ar na rudaí beaga timpeall ort. An chéad rud a rinne gach duine timpeall orm ná léim siad síos as an mbád agus phléasc siad tríd an slua agus ar aghaidh leo go dtí an chéad siopa a raibh rudaí beaga plaisteacha le “MADE IN CHINA” scríobtha orthu ar díol acu.

Ach mise. D’fhan mé, thóg mé m’am agus d’fhéach mé ar gach aon rud timpeall orm. I gceann trí nóiméad bhí mé i m’aonar agus bhí mé in ann taitneamh a bhaint as an nádúr seo a bhí ag fás saor ó na sconsaí agus an miotal a bheadh le fáil timpeall na siopaí. Bhí croí an oileáin le fáil anseo; an áit nach raibh millte ag turasóirí.

Stop Tommy anseo chun fanacht leis na cailíní. D’fhéach sé ar an gcuid eile den rang, ní raibh siad ag gáirí ach ní raibh sé éasca le feiceáil an

raibh suim acu ar céard a bhí sé ag caint faoi ach fós lean sé ar aghaidh leis an scéal.

“Bhí mé ar tí imeacht nuair a chonaic mé píosa adhmaid a bhí titithe in aghaidh an chlaí. Shiúil mé anonn go dtí é agus chonaic mé gur comhartha a bhí ann. D’fhéach mé go géar ar na litreacha tréigthe agus phioc mé amach an focal “Ealaíontóir” scríofa air. Ní raibh gnó d’aon saghas á dhéanamh agam anseo agus mar sin dúirt mé go rachainn chun breathnú ar an ealaíontóir neamhfheiceálach seo.

Síos bóithrín beag a chuaigh mé, cheana féin ag cuimhneamh ar na pictiúir álainne a bheadh déanta ag an ealaíontóir seo den áilleacht a bhí timpeall air. Bhí an bóithrín seo an-fhiáin. Bhí na sceacha ag titim thar na gclaí ar ngach taobh díom agus rith siad isteach go dtí lár an bhóthair ach níor chuir siad as dom. Bhí sé go deas

an domhan nádúrtha a fheiceáil ag briseadh tríd na ballaí a bhí crochta ag an domhan saorga. Ní raibh aon teorainn ag an dúlra seo.”

Shiúil Tommy anonn go dtí a bhord agus thóg sé suíochán ansin. Chrosáil sé a chuid lámha agus luí sé siar ina chathaoir go dtí gur bhuail sé bun an chláir dhuibh.

“Shiúil mé ar feadh deich nóiméad go dtí go bhfaca mé teachín beag bán i ngarraí amháin. Is é an chéad teach a chonaic mé agus mar sin cheapas gur teach an ealaíontóra a bhí ann. D’oscail mé an geata beag dearg, an phéint ag teacht dhó agus mé ag cur mo lámh air, agus chuaigh mé suas go dtí an doras. Bhuail mé cnag ar an doras agus d’fhan mé le haghaidh freagra. Chuala mé go leor torainn taobh istigh, cathaoireacha ag scríobadh in aghaidh tíleanna agus miotal in aghaidh miotail, go dtí

gur osclaíodh an doras le clic.

Tháinig fear réasúnta ard amach agus ar an bpointe boise bhí a fhios agam go raibh an t-ealaíontóir faighte agam mar tá rud éicint le fáil sa chaoi a bhreathnaíonn ealaíontóir nach bhfuil le feiceáil in aon duine eile. Bhí an rud sin ag an bhfear seo...freisin bhí sé clúdaithe i bpéint ach níor bhacamar le sin!

“An tusa an ealaíontóir?” A dhúirt mé agus an freagra agam cheana féin.

“Is mé”, a d’fhreagair sé. “Tar isteach, tar isteach. Tá an citeal díreach fiuchta agam beidh sé réidh i gceann cúpla nóiméad.”

Ar an bpointe seo, mar gheall ar an ngreim a bhí aige ar mo lámh bhí mé istigh sa teach agus ní raibh mé in ann an citeal a fheiceáil in áit ar bith ach lig mé don fhear cathaoir a thabhairt dom mar bhí sé éasca le feiceáil go raibh an fear bocht uaigneach. Bhí an teach glan go leor ach ní raibh an ghlaineacht sin a bhíonn le fáil nuair atá bean sa teach.

“Céard tá fear ar nós tú féin ag déanamh ar an oileán beag seo?”, a dúirt an t-ealaíontóir. “Níl cuma an turasóra ort agus ní feiliméar thú ach an oiread, tá sé le feiceáil i do chuid lámha. Níl tú ag cuimhneamh ar teach a cheannacht anseo an bhfuil?”

Bhí sé soiléir nár labhair an fear seo le héinne le tamall fada!

“Tommy an t-ainm atá orm agus tá tú ceart, ní turasóir ná feirmeoir mé. Bhí mé ar mo laethanta saoire agus chuile lá a d’fhéach mé amach romham agus mé ar an trá chonaic mé an t-oileán seo agus mar sin dúirt mé go rachadh mé chun breathnú céard a bhí le fáil anseo.”

“Agus céard a cheapfainn tú? Tá sé go hálainn anseo, nach bhfuil? Ach an t-aon rud faoi ná go mbíonn i bhfad an iomarca turasóirí anseo. Tagann siad anseo agus níl siad ag iarraidh pictiúir ar chor ar bith. Séard atá siad ag iarraidh ná tithe beaga plaisteacha! Céard a cheapann siad a dhéanann ealaíontóir! Ha!”

“Tá ceist agam.”

“Is ea?”

“Cén chaoi an labhraíonn fear ar feadh cúig nóiméad agus sé nó seacht gceist a chur agus gan a ainm a thabhairt dom!”

“Ó gabh mo leithscéal! Rinne mé dearmad! Pádraig an t-ainm atá orm.”

“Iontach! Anois, a Phádraig”, a dúirt mé agus mé ag gáire beagáinín, “Le do cheist a fhreagairt, ceapaim go bhfuil an t-oileán seo go hálainn. Ach faoi na turasóirí, níl a fhios agam cén chaoi ar tháinig siad ar do theachín mar tá an comhartha i bhfolach taobh thiar do chlaí!”

“Sin é an áit a d’fhág mé é.”

“Céard?”

“D’fhág mé an comhartha ansin mar ní raibh ach turasóirí ag teacht anseo. Bhí mé ag iarraidh daoine a d’fhéach ar na rudaí timpeall orthu sa chaoi a d’fhéach mise ar na rudaí timpeall ormsa. Agus breathnaíonn sé go d’oibrigh sé!”

“An-ghlic, an-ghlic ar fad. Ach táim cinnte go bhfuil sé deacair ort do chuid ealaíne a dhíol agus tú ag cur an comhartha i bhfolach mar sin. Céard a dhéanann tú le haghaidh airgead anseo?”

“Airgead? Níl airgead ag teastail uaim. Breathnaigh ar an áilleacht timpeall orm. Tá sé sin i bhfad níos luachmhaire dhomsa. Cur do chathaoir isteach agus taispeánfaidh mé rud éicint duit.”

Thóg Tommy sos chun breathnú ar na daltaí os a comhair. Bhí sé le feiceáil aige go raibh suim le feiceáil sna súile. Chuir sé ceithre chois den chathaoir ar an urlár agus sheas sé suas. Shiúil sé anonn go dtí an fhuinneog, chas sé timpeall chun breathnú ar na daltaí arís agus lean sé ar aghaidh.

“Lean mé Pádraig amach an doras a bhí ar chúl an tí. Bhí an teach suite ar imeall an oileáin agus bhí trá álainn os mo chomhair. Chuaigh Pádraig isteach i dteacháin níos lú in aice lena theach agus lean mé é. Seomra amháin a bhí taobh istigh.

Ní raibh mé in ann siúl. Bhí na mílte pictiúir ar na ballaí. Chaith solas na gréine a bhí ag teacht isteach

an fhuinneog mhór na dathanna uile timpeall an tseomra. Bhí an seomra lán le breo ildathach agus bhuail sé mé i gcaoi nár bhuail aon rud mé cheana. Bhí sé soiléir go mbíodh Pádraig sa seomra seo go rialta mar ní fhaca sé é an chaoi a bhfaca mise é.

“Seo é an áit a dhéanann mé gach pictiúr. Agus táim cinnte go bhfeiceann tú cén fáth nach bhfuil airgead ag teastáil uaim; breathnaigh amach an fhuinneog ansin.”

D’fhéach mé amach. Níl na focail agam chun rá leat cén scéimh a bhí le feiceáil agam. Bhí radharc den trá le feiceáil ón fhuinneog agus bhí uamhan orm.

“Tuigeann mé anois é”, a dhúirt mé.

“Níl a fhios agat cé mhéid uair a thriail mé an radharc sin a tharraingt. Breathnaigh ar na pictiúir seo.”

Thaispeáin sé balla amháin a bhí lán le pictiúir a bhí déanta aige den trá ach bhí sé ceart, bhí na pictiúir go deas ach ní raibh an bhreathacht sin acu.

“Bhí mé ag triail an radharc sin a fháil ceart le deich mbliana go dtí lá amháin, go bhfuair mé an draíocht a bhí ag teastáil. Bhí mé taobh amuigh, ag péinteáil rud éicint a bhí ar an bhfear nuair a thit mo scuab. Chrom mé síos chun é a fháil agus thit mé. Luí mé ar mo bholg agus d’fhéach mé suas. Bhí sé agam! An t-am ar fad agus mé ag péinteáil an radhairc, bhí mé ag breathnú air sa gcaoi céanna gach uair.

Thóg mé mo scuab agus thosaigh mé ag péinteáil díreach ansin agus bhí sé agam. An méid a bhí orm a dhéanamh ná breathnú ar céard a bhí os mo chomhair amach i gcaoi difriúil!”

Stop Tommy, thóg sé a gcuid spéaclaí dá súile agus d’fhéach sé orainn.

D’fhág mé an rang agus ó shin d’fhéach mé ar an saol i gcaoi difriúil. Tá sé do-chreidte, na rudaí a fheiceann tú nuair a thógann tú d’am chun breathnú ar rudaí i gcaoi difriúil...

Na Sféir Sheoda

D'éirigh an grian agus breathnaigh sí ar an domhan beag amháin a bhí thíos fúithi. Ocht nóiméid go leith théis solas na gréine é a fhágáil bhuail sé in aghaidh atmaisféar an domhain uaigneach seo, agus chuaigh sé tríd, ag tabhairt teocht don talamh crua reoite. Théigh sé an t-aer fuar, agus tháinig gaoth ó na cnoic arda bána chun áit an aeir the a thógáil. Agus ar a bealach shéid an gaoth timpeall puball beag bán agus ar leathsféar geal a bhris solas na gréine síos go dtí a seacht ndath, agus frithchaith na dathanna sin go dtí gur bhreathnaigh sé ar nós tuar báistí ar an talamh.

Bhuail solas na gréine an puball beag leathshoicind sular bhuail sé an leathsféar. Bhí an puball déanta as fionnadh ó bhéar bán, agus níor lig sé ach ga amháin solais tríd an bpoll beag a bhí i mbarr an phubaill. Ach mar sin féin tháinig an fear óg chuige féin, leis an athrú solais ag glaoch air ó thír na mbrionglóidí, isteach i ndomhan na dúiseachta.

Bhí sé fós chomh dubh le pic laistigh den phuball, ach d'éirigh an fear ina sheasamh agus d'oscail sé doras an phubaill. Tháinig an solas isteach tríd an bpoll seo agus las sé an puball suas ar nós tine ollmhór a lasadh taobh istigh di. Bhuail sé aghaidh an fhir óig, in aghaidh a ghruaige, nó an fionnadh bán a bhí aige. Bhuail sé in aghaidh a éadach, a bhí déanta as fionnadh ainmhithe, agus bhuail sé in aghaidh an fhir eile a bhí ina chodladh ar an taobh eile den phuball, fionnadh donn air agus éadaí déanta as an ábhar céanna le héadaí an chéad fhir.

Tháinig an fear óg amach as an bpuball agus breathnaigh sé suas ar an ngrian. Ghlaoigh sé amach.

"A Liam, gabh amach anseo. Tá sé thar am éirí."

Tháinig an fhreagra amach as an bpuball.

"Imigh leat, a Shéamais. Tá muid sa bhfásach fuar, b'fhearr ná an

cúimhneamh air. Ar aon nós, tá mé ag éirí. Tabhair cúpla nóiméid eile dom."

Tháinig miongháire beag ar bhéal Shéamais, agus ghlaoigh sé amach, "Ceart go leor, a sheanfhir. Má tá tú chomh lag sin. .."

Leis na focail sin tháinig cloigeann amach ón puball. "Cé air a bhfuil tú ag ghlaoch lag agus sean, huh? Ní mise tá súil agam!"

"An ndéarfadh mise rud mar sin? Gabh i leith, tá sé thar am éirí."

"Táim ag éirí, táim ag éirí."

Chuaigh an cloigeann ar ais isteach sa bpuball, agus ansin tháinig Liam amach as an fionnadh a bhí siad a úsáid chun cabhrú.

"An bhfuil tú chun cabhrú nó seasamh ansin ag breathnú orm?" a d'iarr sé.

Rinne Séamas gáire agus chuaigh sé isteach sa bpuball chun cabhrú.

"Céard é an leathsféar sin?" a d'iarr sé agus tad ag briseadh síos an phubaill.

"Sin an Sféar Seoda," a d'fhreagair Liam, a raibh brón agus eagla le feiceáil ina éadan ar feadh soicind amháin.

"Níl a dhéanann ag éinne sa treabh faoi anois. Níl a fhios againn ach go bhfuil ceann chuile chúig nó sé lá siúil anseo, agus chuile thrí lá nó mar sin sa bhfásach fuar."

"Cén fáth go dtugtar sféar uirthi? Nach leathsféar atá inti?"

"Tá an oiread faoin talamh agus atá os a cionn, b'fhéidir níos mó."

"Cá bhfuil na cinn eile? Cén áit a bhfaighidh mé tuilleadh eolais fúthu?"

"Níl ach an ceann amháin seo i dtír an Impire. Ná bac leo. Ní féidir linn bacadh leo; orduithe ón laoch sin atá os ár gcionn."

Stop sin an chaint go dtí go raibh an puball athraithe go carr sleamhnáin agus gach rud curtha air. Thosaigh siad ag siúl, a ndroim leis na cnoic, nuair a d'iarr Séamas ar Liam ar fhág sé tír na hImpireachta riamh.

"D'fhág," a d'fhreagair sé go ciúin agus beagáinín brónach.

"Bhí mé níos óige ná tá tusa anois agus chaith mé cúig bliana déag ansin."

"Agus an bhfuair tú aon eolas faoin Sféar?"

"Ní bhfuair, cé go bhfuil ollscoil acu i Saphirla. Bheadh níos mo eolais ansin. Ara, níl a fhios agamsa ach go bhfuil ceann chuile thrí lá siúil ar thalamh bog, agus sé lá siúil ar thalamh deacair, agus go raibh siad ansin ó thús ama."

Smaoinigh sé ar feadh soicind.

"Ní dhéanann iarann aon mharc air, má tá aon suim agat ansin. B'shin

an t-aon rud atá a fhios agam faoi, i ndáiríre.

"Níl a fhios againn ach go bhfuil siad ann go rialta, go raibh siad ann ó thús ama agus nach gcuireann iarann aon mharc orthu?" a d'iarr Séamas go hiontasach. "Tá níos mó eolais i Saphirla, is dócha."

"A mhac an dea-bhail! Tá siad anseo ar feadh na mílte bliain agus níl a fhios againn tada fúithi!"

"B'shin a dúirt mé."

Stop Liam agus breathnaigh sé ar Shéamas ar feadh soicind, ansin thosaigh sé ag siúil arís.

"Ní shin le rá nach bhfuil aon staidéir déanta oraibh. Ach ní bhfuair éinne tada amach."

"Gheobhadh mise amach gach rud faoi na Sféir, geallaim duit é."

Leis sin tháinig ciúnas eatarthu, gan á bhriseadh ach torann a gcos os cionn an tsneachta. Shiúil siad ar feadh an lae, ag caint agus gcomhrá. Níor airigh siad an t-am ag dul thart, mar, mar a deireann an seanfhocal, giorraíonn beirt bóthar.

Stop siad ag meán lae agus bhí béile mór feola acu, agus ansin lean siad orthu. Bhí an timpeallacht thart orthu ag athrú, agus bhí féar agus crainnte ag fás. Crainnte beaga tanaí a breathnaigh ar nós daoine ag fáil bháis go cinnte, ach crainnte mar sin féin. Shiúil siad orthu go dtí go raibh an oíche ag titim, agus chonaic siad an campa díreach i ngathanna deiridh na gréine. Bhí timpeall cúig scór puball sa gcampa, agus iad daite i chuile dhath faoin spéir. Bhí an chuid is mo acu mór go maith, agus dá bhrí sin chonaic siad an ceann beag bán ar thaobh an champa ag an am céanna agus a chonaic siad an campa.

"Meas tú cé atá ann?" a d'iarr Séamas, mar ní raibh puball bán ag éinne ach ag sealadóirí agus taistealaí.

"Amadáin ón Impireacht, is dócha, ag rá go bhfuil níos mo cánach le n-íoc," a d'fhreagair Liam. "Gadaí a bhfuil an dlí taobh thiar dó. Cáin de chaoga faoin céad, tá sé ró-ard cheana féin agus..."

Bhris Séamas isteach air. "Ceart go leor, ní maith leat an tImpire."

Tuigean mé é sin, ceart go leor. An féidir linn an campa a shroichint inniu?"

"Ní cheapaim é, fanfaidh muid anseo."

Leis sin stop sé agus thosaigh sé ag cur an phubail suas don oíche.

* * *

D'éirigh an grian agus scar sí síos ar an bhfásach fuar, cé nach raibh teas ar bith inti. Bhuaill sí an Sféar Seoda, mar a bhuaill na mílte uair cheana, agus frithchaitheadh an solas mar a dhéantar i cónaí. Bhí tú fós in ann an áit ina raibh a bpuball ag an mbeirt shealadóirí a fheiceáil, ach bhí sé deacair, mar bhí sneachta théis titim air i rith na hoíche. Ansin d'athraigh an solas a bhí san áit. Bhí poll ag teacht sa Sféar, ceann dubh dorcha. Bhí an méid céanna den pholl seo faoi thalamh agus a bhí os a chionn, poll sé troigh ar airde san iomlán, agus é dhá troigh ar fhad. Rinne an solas iarracht dul isteach sa bpoll seo, ach sula raibh sé in ann líonadh é le fear ollmhór. Bhí sé timpeall ocht dtroigh ar airde agus ceithre throigh ar leithead. Chuaigh sé tríd an bpoll chuig an oscailt, ach mar sin féin ní raibh sé in ann dul tríd go sciobtha. Nuair a bhí sé imithe tríd thóg sé maide óna dhroim, ceann fada tanaí déanta as miotal éigin. Chas sé i gciorca, agus nuair a bhí sé sásta nach raibh éinne thart ghlaoigh sé isteach sa Sféar.

"Tá sé sábháilte," a dúirt sé, é ag labhairt an-sciobtha.

Tháinig bean álainn amach. Bhí gruaig álainn uirthi, gruaig fhada dhearg, agus í gléasta ar an gcaoi chéanna leis an bhfear, is é sin le rá, bhí éadaí déanta as miotal éigin uirthi. Tháinig sí amach as an Sféar go héasca, ní raibh sí leath chomh mór leis an bhfear. Taobh thiar di bhí tú in ann meaisíní aisteacha a fheiceáil sa Sféar go dtí gur chas sí eochair a bhí ar a beilt. Dhún an Sféar gan torann ar bith a dhéanamh. Breathnaigh sí thart an áit. Agus anois nuair a bhí siad amuigh sa ngrian, bhí tú in ann a fheiceáil nach raibh fionnadh ar a

héadan. Bhí fionnadh fada ag titim ó bharr a cloiginn, ach sin an méid a bhí ann.

"Anseo?," a d'iarr sí. "Tá sé cruu, bán, fuar..., ní bheidh muid in ann ár mbia a fhás anseo."

Bhí an fear mór ag breathnú ar an áit ina raibh an dhá shealadóir ag codladh.

"Is féidir ár mbia a fhás sa Sféar," a dúirt sé go mall, fós ag breathnú ar an gciorca beag sa sneachta.

"Ach tá an ceart agat. Ní féidir linn fanacht anseo. Tá sé i bhfad rófhuar dúinn, agus má chaitheann muid a bheith in áit fhuar tá sé chomh maith dúinn fanacht faoin talamh. Tá níos mo daoine os cionn talún ná a cheap mé a bheadh. Tá siad anseo, fiú amháin. Ainmhithe salacha brocacha! Daoine. Daoine éagsúla, ach daoine mar sin féin. Agus bheidh orainn dul ag caint leo. Anois b'fhearr duit an doras a oscailt arís."

Chas an cailín an eochair arís.

"Céard é sin?" a d'iarr sí, ag breathnú taobh thiar den fhear.

"Céard?"

Chas an fear timpeall agus chonaic sé béal mór bán ag teacht ina dtreo.

"Gabh isteach, Andine," a leathscrad sé.

"Ach, a Laochra, tá mé ag iarraidh..."

"Téigh isteach," a scread sé, agus bhí tú in ann an faitíos a aithint go soiléir ina ghlór faoi seo. Chuala sí an faitíos an uair seo agus léim sí isteach sa Sféar, cé nach raibh sé ach leathoscailte. Lena linn sin, thóg Laochra an maide agus chroith sé é. Tháinig an béal níos gaire, agus go tobann léim solas ón maide agus bhuaill sé an béal. Dhó sé poll tríd an bhfionnadh tiubh i gcúpla soicind, agus thit an béal. Chas an fear timpeall agus chuir sé an maide ar a droim.

"Tá sé ródhainséarach anseo ar aon nós," a dúirt sé go ciúin leis féin agus é ag dul isteach sa Sféar.

* * *

Dhúisigh an solas Séamas ar an gcaoi

chéanna ar dhúisigh sé é an lá roimhe. An uair seo ní raibh oiread agus focal idir an bheirt acu agus iad ag baint anuas an phubail. Bhí Séamas ag smaoineamh ar Charsina, cailín dá aois féin a raibh caidreamh aige léi. Chuir siad síos an puball go sciobtha agus is beagnach ag ritheacht a bhí siad agus iad ag dul i dtreo an champa. Bhí sé dhá mhí ó chonaic siad é agus bhí siad ag súil go mór leis. Shroich siad an campa théis leathuaire de shiúl sciobtha agus chuaigh siad díreach go dtí puball an taoisigh chun leath dá raibh acu a thabhairt suas mar cháin. Ach nuair a shroich siad an puball bhí fear eile ann cheana féin, agus é gléasta go hálainn in éadaí síoda galánta, agus gan fionnadh ar bith air. Bhí sé soiléir gur duine an-saibhir a bhí ann, ach taobh amuigh de ‘Dia Dhuit’ níor dhúirt sé faic.

Nuair a chuir Séamas ceist air cheard a bhí sé a dhéanamh ansin chas sé a dhroim agus níor thug sé freagra. Nóiméad ina dhiaidh sin d’oscail doras an phubail agus bhreathnaigh an taoiseach amach. Chaith sé siúl ar an triúr agus ansin d’iarr sé ar an mbeirt shealadóirí an raibh siad ansin chun cáin a íoc.

“Tá”, a d’fhreagair Liam. Thóg siad gach a raibh acu agus chuir Liam os comhair an taoisigh é. Bhreathnaigh an taoiseach air agus ansin thóg sé trí cheathrú de na fionnaidh agus leath den fheoil.

“Ní thógfaidh mé aon chnámha,” a dúirt sé leo, ag caitheamh gach a raibh tógtha aige isteach ina phuball.

“Ach níl cead agat é sin a thógáil,” a dúirt Séamas go feargach. “Caoga faoin gcéad an cháin. Tá sé sách ard cheana féin!”

“Chuaigh sé suas,” a d’fhreagair an Taoiseach le miongháire cruálach. “Imigh leat.”

Chas sé chuig an bhfear mór.

“Ní féidir leat é sin a dhéanamh!”, a dúirt Liam go ciúin dainséarach.

“Rinne mé é,” a scread an taoiseach de chogar. “Anois imigh nó tógfaidh mé gach rud atá agat.”

Sheas Liam suas díreach.

“Má.. .” a thosaigh sé, ach thóg Séamas a airm.

“Imeoidh muid” a dúirt sé go ciúin le Liam. Agus d’fhág siad an áit.

Mar gheall go raibh an oiread sin feirge orthu agus nach raibh siad ag iarraidh

labhairt le héinne, níor chuala siad an scéal go dtí gur thosaigh an ceiliúradh agus an caoineadh. Tháinig an taoiseach go dtí lár an champa (timpeall leathuair théis dóibh a phuball a fhágáil) agus ghlaigh sé ar gach duine a theacht chun a fhógra a cloisteáil.

“A comrádaithe,” a ghlaigh sé chomh luath agus a tháinig gach éinne timpeall air, “tá dea-scéal agam díbh. Mar cúig lá ó shin, ar an tríú lá den chúigiú mí, chuaigh an tImpire ar shlí na fírinne. Tá ár nImpire tar éis a áit a thógáil ar láimh Dé, agus tá a mhac, fad a mhairfidh sé, théis a suíocháin a thógáil. Tá Hslatel, ár seanImpire, théis imeacht chun ríocht i bhfad níos mó a thógáil, agus tá a áit tógtha ag a mhac ar an domhan seo. Bheidh ceiliúradh agus caoineadh ann an oíche seo.”

Leis sin shuigh sé síos agus thosaigh an caoineadh ar bhás an tseanImpire agus ceiliúradh ar theacht an Impire nua.

An chéad dlí a rinne an tImpire nua ná an cháin a ardú, mar a d’inis an teachtairí an lá dar cionn. Ach ní raibh sé ach ochtú faoin céad anois agus bheadh sé éasca an méid sin a fháil don laoch nua! Bhí go leor daoine an-mhíshásta leis seo, ar ndóigh, ach ba é an dara rud a dúirt an teachtairí a chuir an caipín ar an trioblóid.

“Tá na teorainneacha dúnta,” a dúirt an teachtairí agus é ag imeacht. “Níl cead ag éinne dul thar an mballa mór!”

Bhuel, bhí an diabhal déanta. Ba é an trádáil a thug saibhreas agus cumhacht do na taistealaithe, agus mura mbeadh cead ag éinne dul thar an mballa mór ní bheadh aon trádáil ann. Agus do Liam, agus go leor daoine eile ba é sin an rud deiridh a bhí sé in ann a thógáil. Bheartaigh

siad imeacht as an Impireacht ar fad. Duine i ndiaidh duine d’fhág siad an campa agus chuaigh siad i dtreo an balla, ag déanamh cinnte nach bhfaca éinne iad.

Nuair a tháinig Liam chun a inseacht do Shéamas go raibh sé ag imeacht, fuair sé é ina shuí sa phuball beag a bhí ag an mbeirt acu agus é ag caoineadh.

“Cheard a tharla?” a d’iarr sé.

“D’fhág sí mé,” a d’fhreagair Séamas go brónach. “Tá fuath agam don saol atá agam.”

Breathnaigh sé suas ar Liam.

“Chaithfidh mé saibhreas a bhaint amach! Bheidh ag imeacht ón Impireacht. Má tagann tú liom b’fhéidir go.. .

“Tá níos mo seans agam ná mar atá anseo! Imeoidh muid.”

D’éirigh an ghealach agus bhreathnaigh sí síos ar talamh glas. Bhí crainnte scaipthe timpeall na háite, agus bhí loch ghorm dhórcha ar thaobh amháin dó. As an loch seo bhí abhainn bheag ag imeacht síos i dtreo na farraige, agus cé nach raibh tú in ann an fharraige a fheiceáil ní raibh sé ach fiche míle ón mbaile dubh, Saphirla. Bhí Saphirla féin déanta as adhmaid dubh, chuile teach de, agus bhí ballaí arda dubha timpeall air.

Tháinig an ghealach os cionn na ballaí sin agus bhreathnaigh sé ar an Leathsféar a bhí i lár an bhaile. Ar gach taobh den Sfear Seoda seo bhí tine ollmhór, agus é coinnithe lasta ag sclábhaithe a chaith a saol ag tógáil guail ón stór go dtí an tine. Ar an taobh thuaidh den Sfear bhí an teampaill, an t-aon rud sa chathair a bhí déanta as carraigeacha bána, an t-aon rud nach raibh dubh dórcha, agus ón teampaill seo tháinig scréacha agus screadaí na ndaoine a bhí siad a mharú in ainm a nDia. B’shin Saphirla, lár fhásach an fhuachta.

* * *

D’fhág Séamas agus Liam chomh luath agus a d’éirigh an ghrian an lá dar gcionn, agus bhí siad míle ón gcampa faoin am ar thug éinne faoi

deara go raibh siad imithe. Shiúil siad ar feadh an lae, agus shroich siad bun na gcnoc nuair a bhí an ghrian ag dul síos. Chuir siad suas a bpuball. Ansin thóg Liam amach a scian agus ghearr sé dhá mhaide ó cheann de na crainnte a bhí scaipthe timpeall na háite. Thug sé ceann acu do Liam.

“Tá sé in am duit foghlaim cén chaoi le troid,” a dúirt sé. “Tá tú in ann do bhogha a úsáid go maith, agus leis an scian níl mórán duine níos fearr, ach níl clú agat conas claíomh a úsáid. Níl mise rómhaith leis an gclaíomh, ach an méid atá ar eolas agam, múinfidh mé duit é.”

Thosaigh an cleachtadh ar úsáid na claimhe. Théis dóibh leathuair a chaitheamh ag fáil greim cheart ar na maidí, agus ag dul tríd na foirmeacha go mall, stop Liam Séamas agus thosaigh siad ag troid le chéile. Bhí gortaithe beaga ar Shéamas i ngach áit an maidin dar cionn.

Thosaigh siad amach go luath an mhaidin dar cionn, cé go raibh sé níos deireanaí ná a bhí an chéad lá. Shroich siad an balla ag a deich an lá sin. Bhí triúir saighdiúirí ar an mballa, agus fad agus a bhí an bheirt ag iarraidh a oibriú amach cén chaoi le dul trasna rug na saighdiúirí ar thaistealaí eile a bhí ag iarraidh dul trasna an bhalla. Chuala siad an gháire a bhí duine acu a dhéanamh agus chonaic siad iad ag caitheamh an taistealaí ón mballa, a bhí tríocha troigh ar airde. Bhuaile an fear bocht an talamh, agus briseadh a corp ar nós uibhe ar leic. Níor bhog sé arís.

Léim Séamas ina sheasamh. Rith sé i treo an bhalla mhóir, ach stop Liam é.

“Ní féidir leo rud mar sin a dhéanamh?” a scread Séamas leis. “Dúnmharfóirí brocacha.”

“Fan i do shuí agus ná bog! Tá an chumhacht acu! Céard is féidir linn a dhéanamh? Anois fán anseo! !”

Shúil Liam amach go dtí go bhfaca na gardaí é.

“Taistealaí eile,” a ghlaigh siad, ag gáire.

Rinne Liam miongháire beag.

“An féidir linn dul tríd, a daoine uaisle?” a d'iarr sé ar na gardaí. “Ní

mise a gheobhadh an mhaitheas.”

“Ní féidir,” a d'fhreagair ceann den triúir. Tháinig miongháire mór cruálach ar a bhéal. “Nár chuala tú go bhfuil na teorainn dúnta? Imigh leat nó fágfaidh muid thú ar nós do chara.”

Leis na focla sin thit an beirt eile síos ag gáire.

“Bíonn bealach le haghaidh gach éinne,” a ghlaigh Liam suas air mar freagra. Thóg sé sparán óna phóca. Ceann mór gorm a bhí ann agus bhí sé soiléir go raibh sé trom. Breathnaigh na saighdiúirí air agus saint ina súile.

“Níl aon bealach agat le muid a scaoileadh saor?”

Breathnaigh an saighdiúir a rinne an chaint ar an airgead, ansin ar a chomrádaí.

“Ar ndóigh, ní féidir linn,” a dúirt sé, ag oscailt geata beag sa mballa.

“Ach nuair nach bhfeictear tada...”

Shiúil an bheirt acu amach go mall réidh, agus nuair a bhí siad ar an taobh eile chaith Liam an sparán chuig na saighdiúirí.

“Beidh oraibh é sin a roinnt lena chéile,” a dúirt sé go ciúin leo. “Ná bí ag troid.”

Ansin chas sé go dtí Séamas. “Rith chomh sciobtha agus atá tú in ann!” a dúirt sé de chogair, ag tosú ag rith é féin.

“Cén fáth,” a d'iarr Séamas, agus é ag tosú chomh maith.

Ag an nóiméad sin tháinig scréach feargach ón taobh eile den bhalla. D'oscail

an doras arís agus rith an triúir saighdiúirí amach i ndiaidh an bheirt shealadóirí.

“Mar ní raibh ach cré sa sparán sin, le beagáinín airgid ar a bharr. Go sciobtha anois! Rith!”

Rith an beirt acu ar a míle dícheall, ach bhí na saighdiúirí ag teacht níos gaire.

Stop ceann acu agus thóg sé bogha amach, agus chuir sé saighead i ndiaidh na dteifeach. Stop Liam ansin agus thóg sé a bhogha féin amach.

“Níl ach triúir díobh ann,” a dúirt sé le Séamas. “Ceann an duine agus ceann eile.” Thóg sé saighead amach as a chás agus chuir sé ina bhogha é.

“Tógfaidh mise an ceann ar chlé.”

Léim an saighead ón mbogha agus bhuaile sé an saighdiúir ar chlé sa gcloigeann, ag briseadh a chaipín. Sula raibh seans ag an saighdiúir a thuiscint go raibh sé buailte bhuaile saighead eile é san áit chéanna. An uair seo chuaigh sé síos. Breathnaigh Liam ar Shéamas.

“Ná seas ansin ar nós amadán,” a scread sé leis.

Ar nós fear i mbrionglóid thóg Séamas a bhogha amach. Chuir sé saighead ann agus scaoil Liam ceann eile. Bhuaile sé an saighdiúir a bhí ag rith sa láimh, ach sa láimh mhícheart. Chuir an tríú saighdiúir saighead eile ina measc a bhuaile an talamh leathorlach ó chos Shéamais. Léim sé san aer agus rinne sé eascaíní. Gan stopadh ar feadh nóiméad chuir sé saighead ina bhogha agus lig sé leis. Chuaigh sé suas san aer, agus tháinig sé anuas ar an tríú saighdiúir. Bhuaile sé é díreach ar an scoirneach é agus thit sé ar a bhéal faoi.

Bhí an tríú ceann róghar chun bogha a úsáid, agus bhí claíomh aige. Ní raibh ach scian ag na sealadóirí, agus rith Séamas. Ar an láimh eile, léim Liam isteach sa gcath. Ní raibh siad in ann a chéile a ghortú, mar gur ag an saighdiúir a raibh a láimh chlé gortaithe go dona a bhí an chlaíomh. Throid siad ar feadh nóiméad nó dhó agus ansin d'fhás saighead as lár bhéal an tsaighdiúra. Chas Liam timpeall agus breathnaigh sé ar an mballa. Bhí triúir saighdiúirí eile ar a bharr, ag breathnú ar an troid. Thug sé a dhroim dóibh agus thosaigh sé ag rith.

“Maith thú,” a dúirt sé agus é ag dul thar Shéamas. Agus d'fhág an bheirt acu an Impireacht go deo na ndeor.

Stop siad an oíche sin i mbaile a raibh timpeall cúig chéad duine inti. Ba é seo an chéad bhaile mór a chonaic Séamas riamh, agus cheap sé go raibh sé an-aisteach.

“Cén chaoi a gcónaíonn siad chomh pacáilte seo?” a d’iarr sé, agus ceisteanna eile den tsórt sin.

Stop siad san óstán a bhí déanta as cloch, agus bhí iontas an domhain ar Séamas roimh chách. Níorbh fada go raibh sé ag cur ceisteanna ar na ndaoine sa mbeár faoin saol a bhí acu. D’fhreagair siad gach rud gur thosaigh sé ag cur ceisteanna faoin Sféar Seoda, ach ar an ábhar sin ní raibh focal le cloisteáil ó éinne.

* * *

I lár na hoíche a tharla sé. Ní raibh éinne thart ach na dúnmharfóirí agus na gadaithe, agus, ar ndóigh, na sagairt ag an Sféar. Bhí na tine lasta go hard chun fáil réidh leis an dorchadas agus bhí na sagairt bailithe timpeall chun breathnú ar an Sféar agus chun paidir a rá sular thug siad an chéad duine eile don Sféar nuair a tharla sé. Thosaigh an Sféar ag oscailt.

Ní raibh an ceann seo leath chomh ciúin ná leath chomh sciobtha agus a bhí an ceann sa bhfásach fuar. D’oscail sé le torann aisteach, miotal in aghaidh miotail agus bhreathnaigh na sagairt air.

“Teachtaireacht ó na déithe,” a scread ceann acu.

“Nó ó na diabhair,” a dúirt an t-ardsagart. “Ná déan dearmad gurb é sin an doras go hifreann chomh maith leis na flaithis.”

D’oscail sé go hiomlán. Stop sé. Bhreathnaigh na sagairt isteach ach ní raibh siad in ann ach dorchadas a fheiceáil. Ansin tháinig Laochra amach chuig an doras. Fear ard trom. Breathnaigh siad air.

“Níl aon fionnadh air,” a scread ceann acu. “Is ón diabhair é.”

Léim siad ina seasamh agus fuair siad a bhoghanna a bhí taobh istigh den teampaill. Chas Laochra i ciorcal.

“Cén sórt áit é seo?” a d’iarr sé.

Bhreathnaigh sé ar na sagairt. Scaoil ceann acu saighead. Bhuail sé sa gcos é. Thit sé ar feadh nóiméad ach nuair a tháinig sé ar ais ar a chosa bhí fearg uafásach nochta ar a éadan. Thóg sé a mhaide ina láimh agus léim solas óna bharr. Bhuail sé an

sagairt a chaith an saighead agus chuaigh sé díreach trína chloigeann. Sular thit sé bhuail sé sagairt eile, ach bhí leathchéad saighead in airde faoin am seo. Thriail an fear mór iad a dhó lena arm aisteach, ach bhuail ceann eile sa láimh é. “Arrghh”, a scread sé leis an pian, agus tháinig Andine amach chun cabhrú leis.

Bhí ceann eile de na hairm aici agus scaoil sí leis na sagairt. Thit triúir sula raibh siad in ann aon saighead a scaoileadh, agus dhóigh an beirt an chuid ba mhó de na saigheada a tháinig chucu. Ach chonaic Laochra nach raibh siad in ann buachaint anseo, mar bhí níos mó sagart ag teacht an t-am ar fad, agus dúirt sé le hAndine rith. Ach d’fhán sise chun cabhrú leis éirí ina sheasamh sular rith sí chuig an Sféar. Bhuail saighead sa droim í agus gan í ach coiscéim uaidh. Léim Laochra ina sheasamh agus rith sé chun cabhrú léi, beag beann ar na saigheada a bhí ina chorp. Ach bhuail saigheada eile sa droim é agus thit sé in aice le hAndine. Chuala sé na sagairt ag teacht, agus chaith sé an dá ghunna isteach sa Sféar. Chas sé an eochair a bhí ar a bheilt agus ansin chaith sé an eochair isteach in aice leis na gunnaí. Thosaigh an Sféar ag dúnadh.

Rith na sagairt ina threo.

“Isteach libh,” a scread ceann, agus léim sé suas chuig an Sféar. Ach bhí sé ag dúnadh i bhfad níos sciobtha ná mar a d’oscail sé agus ní raibh ach triúr sagart in ann dul tríd sular dhún sé ar fad. Sheas na sagairt eile timpeall ar an mbeirt.

“Ní mharóidh muid sibh go dtí go n-inseoidh sibh dúinn cén chaoi a n-osclaíonn an doras,” a scread siad.

Ba é an rud deireadh a chuala sé agus é ag thitim isteach sa dorchadas ná: “Tóg chuig an bpríosúin iad, agus maraigh gach duine eile atá istigh ann.”

Chaith an bheirt shealadóirí leathbhliain ag trasnú na tíre. Chuaigh siad tríd na mílte baile ina gcuid taistil, ach ní raibh áit ar bith eile ar an domhan ar nós Saphirla. I chuile bhaile, beag agus mór, chuir Séamas ceisteanna faoi na Sféir

Sheoda. Bhí siad ina líne dhíreach trasna na tíre agus bhí áiteanna nach raibh eolas ar bith faoi na rudaí aisteacha seo. Ach i chuile áit ina raibh aon eolas le fáil, dúirt siad go bhféadfaí tuilleadh eolais a fháil i Saphirla. Bhí sceitimíní ar Shéamas agus é ag teacht suas go dtí teorainn an bhaile.

“Freagraí ar mo cheisteanna faoi dheireadh” a dúirt sé arís agus arís le Liam. D’fhéach Liam air go bródúil. Sna sé mí a bhí caite acu bhí Séamas théis a fhionnadh deireadh a fháil, agus bhí sé éirithe an-trom agus matánach. Chomh maith leis sin bhí sé théis glacadh leis an gclaíomh agus leis na huirlisí troda eile go fonnmar. Bhí sé beagnach chomh maith le Liam anois leis an mbogha, agus i bhfad níos fearr leis an gclaíomh.

“Stop.” Tháinig an guth ard láidir ó charn carraigeacha a bhí in aice leis an mbóthar.

“Cén gnó atá agat i Saphirla?”

“Tá fionnadh le díol againn,” A d’fhreagair Liam. “Chomh maith leis sin

tá muid ag cuartú eolais.”

“Agus an féidir libh íoc as rudaí? Ní leor fionnadh a bheith agat!”

“An féidir linn ár gceisteoir a fheiceáil?”

Dúirt Liam é sin go chiúin, agus chuaigh a láimh go dtína bhogha. Tháinig beirt fhear amach ó chúl na gcarraigeacha. Bhí siad gléasta i dtreabhsair dhonna agus geansaithe dubha. Chomh luath agus a chonaic Liam iad thosaigh sé ag siúil ina dtreo, ag tógáil sparáin airgid, airgead ceart an uair seo, as a phóca.

“Cinnté is féidir linn an chathair a íoc,” a dúirt sé, ag chaitheamh an sparáin ar an talamh. Shiúil sé thar na saighdiúirí. Tharla an rud céanna ag an ngeata féin. Thug siad sparán eile do na saighdiúirí. Isteach leo sa chathair.

“Ná déan dearmad go ritheann gach rud ar airgead anseo,” a dúirt Liam le Séamas go ciúin agus iad ag dul isteach sa mbaile mór.

“Ná híoc ar aon rud más féidir leat gan íoc air. Ar aghaidh linn go dtí

na ceannaitheoirí fionnadh."

Shroich siad na ceannaitheoirí fionnadh théis leathuair siúil. Bhí fionnadh maithe acu, ach mar sin féin ní bhfuair siad mórán orthu. Chuaigh siad chun teach ósta a fháil.

"Tá an áit seo do-chreidte," a dúirt Séamas nuair a shroich siad an teach ósta. "Dubh, dubh, dubh!"

"Fán sa mbeár" a dúirt Liam leis nuair a bhí seomra faighte acu.

"Bheidh mé ar ais i ceann uaire nó mar sin."

D'imigh Liam lena ghnó a dhéanamh agus chuaigh Séamas isteach sa mbeár. D'ordaigh sé pionta agus shuí sé leis féin i gcúinne den bheár. D'fhán sé ansin ar feadh níos mo ná uair a choig ag fanacht le Liam. Tháinig beirt fhear chuig an mbord in aice leis agus théis timpeall chúig nóiméad d'éirigh argóint eatarthu. Ní raibh sé ag éisteacht leis go dtí gur chuala sé na focla "Sféir Sheoda". Chuir sé cluas air féin.

"Tháinig sé amach as an Sfear. Tá mé a rá leat. Is i lár na hoíche a tharla sé," a bhí fear amháin a rá.

"Ceapaim mé go raibh an iomarca de dhrugaí na hoíche tógtha agat", a d'fhreagair an dara fear.

"Ní raibh mé ar meisce! Bhí mé ar jab tábhachtach. Ceann deacair."

Chuir sé a cheann síos in aice leis an bhfear eile agus dúirt sé rud éigin go ciúin i gcogair.

"Anois tá a fhios agam gur ag bréagadóireacht atá tú", a dúirt an dara fear.

"Ní féidir le héinne an áit sin a ghoid agus ní thagann daoine amach as an Sfear Seoda."

"Ó, bréagadóir mise an ea?" a scread an chéad fhear.

D'éirigh Séamas ina sheasamh agus shiúil sé go sciobtha i treo an doras. Bhí raic agus é ag fágáil agus breathnaigh sé i dtreo na beirte. Bhí sceana acu agus chuaigh ceann isteach fad a bhí sé ag breathnú orthu. Bhuaile an dara fear an chéad fhear san éadan lena láimh oscailte. Bhí an chuma ar an scéal go mbeadh troid cheart ann anocht.

* * *

Chuaigh sé ar ais go dtína sheomra go mall, ag smaoineamh ar gach a bhí cloiste aige. Ar an mbealach chonaic sé Liam ag teacht i treo an bheár. Shiúil sé chuige.

"Ná gabh isteach ansin. Tá troid ar siúl. Ar aon nós fuair mé amach gur tháinig beirt amach as an Sfear. Chaithfidh mé labhairt leo. Bhí an ceart ag na daoine sin; anseo atá an t-eolas."

"Tá a fhios agam. Gabh i leith."

Chuaigh siad isteach go dtína seomraí.

"Tá an beirt a tháinig amach as an Sfear i bpríosúin na n-olcshagart. Chaithfidh muid iad a shábháil. Tá an príosúin seo ar an taobh thiar den bhaile. Tá dhá bealach isteach, trí thollán agus trí gheata. Tosaíonn an tollán i teampall na sagart, agus bheidh muid ag dul isteach tríd an tollán sin. Tá ceathrar gardaí ar gach taobh den geata. Beidh orainn dul amach an taobh sin. Teann ort."

"Ach, a Liam, cén fáth? Níl muid ag fágáil éinne do na holcshagairt."

Stop Liam agus breathnaigh sé ar Shéamas go brónach feargach.

"Mharaigh siad mo dheirfiúr fiche bhliain ó shin. Seo é mo sheans an bás sin a aisíoc leo."

D'imigh siad i treo an teampaill.

Ag an nóiméid céanna agus a bhí an troid ag tosú sa teach ósta bhí an t-ardsagart ag oscailt an tolláin síos go dtí an príosún. Shiúil sé féin agus sagart eile a bhí i gceannas ar na príosúnaigh, duine darbh ainm Triagasclo, nó Tria, síos an tollán i dtreo an phríosúin. Bhí sé timpeall leathmhíle ar leithead. Agus iad ag siúl, d'iarr an t-ardsagart ar Thria an raibh athrú ar bith i cás na beirte.

"Is baolach nach bhfuil", a dúirt sé. "Níl focal a thuigeann muid ó cheachtar acu."

"Agus an bhfuil an t-aistritheoir tagtha ón bhfásach fuar?"

"Amárach."

Shiúil an bheirt síos an chuid eile den tollán gan focal astu. Nuair a shroich siad an príosún bhreathnaigh an t-ardsagart timpeall. I bpluais mhór a bhí an príosún. Ar thaobhanna na pluaise bhí cásanna

beaga, agus cás mór sa lár. Bhí tollán eile ar an taobh eile den phluis. Ní raibh ach ceathrar sa príosún, iad uilig i cásanna beaga, agus bhí beirt díobh sin gan fionnadh.

"Tóg an bheirt eile," a dúirt an t-ardsagart.

D'oscail Tria ceann do na cásanna agus thóg sé amach an bhean óg a bhí istigh ann. D'imigh siad suas an tollán. Théis uaire nó mar sin tháinig sé ar ais agus thóg sé an fear. Shroich Liam agus Séamas an teampall nuair a bhí Tria agus an t-ardsagart ag fágáil an tolláin. Gan stopadh mharaigh siad an bheirt agus rith siad síos an tollán. Bhreathnaigh an príosúnach ar an dá chorp, ansin ar an doras. Rith sé amach as an áit chomh sciobtha agus ab fhéidir leis. Bhí a fhios aige go mharódh na sagairt é.

Sa tollán, tháinig Séamas agus Liam chomh fada leis an bpluais. Chonaic

siad an bheirt gan fionnadh. Chas Séamas timpeall.

"Ón diabhal iad seo," a scread sé, ag caint ina theanga dúchasach leis an scanradh agus leis an bhfaitíos a bhí air. Nuair a chuala an bheirt é seo sheas siad suas.

"Ní hea," a dúirt an bhean leo.

"Ach ní fhreagróidh muid aon cheisteanna duit!"

"Tontach," a dúirt Liam. "Tá muid in ann labhairt leo. Agus ní ón diabhal iad. Ón Sfear."

Chas sé chuig na Sfearóirí.

"Seo an plean. Chaithfidh muid dul tríd an ngeata mar beidh a fhios ag na sagairt

faoin am seo gur bhris muid isteach. Ach tá siúl agam nach mbeidh a fhios ag na gardaí é sin."

Fad agus a bhí sé ag caint d'oscail sé an dá chás.

"Fán taobh thiar dúinn agus cuirfidh muide anuas na gardaí le saigheada."

Rith sé suas an tollán eile. Lean Séamas é, agus théis soicind, lean an bheirt eile iad. Ní raibh fadhb ar bith acu leis an ochtar gardaí, ach tháinig an t-arm amach ina ndiaidh agus iad ag fágáil na cathrach. Rith an

ceathrar acu chomh sciobtha agus ab fhéidir leo, ach bhí an t-arm ag teacht níos gaire gach nóiméid. Ar deireadh chas Liam timpeall.

"Rith," a dúirt sé leis an triúir eile. "Déanfaidh mise am díbh anseo."

Stop Séamas chomh maith.

"Ní féidir leat iad a throid leat féin. Fanfaidh mé in éineacht leat."

Chas Laochra ina dtreo.

"Ní féidir leat. Teastaíonn duine a bhfuil eolas an cheantair aige chun Andine a cosaint. Ach tá an ceart agat. Ní féidir leis fanacht leis féin. Rith! "

Bhreathnaigh Séamas ar an mbeirt acu. "Ní féidir liom sibh a fhágáil!"

"Chaithfidh tú!" a dúirt siad ar nós duine amháin. "Rith!"

Líon súile Séamas suas le deora. Thóg sé láimh an chailín.

"Go sciobtha anois!", a dúirt sé léi.

Rith siad, agus rith siad. Rith siad an lá ar fad, agus chuaigh siad thar an teorainn. Bhí siad slán. Bhí an t-arm fós leathlá taobh thiar dóibh mar gheall ar bhás na beirte laoch. Rinne siad campa an oíche sin i poll mór sa talamh a bhí timpeall míle ar leithead. Níor dúirt siad focal an oíche ar fad, agus níor dhún ceachtar acu a súile ach an oiread.

Thosaigh siad ag caint ag breacadh an lae, agus choinnigh siad ar ag caint an lá ar fad. An oíche sin bhí siad in ann codladh a bhaint amach.

Chaith siad trí seachtainí ag dul chomh fada leis an gcéad Sfear eile. Níor chas siad ar éinne, rud maith, mar nach raibh fionnadh ar bith ag Andine. Chaith siad an chuid ba mhó de na trí seachtainí sin ag caint. D'inis Séamas di faoi Liam, a chineáltacht, an chaoi ar fhoghlaím sé gach rud uaidh. Rinne sise an rud céanna, ag caint faoi Laochra.

Shroich siad an Sfear le titim na hoíche. Bhí sé i láir coille móire, agus nuair a chas Andine rud a bhí ar a bróg, d'oscail an Sfear.

"Is dócha go bhfuil orainn slán a rá anois", a dúirt sí go brónach.

"Is dócha."

Bhreathnaigh siad ar a chéile. Stop siad. Bhreathnaigh siad ar ais ar a chéile. Bhreathnaigh siad ar an oscailt.

"An t-am ar fad a bhí muid ag caint níor chuir mé aon cheist ort faoi na Sfear", a dúirt Séamas agus iontas ina guth.

Chas Andine chuige.

"Céard atá tú ag iarraidh a fhoghlaím?"

"Gach rud!"

"Bhuel, sa gcás sin foghlaim é. Tar liom. Fág an áit seo. Céard atá ann duit?"

"Tada, is dócha, ach é a fhágáil.. "

Bhreathnaigh sé uirthi. "Ach é a fhágáil.. "

"Beidh saol iontach agat. ..Tar liom!"

Chas sé thart agus bhreathnaigh sé ar an tír. Ansin breathnaigh sé ar an Sfear.

"Chomh fada agus gur féidir liom a theacht ar ais anseo?"

"Is féidir, cinnte."

Thóg sí a láimh agus shiúil siad isteach sa Sfear. Dhún sé taobh thiar dóibh...

*Diarmaid de Búrca,
Scoil Chuimsitheach Chiaráin,
An Cheathrú Rua
1ú áit Prós 16-18*

(Leagan eagraithe)

Go Maire Sibh Bhur Nuaíocht

Peter McDonagh & Jacqueline Ní Choisdealbha
26/08/05

James Flaherty & Mairéad Filimíne Nic Dhonnchadha
01/10/05

Clifford Barron & Linda Ní Fhinneadh
12/05/06

James Anthony Norman & Sinéad Ní Neachtain
20/05/06

Barra Ó Cualáin & Marie Wilkins
27/05/06

Iam Edward McDonnell & Sorcha Áine Ní Fhatharta
03/06/06

Paul Flynn & Róise Áine Ní Fhatharta
06/06/06

Fáilte Isteach

Daithí Pól Ó Máille,
Cor na Rón
17/06/05

Seághan Gearóid Ó Braonáin,
Teach Mór
17/06/05

Damhnaid Áine Ní Fhátharta,
Aille
30/08/05

Caoimhe Treasa Ní Chualáin,
Teach Mór
20/09/05

Gearóid Micheál Burke,
Saile Chuana
05/10/05

Aoibhe Renate Ní Chonchubhair,
Both Loiscthe
12/10/05

Labhaois Mairéad Muire Ní
Bhéarra, Both Loiscthe
30/09/05

Chloe Ann Joyce, Coill Rua
03/12/05

Cainnear Nic Réamoinn,
Indreabhán
04/08/03

Oscar Mac Réamoinn, Indreabhán
21/12/05

Fionnghuala Ní Chualáin, Aille
08/02/98

Shane Antaine Ó Maoláin,
Cor na Rón
17/02/06

Ailbh Máire Nee, Coill Rua
10/12/05

Feidhlim Ruaidí Ó Diollúin,
Púirín
24/01/06

Caitríona Síghle Ní Mhathúna,
Aille
30/11/2005

Páraig Seosamh Ó Gionnáin,
Cor na Rón
08/07/2006

Fionnán Ó Coisdealbha,
Baile na mBrobhach
06/07/2006

Cormac Daniel Ó Céide,
Teach Mór
20/07/2006

Aodhán Gearóid Ó Coisdealbha,
Baile na mBrobhach
21/07/2006

Slán Abhaile

27/10/05
Paddy Mheait Mac an Iomaire,
Cor na Rón

19/12/05
Micheál Jimmy Ó Cearra,
Lochán Beag

30/12/05
Steve Ainde Breathnach,
Cor na Rón

06/01/06
Nóra Uí Churraoin,
Both Chuana

20/02/06
Ruairí Ó Tuathail, Lochán Beag

09/03/06
Tomás Ó Cadhain,
Teach Mór

18/03/06
Tim Mhaitiú Ó Curraoin,
Saile Chuana

26/03/06
Bernadette Uí Thuairisg,
Lochán Beag

26/04/06
Máirín Worgan,
Baile na hAbhann

26/04/06
Rita Chóilí Óg Fisher,
Teach Mór

27/04/06
Beirtí Ó Curraoin,
Cnocán Glas

20/05/06
Tom Moore, Cor na Rón

27/05/06
Bridie Mhaitiú Uí Fhátharta,
Cloch Mór

04/06/06
Tomás Ó Curraoin,
Seana Mhóinín

06/06/06
Mary Tom Pheadair Uí Bhraonáin,
Cor na Rón

25/06/06
Peigí Fortune Clancy,
Baile Átha Cliath

02/07/06
Pat Mac an Iomaire,
Doire Choill

26/07/2006
Éamann Goggin, Both Chuana

26/08/2006
Bairbre Bollestrom,
Baile na hAbhann



Ruairí Ó Tuathail as an Lochán
Beag a bhásaigh i rith na bliana seo.